# Treoirleabhar an Aontas Eorpaigh i ndea-chleachtais shláinteachais bia i dtairgeadh Cáis Ceirde & Táirgí Déiríochta

Dírithe ar:

**Táirgeoirí Teach Feirme & Ceardaithe**

- **Nasc Eorpach**
- **Táirgeoirí teach feirme**
- **Ceardaíthe cáise & déiríochta**

Farmhouse and
Artisan
Cheese & Dairy Producers
European Network

# Réamhrá
# *Creat*

Ta sé mar aidhm ag an nasc Eorpach do chumann tháirgeoirí teach feirme agus ceardaithe cáise agus déiríochta **FACEnetwork**, ionadaíocht agus leasanna táirgeoirí teach feirme agus ceardaithe cáise agus déiríochta a chosaint ar leibhéal Eorpach.
Roghnaíodh FACEnetwork chun an cáipéis seo a ullmhú, faoi chuimsiú thionscadal ar leith, le tacaíocht airgeadais ón gCoimisiún Eorpach, tríd an conradh tagartha: SANCO / 2015 / G4 / SI2.701585, a síníodh an 12 Márta 2015.
Iarrtar sa chonradh seo treoirleabhair atá fhormhuinithe ag an bpobal, i ndea-chleachtais shláinteachais a fhorbairt, ar mhaithe le tithe feirme, tithe cáise agus déirithe ceirde.
Is é an bunús dlí a úsáidtear ná an **t-alt 9 de Rialachán (CE) Uimh 852/2004 maidir le sláinteachais bianna**, ag súil gur chóir do "*Treoracha Chomhphobail i ndea-chleachtais shláinteachais agus Pleananna AGPRC (…) , cabhrú le h-oibreoirí gnóthaí bia dea-chleachtais shláinteachais, chomh maith le nósanna buan AGPRC-bunaithe, a chur i bhfeidhm. Ba chóir iad a bheith dréachtaithe ag táirgeoirí san earnáil cuí agus measúnú agus formhuiniú déanta ag na húdaráis phoiblí ar leibhéal na hEorpa, faoi mhaoirseacht an Choimisiúin Eorpaigh."*

Sa chomhthéacs seo, scríobh FACEnetwork an treoirleabhair idir Márta 2015 agus Márta 2016. Tar éis tréimhse measúnaithe, comhordaithe ag DG SANTE laistigh de Bhallstáit an AE. Thug Ballstáit formhuiniú oifigiúil don treoirleabhair ag cruinniú den Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha a tionóladh an 13 Nollaig 2016.

**Foireann Oibre**

Thíos luaite tá ainmneacha, eagraíochtaí agus tíortha na foirne a chuir an treoirleabhair seo le chéile:
Scríobh 5 saineolaithe teicniúil ón earnáil an doiciméid:

- Marc Albrecht-Seidel / VHM - Verband für handwerkliche Milchverarbeitung im ökologischen Landbau e.V, An Ghearmáin
- Remedios Carrasco / QueRed - Red Española de Queserias de Campo y Artesanas, An Spáinn
- Cécile Laithier / Idele – Institut de l'Elevage, An Fhrainc
- Miroslaw Sienkiewicz / Agrovis & Stowarzyszenia serowarow rodzinnych, An Pholainn
- Paul Thomas / SCA - Specialist Cheesemakers Association, An Ríocht Aontaithe.

D'oibrigh 4 tháirgeoir agus cigire tréidliachta áitiúil as lámh na saineolaithe teicniúla:

- Frédéric Blanchard / FNEC – Fédération Nationale des Eleveurs de Chèvres, An Fhrainc
- Kerstin Jurss / Sveriges gardsmejerister, An tSualainn
- Jane Murphy / CAIS - Irish Farmhouse Cheesemakers Association, Éire
- Angel Nepomuceno / QueRed - Red Española de Queserias de Campo y Artesanas, An Spáinn
- Irene Van de Voort / BBZ - Bond van Boerderij-Zuivelbereiders, An Ísiltír

D'oibrigh 11 eile, idir teicneoirí agus tairgeoirí ar an dréacht doiciméid i rith an próisis iomlán, ag cur le ceartúcháin agus cruinneas an t-eolas maidir le táirgí agus cleachtais.

- Brigitte Cordier / MRE - Maison Régionale de l'Elevage, An Fhrainc
- Sophie Espinosa / FNEC - Fédération Nationale des Eleveurs de Chèvres, An Fhrainc
- Maria Jesus Jimenez / QueRed - Red Española de Queserias de Campo y Artesanas, An Spáinn
- George Keen / SCA - Specialist Cheesemakers Association, An Ríocht Aontaithe
- Marc Lesty / FNEC - Fédération Nationale des Eleveurs de An Ríocht Aontaithe
- Bertram Stecher / Sennereiverband Südtirol, An Iodáil

- Katia Stradiotto / ARAL - Associazione Regionale Allevatori della Lombardia, An Iodáil
- Guido Tallone / Casare Casari - Associazione delle Casare e dei Casari di Azienda Agricola, An Iodáil
- Angel Valeriano / QueRed - Red Española de Queserias de Campo y Artesanas, An Spáinn
- Erkki Vasara & Risto Siren / Suomen Pienjuustolayhdistys ry, An Fhionlainn

Có-Runaí FACEnetwork Yolande Moulem, a rinne an comhordú ginearálta maidir leis an treoirleabhair.

**Rannpháirtíocht na geallsealbhóirí**

Le linn ullmhú an doiciméid seo, bhí na struchtúir aitheanta mar gheallsealbhóirí i dtíortha éagsúla na hEorpa agus ar leibhéal Eorpach chomh maith, curtha ar an eolas agus/nó chuathas i gcomhairle leo. Tá thart ar 400 geallsealbhóirí aitheanta í measc na heagraíochtaí ionadaíochta seo a leanas:

**Eagraíochtaí;**

- Cumainn táirgeoirí,
- Déirithe beaga,
- Comhlachais tomhaltóirí,
- Údaráis inniúla,
- Ionaid teicniúla.

Tá an t-eolas ón 400 geallsealbhóir eagraithe i 2 chéim:

- 1. Seoladh an chéad litir eolais i mí an Mheithimh 2015.
- 2. Seoladh an dara litir eolais agus fuair roinnt geallsealbhóir Eorpacha ábhartha cóip iomlán don dréacht treoirleabhar i mí Aibreáin 2016.

## Clár

**Alt I – Aidhm agus Cuspóir an treoirleabhair** **5**

**Alt II – Deá Chleachtas Sláinteachais DCS**

- DCS foirne: sláinteachas ginearálta, oiliúint agus sláinte **11**
- DCS áitreabh agus trealaimh **13**
- DCS glanadh **17**
- DCS díghalrú **21**
- DCS rialaithe lotnaidí **22**
- DCS cáilíocht Uisce **23**

**Alt III – Deá Chleachtas Monaraíochta (DCM)**

- DCM cultúir **25**
- DCM téachtaí: táirgeadh, stóráil & úsáid **27**
- DCM breiseáin do bhainne agus gruth **30**
- DCM sailleadh **32**
- DCM stóráil agus iompar táirgí **33**
- DCM díolachán díreach **35**

**Alt IV – Anailís Riosca do Tháirgeadh Phríomhúil**

- Táirgeadh bainne agus stóráil ar an bhfeirm **37**

**Alt V – Pleananna bunaithe ar phrionsabail anailíse ar ghuaiseacha agus ar phointí rialúcháin criticiúla AGPRC**

- Plean bailiúcháin, stóráil agus cóireáil bainne sa déirí AGPRC-bunaithe **48**
- Plean cáiseanna téachta lachtach AGPRC-bunaithe **52**
- Plean cáiseanna einsímeach agus téachta measctha AGPRC-bunaithe **57**
- Plean cáiseanna agus táirgí déiríochta a dhéantar tríd galú agus deascáin AGPRC-bunaithe **65**
- Plean bainne paistéartha mar bhia AGPRC-bunaithe **68**
- Plean bainne amh mar bhia AGPRC-bhunaithe **70**
- Plean im agus uachtar AGPRC-bhunaithe **72**
- Plean táirgí bainne coipthe AGPRC-bhunaithe **75**
- Plean táirgí bainne neamh-coipthe AGPRC-bunaithe **77**

**Alt VI - INRIANAITHEACHT** **79**

**Alt VII – FÉIN MONATÓIREACHT** **80**

**Alt VIII – Bainistíocht NEAMH-COMHRÉIREACT**

- Achoimre ar Rialachán (CE) 2073/2005 infheidhme maidir le táirgí déiríochta a chumhdaítear leis an treoir seo **83**
- Bainistíocht neamh-comhréireacht **86**
- Aistarraing, tarraingt siar **88**

**AGUISÍN I- Anailís GUAISE DO THÁIRGÍ BHAINNE** **89**
**AGUISÍN II- GLUAIS** **98**

## Cén cineál treoir é seo?

Is uirlis dheonach é an treoirleabhair atá dírithe ar shonraí na cleachtais a bhaineann le earnáil an teach feirme agus cáis ceirde agus táirgeadh déiríochta.
Tá sonraí na ndeá-chleachtais shláinteachais clúdaithe sa treoirleabhair mar mholtaí praiticiúla agus coisctheacha, chun cuidiú le táirgeoirí a bheith muiníneach go bhfuil a gcuid táirgí sábhálite. Comhlíonann na sonraíochtaí seo na ceanglais sláinteachais ghinearálta (Rialachán (CE) Uimh 852/2004), chomh maith leis na coinníollacha a bhaineann le táirgeadh bainne (alt IX d'iarscríbhinn III de Rialachán (CE) Uimh 853/2004).
Feidhmíonn an treoirleabhar de réir prionsabail HACCP le aidhm agus modh shonrach, cuireann sé anailís iomlán na guaiseacha a bhaineann leis an earnáil i láthair.
Chomh maith le sin, tá buntáistí ó thaithí tíortha éagsúla san AE ag cur leis an treoirleabhair le samplaí maoluithe do ghnóthaí beaga agus / nó d'oibreoirí a bhaineann úsáid as modhanna traidisiúnta.

## Do ché a bhfuil an treoirleabhar seo deartha?

Tá an treoirleabhair deonach seo dírithe ar próiseálaithe teach feirme agus ceardaithe déiríochta.

Go ginearálta, seo iad rannpháirtithe na hearnála:

- **Táirgeoir déiríochta agus cáiseanna "teach feirme",** a dhéanann mórchuid den phróiseáil ar bhainne a thagann óna beostoic féin.
- "**Ceardaithe" cáiseanna agus táirgeoirí déiríochta** a bhailíonn bainne ó tháirgeoirí áitiúla agus a dhéanann próiseáil air ag úsáid modhanna traidisiúnta agus trealamh ar scála íseal.

Dá bhrí sin, in san earnáil seo bíonn chuile oibreoir gnó bia ag plé le dó no trí gníomhaíochtaí ag an am chéanna.

1. **(go minic) feirmeoir / tairgeoir bainne** (lena mbaineann fortheach III de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus fortheach I de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004) - (táirgeadh príomhúil)
2. **(i gcónaí) próiseálaí atá ag déanamh athrú ar bhainne go dtí táirge atá réidh le n-ithe ag an tomhaltóir.** (lena mbaineann Iarscríbhinn II de Rialachán (CE) 852/2004 agus trí fortheach III de Rialachán (CE) Uimh 853/2004) - (níos faide ná táirgeadh phríomhúil) "
3. **(go minic) díoltóir a dhíolann cuid nó iomlán dá tháirgeadh féin go tomhaltóir dheiridh nó miondíoltóir** (lena mbaineann fortheach 11 de Rialachán (CE) Uimh 852/2004) –(thar táirgeadh phríomhúil)

As seo amach, úsáidfear an focal **"Táirgeoir"** sa treoirleabhair in áit "oibreoir gnó bia" mar go coitianta, is é a úsáidtear san earnáil chun an réimse leathan in a bhfuil na hoibreoirí ag feidhmiú a chlúdú., (feirmeoir, próiseálaí, díoltóir)

Maidir le modhanna táirgthe, is féidir leis an bainne a thagann ó bha, caorach, gabhar, buabhall nó ainmhí clóis dlúth chrúbach, a bheith coipthe nó neamh-choipthe.
Go hiondúil san earnáil seo, déantar próiseáil ar an bhainne ar an bhfeirm as a thagann sé nó ar suíomh cóngarach, cleachtas a chuireann leis an ard-chaighdeán shláinteachais atá riachtanach i bpróiseáil traidisiúnta agus chun dlúthcheangal idir an táirgeoir bainne agus an oibreoir déiríochta a chothú, (má tá said scoite).
Go hiondúil, is fearr le táirgeoir teach feirme agus ceirde a gcuid táirgí a thabhairt díreach chun an margadh nó thrí slabhra gearr, ach baineann said úsáid freisin as bealaigh indíreacha ("affineurs"- táirgeoirí a dhéanann aibeachan, mórdhíoltóirí nó ollmhargaí) ag brath ar éileamh na dtomhaltóirí

Ag glacadh le saintréithe na hearnála, tá sé mar aidhm ag an treoirleabhar moltaí ar mhaithe le sláinteachais ag baint le obair an táirgeoir, suas go dtí an t-am a fhágann na táirigí an láithreáin

táirgthe cáise, a chlúdú. Clúdaíonn sé táirgeadh bainne, próiseáil bainne agus an díolacháin bhainne a dhéanann an táirgeoir féin.
Taobh amuigh de na táirgeoir ar a bhfuil an doiciméid seo dírithe, beidh sé úsáideach freisin do na geallsealbhóirí se a leanas:

- **Saineolaithe teicniúil** na hearnála atá i dteagmháil le na táirgeoirí go rialta agus dá bhrí sin atá suite go maith eolas an treoirleabhair a scaipeadh agus oiliúint cuí a chur ar fáil dóibh
- **Údaráis inniúla:** I gcomhréir le Rialachán (CE) 882/2004 (airteagal 10) nuair a bheadh an treoirleabhar seo formhuinithe ag Ballstáit an AE, d'fhéadfadh é a thógáil san áireamh le linn rialú oifigiúla. Tugann an treoir leabhar samplaí de maolaithe agus oiriúnaithe a bhaineann go sonrach leis an earnáil seo chomh maith.

## Céard atá sa treoirleabhar?

Déanann an treoirleabhar cur síos iomlán ar **Chóras Bainistíochta Shábháilteacht Bia (CBSB)** comhdhéanta de na 3 chuid seo a leanas:

1- **"Deá Chleachtais Sláinteachais" (DCS - alt II) agus "Dea Chleachtas Monaraíochta" (DCM - alt III).** Le linn tairgeadh cáise teach feirme agus ceirde chomh maith le táirgí eile déiríochta, ní mhór don bainistíocht i ndea-chleachtais a bheith ceart chun na guaiseacha iomchuí a rialú agus bunús a chur ar fáil do na pleananna atá AGPRC-bhunaithe. Is féidir le táirgeoir an treoirleabhar a úsáid chun a nós-imeachtaí féin a chur i bhfeidhm.

2- **Nós imeachta AGPRC-bhunaithe lena n-áirítear:**

**- "Anailís ghuaise"**, curtha i láthair in aguisín chun méid an eolais i 'treoir oibriú' an doiciméid a laghdú. Tá cur síos anseo ar phríomh ghuaiseacha ceimiceacha, fisiceacha agus micribhitheolaíochta a bhaineann le táirgí déiríochta, agus liostaí de ghuaiseacha níos ábhartha a dtagraítear dóibh in ailt eile sa doiciméid. sonraíonn an t-alt seo nádúr agus saintréithe gach guais agus comhairle chun iad a rialú.

**- "Pleananna AGPRC-bhunaithe" (alt V)** Ag chuile leibhéal den phróiseáil (táirgeadh bainne agus táirgí bainne) déantar anailís faoi leith atá curtha i láthair mar tábla, (féach thíos), ag sonrú:
- na guaiseacha gur cóir díriú ar
- na modhanna coisctheacha oiriúnaithe do na guaiseacha cuí. Ba cheart glacadh le cuid de na coisctheacha seo mar Réamhriachtanais Oibriúcháin, nuair atá ról lárnach aitheanta dóibh i mbainistiú guaise na céime atá faoi chaibidil. Tá na Réamhriachtanais Oibriúcháin le feiceáil sna príomh chéimeanna atá curtha in iúl sa treoirleabhar (féach thíos);
- an córas seiceála a léiríonn gur cuireadh an cosc i bhfeidhm
- na gníomhartha ceartaitheacha do na guaiseacha agus bearta atá luaite.

3- **Polasaithe bainistíochta eile lena n-áirítear:**

**"Anailís riosca ag leibhéal tairgeadh bainne (alt 1V),**
**"Inrianaitheacht" (alt V1),**
**"Pleananna Féin-Mhonatóireacht" (alt V11),**
**"Bainistíocht Neamh-chomhlíonadh" (alt V111)**

## Ag Díriú ar Phleananna AGPRC-bhunaithe

- ***Conas a úsáidtear iad?***

Ta chuile Phlean AGPRC-bhunaithe curtha i láthair ar “bileog” faoi leith go mbeidh sé éasca don té atá á úsáid na bileoga a bhaineann lena dtáirgí agus chleachtais féin a roghnú. Ta na bileoga curtha i láthair i bhformaid thábláach chaighdeánach atá éasca le léamh. Tá modh úsáide ceart luaite thíos:

| | Céimeanna den phróiseas chun monatóireacht | Cén fáth a bhfuil orainn a bheith cúramach? | Gníomhartha coisctheacha | Seiceáil/Monatóireacht | Gníomhartha ceartaitheacha |
|---|---|---|---|---|---|
| **Inneachar an colún** | Comhfhreagraíon n gach sraith sa cholún seo le gníomh nó céim den phróiseas<br><br>D’fhéadfadh roinnt sraitheanna a bheith roghnach agus d’fhéadfadh nach mbainfeadh cuid de na céimeanna le táirgí éagsúla | Tugann an colún seo eolas ar nádúr agus cúis na guaise ag chuile chéim.<br>(M: éilliú nó fás micribhitheolaíoch ta, C: ceimiceacha, F: fisiciúil). | Cuireann an colún seo gníomhaíochtaí i láthair chun cosc a chur ar an riosca a bhaineann le céim áirithe nó é a rialú.<br>Tá na gníomhaíochtaí bunaithe ar dhea-chleachtais sláinteachais nó comhairle theicniúil eile. | Léiríonn an colún seo na modhanna seiceáil chun cinntiú go ndearnadh na gníomhartha coisctheacha go héifeachtúil. I bhformhór na gcásanna, tá roghanna éagsúla molta.<br>Is féidir tomhais a úsáid nó modhanna eile bunaithe ar thaithí na táirgeora nó “cigireacht súl” nó “cigireacht orgánaileipteacha”, | Déanann an colún seo cur síos ar na gníomhartha iomchuí má theipeann ar na gníomhartha coisctheacha chun rudaí a chur ina gceart.<br><br>D’fhéadfadh na gníomhartha a bheith:<br>- déanta láithreach; gan aon srian ar an táirgeadh /nó<br>- Fadtéarmach; déanta roimh a thosaíonn táirgeadh an chéad bhaisc eile |
| **Conas úsáid a bhaint as an colún?** | Ní mhór don táirgeoir athbhreithniú a dhéanamh ag chuile chéim; **ag glacadh le na céimeanna feiliúnach dá gcleachtais féin amháin, ag fáil réidh leo siúd nach bhfeileann** | | Ní mhór don táirgeoir na gníomhartha coisctheacha a thógáil san áireamh | Nuair atá roinnt roghanna molta, **ní mhór don táirgeoir ceann amháin acu ar a laghad, a roghnú**<br><br>Ní mhór cloí leis na riachtanais dhlíthiúla a leagtar síos | Ní mhór don táirgeoir na gníomhartha ceartaitheacha a thógáil san áireamh |

**Achoimre: le linn úsáide na táblaí, tá sé de dhualgas ar an táirgeoir cloí leis na céimeanna atá feiliúnach agus na cleachtais agus seiceálacha cuí a bhaineann leo féin a dhéanamh.**

In ainneoin na hiarrachtaí a rinneadh leis an treoirleabhar a chur le chéile, d’fhéadfadh éagsúlachtaí réigiúnacha agus náisiúnta, chomh maith le táirgí nó cleachtais áirithe a bheith fágtha amach. Má chuireann an táirgeoir réiteach atá feiliúnach dá gcóras féin i bhfeidhm, ba cheart go mbeidís in ann iad a mhíniú agus a chosaint.

**In sna Pleananna AGPRC-bhunaithe, tá roinnt céimeanna aibhsithe, daite i liath mar go bhfuil said níos tábhachtaí i mbainistiú guaise. Laistigh de na “príomh-chéimeanna”, eolas a bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leis, tá sé scríofa i litreacha trom. Cé go bhfuil an comhairle tugtha in sna príomh-chéimeanna bunaithe ar thaithí saineolaithe na hearnála, cuimhnigh gur comhairle theicniúil é go bunúsach agus ní rialú daingean.**

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil coincheap na príomh-chéimeanna difriúil ó choincheap AGPRC na Pointí Rialaithe Criticiúla (PRC). Is pointe faoi leith, nós imeachta nó céim sa bpróiseas táirgeadh bhia é PRC ar féidir rialú ar ghuaiseacha shábháilteachta bia a chosc, a dhíbirt nó a laghdú. Mura comhlíontar é, d’fhéadfadh PRC stop a chur leis an bpróiseas nó an bhaisc a scrios. Nuair atá PRC aitheanta, ní mhór monatóireacht a dhéanamh agus tuairiscigh a choinneáil ar chuile bhaisc.

De réir threoirlínte DG SANTE: "*treoir dhoiciméad ar chur chun feidhme na gcórais bhainistíochta shábháilteachta bia a chlúdaíonn cláir réamhriachtanais (CR) agus nósanna imeachta AGPRC-bhunaithe, lena n-áirítear éascú/solúbthacht leis an cur i bhfeidhm i ngnóthaí áirithe*" tá ár gcóras bunaithe ar chur chun feidhme deá chleachtais sláinteachais agus táirgeadh chomh maith le gníomhartha coisctheacha agus ceartaitheacha ar mhaithe le guaiseacha faoi leith aitheanta ag céimeanna áirithe.
Dá bhrí sin, cé go bhfuil sé bunaithe ar bhunphrionsabail AGPRC, níl gá aitheantas a thabhairt do na PRC a bhaineann le bainne amh i dtáirgí déiríochta.

### *Tuairiscigh*

Maidir le déirithe teach feirme agus cáis ceirde, nuair nach bhfuil ach duine nó cúpla duine i bhfeighil ar na próiseas uile, d'fheadfadh sé gur leor tuairiscigh a choinneáil ar na neamh comhréireacha amháin, agus ar na gníomhartha ceartaitheacha a glacadh.
Nuair atá gnóthaí táirgthe bia níos mó, agus go leor oibreoirí i gceist, caithfear tuairiscigh cruinn a choinneáil chun dea cleachtais i mbainistíocht shábháilteacht bia a chinntiú.

Má aithnítear aon neamh chomhréireacha le linn seiceálacha rialta na próiseála (mar shampla; teocht; pH; nós imeachta glanadh; caighdeán orgánáileipteacha…) ní gá tuairisc a scríobh mura bhfuil torthaí neamhghnácha i gceist in éineacht lena gníomhartha ceartaitheacha a glacadh. Mar sin féin, caithfear na dtástálacha fiosrúcháin atá ann chun éifeachtach pleananna AGPRC-bhunaithe a sheiceáil, (ar nós torthaí anailís mhicróbacha), a choinneáil i ngach cás. Is "sonraí stairiúla" iad seo a léiríonn bainistíocht éifeachtach sábháilteacht bia agus a thaispeánann aon treochtaí atá ag teacht aníos.
Níl an treoirleabhair seo ag moladh aon samhlacha no teimpléid chun tuairiscigh a choinneáil. Ba cheart don táirgeoir córas a fheileann dá ghnó féin a úsáid, ceann níos simplí a chomhlíonann na riachtanais, mar shampla.

### *Fíorú ar éifeachtacht an Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta Bhia (CBSB)*

Tugann nósanna imeachta féin-mhonatóireacht – bunaithe ar anailís mhicrobitheolaíochta agus seiceálacha eile (ar nós pH, blas, blastanas…) deis don táirgeoir éifeachtach ghinearálta an phlean réitithe de réir an treoirleabhar a chinntiú. Tugtar samplaí san alt "Pleananna Féin-Mhonatóireacht"

Má aithnítear fadhbanna shláintíochta i rith an phróiseas nó i dtáirgí ag a dheiridh, ní mhór nuashonrú a dhéanamh ar an bplean. Le linn forbairt an phróiseas táirgthe, caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean agus é a thabhairt suas go dáta nuair is gá.

### Céard iad na guaiseacha atá san áireamh?

In AGUISÍN 1. den treoirleabhair, tá an anailís guaise a rinne an fhoireann a scríobh an treoirleabhair le fáil agus ar a bhfuil an doiciméid bunaithe. Tá an anailís bunaithe ar thaithí na dtairgeoirí, na teicneolaithe agus na saineolaithe a chur le chéile, agus i bhfeidhm, an treoirleabhair a tháinig roimhe seo (ag leibhéal náisiúnta). As seo, cuirtear aithne ar roinnt mhaith guaiseacha suntasacha, ar a ndéantar measúnú de réir uileláithreacht na guaise nó déine a héifeachtachta, tá liosta ar leathanach 97

## Critéir "solúbthacht" sa treoirleabhair

In imthosca áirithe, tugann solúbthacht deis díolmhú/maolú nó oiriúnú a dhéanamh ar cuid den ábhar sa phacáiste shláinteachais, go mór mhór maidir le foirgnimh, leagan amach, trealamh agus cleachtais oibríochta.
Tá deis ag na Ballstáit ceadúnas a thabhairt do oibreoirí ghnóthaí bia gan cloí le riachtanais áirithe den Phacáiste Shláinteachais. Is féidir maolaithe faoi leith a thabhairt i gcás bianna le tréithe traidisiúnta. Ta sé suimiúil go n-aithnítear, i roinnt tíortha, táirgí teach feirme agus déiríocht ceirde mar bhia le tréithe traidisiúnta ó chuile ghnó atá ag táirgeadh bia,
Chomh maith le sin, i gcásanna áirithe is féidir lena Ballstáit oiriúnú ar riachtanais atá leagtha síos in Iarscríbhinní an Pacáiste Shláinteachais a dhéanamh chun modhanna táirgthe traidisiúnta a choinneáil ag imeacht, nó chun freastal ar gnóthaí bia atá lonnaithe i réigiúin a bhfuil srianta geografach faoi leith ag baint leo.

**Cuirtear béim ar eisiachtaí agus oiriúnuithe sa treoirleabhar;** Tugann sé samplaí de na bealaí gur féidir iad a chur i bhfeidhm i dteach feirme agus i déirithe ceirde, ach ní mhór do na táirgeoirí fios a bheith acu an bhfuil said ceadaithe de réir rialacha náisiúnta. Mura bhfuil, is féidir leo cead a iarradh ar bhonn aonair nó i ngrúpaí, ó na húdarás cuí.

Caithfidh an oibreoir gnó bia a intinn féin a dhéanamh suas maidir lena téarmaí sna iarscríbhinní ar nós "nuair is gá", "ma tá sé feiliúnach", "leordhóthain", srl. Sa chás seo, ní gá cead solúbthacht a iarradh ar na húdaráis náisiúnta; ní leor na riachtanais a thuiscint i gceart.
Tá sé seo an-tábhachtach do tháirgeoirí ceirde mar, go ginearálta, níl an tuiscint céanna ar a gcuid cleachtais agus atá i dtionscail coitianta, uaireanta cuireann an téarmaíocht seo bac ar a gcuid chleachtais. Tá sé i gceist ag an treoirleabhair táirgeoirí a chur ar an eolas faoi seo, sa chaibidil "Áitreabh agus Trealamh" ach go háirithe.

## Achoimre- úsáid an Treoirleabhar

1. **Léigh na Dea Chleachtas Shláinteachais agus na Dea Chleachtas Monaraíochta uile (DCS – alt II and DCM – alt III)**

   Seo moltaí do na deá chleachtais agus nósanna imeachta is deise gur féidir a ghlacadh. Tá sábháilteacht táirgeadh bia bunaithe ar phrionsabail DCS agus DCM. Ní mhór don táirgeoir na moltaí atá feiliúnach do tháirgí a ndéirí féin a roghnú.

.

2. **Ronnaigh ó <u>Anailís Riosca</u> "táirgeadh agus stóráil bainne ar an bhfeirm" nó <u>Plean AGPRC-bhunaithe</u> "bailiúcháin bainne, stóráil agus cóireáil sa déirí" chun na moltaí maidir le bainne mar amhábhar a fháil.**

   Is ar mhaithe leo siúd a bhleáin a gcuid ainmhithe féin atá an Anailís Riosca "táirgeadh bainne agus stóráil ar an bhfeirm" (alt IV) agus is féidir leo siúd a cheannaíonn isteach an bhainne, leas a bhaint as é a thaispeáint dá soláthraí.

Baineann an Phlean AGPRC-bhunaithe "bailiúcháin bainne, stóráil agus cóireáil sa déirí" (in alt V) leo siúd a cheannaíonn isteach an bhainne chomh maith le haon táirgeoir a dhéanann cóireáil teasa ar an bhainne.
Ní mhór don táirgeoir an bileog cuí a léamh agus na gníomhartha coisctheacha a oiriúnú dó féin. Ba chóir don táirgeoir a bplean oiriúnaithe a leanúint chomh maith lena seiceálacha agus gníomhartha ceartaitheacha cuí. Ní mhór tuairisc a choinneáil ar na neamh-comhréireacha.

3. **Ronnaigh ó na Pleananna AGPRC-bhunaithe do tháirgí (alt V)**

Ní mhór don táirgeoir an bileog cuí a léamh agus na gníomhartha coisctheacha a oiriúnú dóibh féin. Ba chóir don táirgeoir a bplean oiriúnaithe a leanúint chomh maith le na seiceálacha agus gníomhartha ceartaitheacha cuí.

4. **Míniú eolas do na h-údaráis chigireachta**

Ní mhór don táirgeoir a bheith in ann a Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta Bhia (CBSB) féin a mhíniú agus a thaispeáint go bhfuil sé curtha i bhfeidhm. Is féidir úsáid a bhaint as na tuairiscigh chun é seo a léiriú: mar shampla; na neamh-comhréireacha agus a ngníomhartha ceartaitheacha, torthaí tástála…..

5. **Éifeachtacht agus fíorú leanúnach ar an gcóras shábháilteacht bhia.**

   Is féidir anailís mhicrobitheolaíochta agus cheimiceach a úsáid chun éifeacht an phlean a chruthú. I gcás go bhfuil tástáil chun measúnú inghlacthacht a dhéanamh ar bhaisc áirithe bhia, no ar phróiseas, ba cheart glacadh le líon na n-aonad samplacha leagtha amach in Iarscríbhinn 1, mar íosmhéid. Cé nach bhfuil minicíocht na dtástálacha Rialaithe, ba cheart go mbeadh said bunaithe ar fhachtóirí ar nós "sonraí stairiúla nó íogaireacht micribhitheolaíochta na táirgí. Tá sé molta go ndéanfadh táirgeoirí nua tástáil níos minice ar a dtáirgí chun "sonraí stairiúla" a chur ar fáil agus éifeachtacht a chruthú.

.

# Alt II – Dea-Chleachtas Shláinteachais
## Foireann; Sláinte, Sláinteachais, Traenáil

Is féidir na guaiseacha a bhaineann le láimhseálaithe gnóthaí bia a rialú go héasca trí dea-chleachtais shláinteachais simplí. Bíonn na rioscaí teoranta nuair atá foireann beag i gceist, dá bhrí is feidir solúbthacht a cheadú le na rialacháin ata riachtanach i gnóthaí beaga táirgeadh bia agus déiríochta. Baineann na riachtanais seo le láimhseálaithe bia – bíodh said ag obair leo féin nó le daoine eile.
.

**Sláinteachais ginearálta do láimhseálaithe bia**

Is é níocháin láimhe le uisce agus gallúnach an modh coisctheach is éifeachtaí chun ionfhabhtú a sheachaint i gnóthaí táirgeadh bia. Ní mhór d' ingne a bheith glan, gan varnish agus gan ingne bréagach. Ba choir féachaint chuige go bhfuil na hordóga agus idir na méara nite go maith. Ní mhór na lámha a níocháin chomh maith má tá said i dteagmháil le bia. Sa gcás go mblitear taobh amuigh agus nach bhfuil uisce ar fáil, is féidir glóthaigh-láimhe nó cuimleoirí a úsáid, ach ní mhór iad a ghlanadh le uisce agus gallúnach chomh luath agus is féidir.
Ba chóir don fhoireann a lámha a níocháin:

- Roimh ainmhithe a bhleán
- Ar theacht isteach i limistéir tháirgthe bia
- Roimh láimhseáil bia, comhábhair nó tosaithe chultúir
- Tar éis dul go dtí an leithreas
- Tar éis fón a úsáid
- Tar éis ábhair a d'fhéadfadh a bheith truaillithe a láimhseáil.
- Nuair atá said salach

Ní mhór don fhoireann iarracht a dhéanamh tras-thruailliú tháirgí a sheachaint trína dea-iompar agus dea-chleachtais féin: go háirithe:

- Ní mhór gearrtha agus ciorruithe a chlúdú le cóiriú nó miotóg uiscedhíonach
- Ní mhór don láimhseálaithe bia staonadh ó chaitheamh tobac, smugairle a chaitheamh, cogaint nó bia a ithe
- Ní mhór don láimhseálaithe bia staonadh ó chasacht nó sraothartach timpeall ar bhia
- Ní cheart go gcéadfaí seoda a chaitheamh I limistéir tháirgthe ach is féidir eisceachta a dhéanamh i gcás fáinní bainise shimplí nó fáinní bheaga cluaise

Chun rioscaí éillithe a sheachaint, ní mhór gan ailléirginí (lena n-airítear gránaigh a bhfuil glútan iontu, crústaigh, moilisc, uibheacha, iasc, peanuts, cnónna, pónairí soighe, soilire, mustard, sesame, lupin agus sulfair dé-ocsaíd) a thabhairt isteach I limistéir láimhseáil bia mura bhfuil said luaite mar chomhábhair.

**Éadaí**

Ní mhór don fhoireann éadaí ainmnithe a chaitheamh ag bleán agus éadaí glan ag táirgeadh bia. Ní cheart na héadaí céanna a chaitheamh ar an bhfeirm agus sa déirí. Ba chóir athrú barr-éadach (cótaí nó naprúin) a chur ar fáil do dhaoine ag dul isteach i limistéir tháirgthe bia, ba cheart na héadaí seo a fhágáil ina ndiaidh ag dul ag an leithreas nó ag fágáil na háite. Ní mhór do na héadaí seo a bheith I riocht maith – gan a bheith stróicthe, sceithe nó le cnaipí scaoilte.
Ba cheart athrú bróga (nó folcadán coise) a chur ar fáil chun cosc a chur ar shalachar a thabhairt isteach sa déirí, más gá. Nuair a úsáidtear folcadán díghalrán, ní mhór é a athnuachan go rialta chun a héifeachtacht a chinntiú.

**Traenáil**

Ní mhór do gach láimhseálaí bia agus an fhoireann bleáin, oiliúint a fháil; d'fhéadfadh said cáilíochtaí fhoirmiúla i shláinteachais bia a fháil nó glacadh le teagasc ó chomhleacaí a bhfuil níos mó taithí oibre acu. Ní mhór don oiliúint dul i ngleic le na guaiseacha i sábháilteacht bia i dtáirgeadh déiríochta chomh maith le dea chleachtas shláinteachais a bhrú chun cinn.

# Alt II – Dea-Chleachtas Shláinteachais
## Foireann; Sláinte, Sláinteachais, Traenáil

**Sláinte**

Chun galar tógálach a sheachaint, ní mhór don fhoireann a bheith i mbarr a shláinte. I roinnt mhaith de na Ballstáit, níl deimhniú fhoirmiúil follántas an oibreoir le fáil, ar nós tástáil leighis réamh-fhostaíochta mar shampla; sa chás seo is féidir leis an bhfoireann a fhollántas a léiriú trí thinreamh, ní mhór fanacht ón obair má tá sé ordaithe ag dochtúir nó i gcás;

- An bhuinneach agus/ nó urlacann laistigh de tréimhse 48 uair an chloig
- Galar tógálach gur féidir a scaipeadh trí láimhseáil bia –*Salmonella* mar shampla.

Ba chóir don fhoireann fanacht ón obair más rud é nach féidir craiceann ionfhabhtaithe, nó urscaoileadh ó chluasa, súl nó srón a chlúdú ceart agus a chruthódh riosca éillithe bia

**Cuairteoirí**

Má chruthaíonn éadach an chuairteora riosca éillithe do tháirgí, ní mhór barr-chóta agus bróga cosanta chomh maith le eangach ghruaige (nuair a úsáidtear iad), a chur ar fáil dóibh agus ba cheart go mbeadh ball foirne in éineacht leo chun dea-chleachtas shláinteachais a chinntiú. Ní bheadh cead isteach ag aon chuairteoir leis an bhuinneach, urlacann nó aon ghalar tógálach eile laistigh don limistéar táirthe bia.

# Alt II – Dea-Chleachtas Shláinteachais
# ÁITREABH & TREALAIMH

**Riachtanais trealaimh agus áitreabh a úsáidtear i dtáirgeadh táirgí déiríochta**

Ba chóir don suíomh, dearadh, toisí agus tógáil an fhoirgnimh, chomh maith leis an gceantar timpeall air, atá ceaptha do tháirgeadh, stóráil nó díol tháirgí déiríochta, a chinntiú gur féidir feidhmiú comhréireach le dea-chleachtas shláinteachais, gan a bheith i dteagmháil nó gar do dhramhaíl, salachar, earraí choimhthíocha, lotnaidí, feithidí agus creimirí san áireamh. Ní mhór don cheantar mórthimpeall an áitreabh a bheith saor ó earra d'fhéadfadh lotnaidí a mhealladh.
Nó mhór don déirí cáise a bheith chomh gar agus is féidir don phointe crúite chun rioscaí le linn iompair an bhainne a íoslaghdú. Nuair is féidir, ní mhór fachtóirí ar nós treo na príomh gaoithe agus solas na gréine (chun an teocht cuí a choinneáil), a thógáil san áireamh nuair atá suíomh don déirí á roghnú.

- **Leagan amach ginearálta agus sreabhadh an phróiseas:** Ní mhór don áitreabh a bheith feiliúnach do na gníomhartha a bheas ar siúl sa déirí ar nós an méid a tháirgtear, na cáiseanna éagsúla agus líon na n-oibreoirí.

Nuair is féidir, ba cheart do dearadh na seomraí sreabhadh an phróiseas ó na h-amhábhair go dtí seoladh amach na dtáirgí, gan dul in aghaidh na gluaiseachta a leanúint, ní bhíonn sé seo riachtanach i gcónaí áfach de bharr an ard chaighdeáin shláinteachais a bhaineann le bainne agus na táirgí próiseáilte déiríochta.

Is féidir leis an déirí:

- An doras céanna le teacht agus imeacht na foirne chomh maith le na hamhábhair agus na táirgí críochnaithe a úsáid
- An seomra céanna le haghaidh gníomhartha difriúla (táirgeadh, pacáistiú, lipéadú glanadh mar shampla) a úsáid
- Foirgneamh faoi leith do ghníomhartha áirithe (stóráil earraí pacáistiú, aibiú na cáise, díolacháin srl.)

Dá bhrí sin, ní mhór don táirgeoir gníomhartha coisctheacha ar nós earraí agus lámha a níocháin idir na céimeanna éagsúla chun tras-éilliú a sheachaint. Is féidir am a chur idir na próisis chun idirdhealú a dhéanamh nó; iad a dhéanamh ag an am céanna le a ndóthain spás eatarthu nó; táirgí agus ábhair pacáistiú a chosaint (trí iad a chlúdú mar shampla) ag teacht 's ag imeacht ón áitreabh….

- **Stóráil agus iompair bainne;** Cé gur i mbulc-umar a stóráiltear bainne go hiondúil, is féidir coimeádáin ar nós buicéid nó cuinneog-bhainne atá séalaithe go heirméiteach agus gur féidir a chuisniú ar bhealaí éagsúla; (cannaí le cuisneoir inmheánach, nó cannaí a thaisceadh in uisce reatha fuar, srl.), a úsáid freisin. Is féidir bainne a iompair i: cuinneog, cannaí, crúscaí, tancaer, pallecon nó coimeádáin eile atá oiriúnach d'iompar bhainne. Is féidir aon modh iompar bainne a úsáid, carr, rothar, leantóir, píopa, nó de shiúl na gcos chomh fada is go gcloífí le na coinníollacha iompair bainne.
- **Ceantar athrú éadach agus leithris**. Ní mhór áit faoi leith a chur ar fáil chun athrú isteach in éadaí chosanta sula láimhsítear bia, ní gá gur seomra ann féin atá i gceist. Ní mhór d'éadaí chosanta a bheith stóráilte ceart, (crochta nó i gcófraí mar shampla), chun éilliú a sheachaint. Cé nach bhfuil folcadán coise éigeantach, ní mhór bróga a chaitear taobh amuigh a athrú nó a dhífhabhtú roimh dul isteach i limistéir táirgthe bia. Caithfear líon leor dheonach leithris a chur ar fáil ach d'fhéadfadh said a bheith i bhfortheach, i dteach an déantóir cáise mar shampla.
- **Ceantar láimhseáil bia: táirgeadh, triomú, aibiú, cuisniú, pacáil agus díolacháin**. Caithfear an áitreabh a chothabháil ar bhealach atá éasca a ghlanadh agus chun riosca éillithe a laghdú. Nuair nach dtugtar aire mhaith do áitreabh agus trealaimh, tugtar deis coilíniú do pataiginí.
- **Ballaí agus urláir;** ba chóir do bhallaí agus urláir a bheith mín, réidh, neamh threas-scaoilteach agus éasca le glanadh. Is féidir ábhair ar nós tíl, painéil plaisteacha, nó dromchlaí mín péinteáilte ar a n-úsáidtear péint neamh-thocsaineach, a úsáid. Ní mhór do na dromchlaí a bheith saor ó damáiste ar nós scealpa, scoilteanna, poill nó péint scealptha. Is féidir an t-urlár a bheith claonta sa limistéir tháirgthe chun draenáil a éascú. Nuair nach bhfuil lintéir draenála i gceist, ba cheart réamhchúraimí a chinntiú chun bolláin uisce bodhar a sheachaint, nuair nach doirtear ar an urláir ar bhonn theicneolaíochta é, i seomraí aibeachan mar shampla. Chun chomhdhlúthú a sheachaint, ní mhór gan miotal a úsáid i gcumhdach na síleáil.

## Alt II – Dea-Chleachtas Shláinteachais
## ÁITREABH & TREALAIMH

- **Fuinneoga agus doirse;** ní mhór dromchlaí mín, éasca le glanadh agus iad coinnigh i ndeá-ord, go háirithe nuair atá said déanta as ábhair ar nós adhmaid. Ba cheart fuinneoga a fhéadfaí a oscailt a chosaint le scáileáin frith-feithidí. Ní mhór a bheith in ann fuinneoga agus doirse a osclaíonn amach taobh amuigh a dhúnadh ceart gan salachar a scaoileadh isteach.
- **Aeráil;** ba chóir aeráil a chur ar fáil chun chomhdhlúthú a sheachaint agus malartú aer a cheadú. Ba chóir chuile chóras iontógáil aeir (nádúrtha nó saorga), a bheith suite glan ó fhoinsí féideartha éillithe ar nós stáblaí nó sciobóil, should be provided to avoid condensate and allow air exchange.
- **Soilsiú;** is cuma nádúrtha nó saorga, ach caithfidh sé a bheith leordhóthanach. Cé nach bhfuil sciatha bolgán éigeantach, gearrann said siar ar bhrisiúcháin.
- **Innealra agus uirlisí;** ba chóir go mbeadh said éasca le glanadh. Ní mhór do dhromchlaí a thagann i dteagmháil le bia a bheith déanta as ábhair cuí (gráid bhia), ar nós cruach dhosmálta nó plaistigh ceadaithe. Ní mhór uirlisí a stóráil aníos ón urlár.

- **Ceantar agus coimeádáin stóráil na gcomhábhair agus pacáistiú.** Ba cheart dóthain spás-stórála a chur ar fáil do na comhábhair in áit ghlan, tirim agus le rialú teochta, más gá. D'fhéadfadh an spás seo a bheith laistigh don limistéir táirgthe, nó in aice leis, nó i bhfortheach don déirí, chomh fada agus atá na coinníollacha stórála comhlíonta mar atá luaite agus comhábhair agus pacáistiú (gloiní agus buidéil san áireamh), slán ó éilliú. Nuair a úsáidtear coimeádáin séalaithe is féidir comhábhair agus pacáistiú a stóráil san áit céanna.

- **Ceantar Glanadh;** Ní mhór dóthain doirtil a chur ar fáil, le uisce te agus fuar, in áiteanna atá éasca dul acu. Is féidir an doirteal céanna a úsáid chun lámha, uirlisí agus cáiseanna a níocháin chomh fada agus is féidir tras-éilliú a sheachaint. Is féidir táirgí ghlantacháin a stóráil i seomra faoi leith nó i gcófra laistigh don limistéir táirgthe. Caithfear cheimiceáin a mharcáil go soiléir. Is féidir uirlisí agus trealaimh a stóráil sa seomra táirgthe ar seilfeanna oscailte

- **Ceantar pacáistiú agus lipéadú;** Is féidir é seo a dhéanamh sa seomra phróiseála más féidir tras-éilliú a sheachaint.

- **Ceantar díolacháin (roghnach)**. Caithfidh an t-urlár, síleáil agus na ballaí a bheith coinnithe I ndeá-ord ach níl an chaighdeáin riachtanach leis an seomra phróiseála. Is féidir doirteal i seomra in aice leis a úsáid chun lámha agus uirlisí a níocháin , más gá.

- **Láimhseáil dramhaíola**. Ba cheart drámh-bhia, fotháirgí neamh-inite agus aon dramhaíola eile a bhaint amach as an limistéir táirgthe chomh luath agus is féidir agus é a chur i gcoimeádáin agus gníomh sholúbthacht

Gníomh Solúbthacht

**SOLUÚBTHACHT**

Tugann rialachán Eorpach deis solúbthacht do déirithe cáise le tréithe traidisiúnta;

- **Ballaí, urláir, síleálacha, doirse:** Ceadaítear ballaí, urláir, síleálacha agus doirse nach bhfuil mín réidh, ná frith-chreimeadh ná neamh-thréscaoilteach (pluais nádúrtha aibeachan, ballaí no urláir cloiche, mar shampla..)
- **Trealaimh:** Ceadaítear trealaimh a úsáidtear i dtairgeadh agus/nó pacáistiú nach bhfuil mín réidh ná éasca le glanadh, ná frith-chreimeadh, déanta as adhmaid mar shampla, (seilfeanna, uirlisí), nó ábhair nádúrtha, (seilfeanna bambú, raffia, duilliúr, giolca..) cloiche brúite, trealaimh déanta as copar agus práis (múnlaí, gearrthóirí, cófraí mar shampla), ceirteacha draenála nó pacáistiú,

Séard atá I gceist le Cáiseanna le Tréithe Traidisiúnta ná iad siúd atá aitheanta sa mBallstáit ina dtairgeadh iad

- Mar tháirgí traidisiúnta ar bhonn stairiúla
- Nó cosanta mar tháirgí bia traidisiúnta de réir rialacháin chomhphobail náisiúnta, réigiúnach nó áitiúla, SCT, GPI, TSG – (saineolaithe traidisiúnta deimhnithe) mar shampla
- **Nó táirgthe de réir tagairtí códaithe nó teicniúla aitheanta den phróiseas traidisiúnta nó modhanna táirgthe thraidisiúnta.** I roinnt tíortha, aithnítear cáiseanna ceardaithe agus teach feirme ar bhonn traidisiúnta.

  Ní mhór do déirithe gur mhian leo leas a bhaint as an solúbthacht seo a chinntiú go bhfuil an Choimisiún Eorpach curtha ar an eolas ag na húdarás cuí. Mura bhfuil sé seo déanta, is féidir leo, ar bhonn aonair no le chéile, teagmháil a dhéanamh le na h-údaráis sin.

## Cothú Trealaimh agus Feistis

Ní mhór don táirgeoir iniúchadh a dhéanamh ar an áitreabh agus trealamh go rialta agus obair cothabhála a dhéanamh nuair is gá. Ní mhór an obair seo a dhéanamh lasmuigh de uaireanta táirgeadh. Mar shampla:

- Aon athchóiriú a theastaíonn de bharr ghnáth úsáid; ath-phéinteáil ballaí, urláir, síleálacha agus doirse; tíleanna nua ar bhallaí agus urláir i gcás cuid a bheith tite nó briste; scagairí a athrú sna córais aer-chóirithe agus cuisniúcháin; glanadh athchóiriú agus cothú ar; an scáileáin frith-feithidí; taiscí uisce, uirlisí – (sceana, boird), doirse, fuinneoga, slat cuirtíní, córas draenála - (doirtil, gaistí, searraí), painéil leictreacha, soilse srl….
- Ní mhór a chinntiú go bhfuil an innealra ag feidhmiú I gcomhréir le treorach mhonaróir na hinnealra nó leis na féin-seiceálacha atá leagtha síos ag an dtáirgeoir. Mar shampla;

- **Inneall Crúite:**

- Na cupáin sine a seiceáil go rialta
- I gcás indiúscartha, ní mhór athrú a dhéanamh tar éis gach crúite
- Folústhomsaire; seiceáil roimh crúite, má tá aon fhadhb ní mhór leibhéal an ola, teannas an chrios, an chomhla rialaithe agus líne an fholúis a seiceáil

- Frithbhuailteorí; na comhlaí aer a ghlanadh (boinn)
- Cigireacht Ginearálta uair sa mbliain, ag úsáid teicneoir seirbhísí mas gá

- **Inneall Paistéaradh:**

- An comhla malartú slí agus an mothálach srutha agus teochta a sheiceáil,
- An méadar pH a chalabrú le dhá réiteach maolánach
- Teirmigraif agus teirmiméadair a sheiceáil:
    - Ag baint úsáid as teirmiméadair tagartha nó torthaí roinnt teirmiméadair a úsáid
    - Ag baint úsáid as uisce oighir (0°C) agus gal/uisce fiuchta (100°C).

.

Ní mhór trealaimh nó innealra a mheathann nó nach bhfuil ag feidhmiú mar is cóir agus a d'fhéadfadh droch bhaill a chur ar tháirgí a shocrú láithreach nó a fháil réidh leis.

Braitheann minicíocht ghnáth chothabháil ar déine na húsáide, treoracha na monaróirí agus an fhoireann theicniúil, staid na fearais agus trealamh

Déanfar an ghnáth chothabháil agus calabrúcháin ar na huirlisí monatóireacht do na pointí rialacháin criticiúla PRC, nó na limistéir rialaithe de réir treoracha an mhonaróra agus leis an mhinicíocht seo a leanas;

- Inneall Paistéaradh; bliantúil
- Teirmigraif agus teirmiméadair; bliantúil

Is féidir leis an táirgeoir comhairle sheachtrach a fháil chun fíorú agus chalabrú a dhéanamh i gcás neamh-comhréireacht.

**Prionsabail Glantacháin**

S'éard atá i gceist le glantachán ná deireadh a chur le salachar infheicthe, tá dhá chineál ann:

- Taiscí orgánach ar nós sail nó próitéin agus lachtós chomh fada is a bhaineann sé le taiscí bainne
- Taiscí mianra ar nós scamhacháin aoil nó cloch bainne atá déanta as meascán sail bainne, próitéin, lachtós agus scamhacháin aoil
- I dtáirgeadh cáise, is fearr sciúradh maith a thabhairt don trealamh agus na huirlisí gan díghalráin a úsáid, chun na flora nádúrtha agus an éiceachórais mhicróbacha a chaomhnú. Tá sé suas don táirgeoir cáise gairmiúil a chinneadh féin a dhéanamh maidir le díghalráin a úsáid

**Rogha Glantach (earraí níocháin)**

Cuidíonn glantach san uisce le taiscí (salachar) a scaoileadh ó dhromchlaí agus iad a choinneáil crochta san uisce níocháin. Tá roinnt mhaith glantach éagsúil ar fáil:

- **Glantaigh Alcaileacha** a scaoileann amach ábhair orgánach.
- **Glantaigh Neodracha** a úsáidtear le níocháin-láimhe agus nár cheart dochar a dhéanamh don craiceann.
- **Glantaigh Aigéid** a scaoileann amach taiscí mianra ar nós scamhacháin aol agus cloch bainne.
- **Glantaigh Einsímeacha** in a bhfuil einsímí dírithe ar substráit airithe agus a d'fhéadfadh úsáid in áit glantaigh alcaileach.

D'fheadfadh breiseáin eile a bheith i láthair sa ghlantach chun scaoileadh le salachar éagsúil agus d'fhéadfadh sé freisin, brath ar an dromchla atá i gceist; mar shampla

- **Oibreán Fliuchta (dromchla ghníomhaithe);** neodrú teannas an dromchla agus dul i ngleic níos éifeachtaí le na taiscí
- **Oibreán Crágtha;** gearradh siar ar fhoirmiú scamhacháin aol
- **Oibreán Cúrtha;** is féidir an tuaslagán níocháin a úsáid mar cúr a d'fhéadfadh fad a chur leis an am teagmhála
- **Díghalráin;** is féidir díghalráin ar nós alcaile chlóirínithe nó aigéad peracetic a chomhcheangal le glantach

Ná measc táirgí glantacháin alcaileacha le táirgí glantacháin aigéadacha mar go neodróidh sé a n-éifeachtacht.

I gcásanna go bhfuil caomhnú na microflora nádúrtha sa timpeallacht i gceist, agus go bhfuil na táirgí á dtáirgeadh de réir reachtaíocht an AE, d'fhéadfadh sé gur leor rinseáil le huisce amháin – de réir minicíocht rialaithe, a úsáid i níocháin na n-uirlisí táirgthe.
Ní mhór do cheimiceáin glantacháin a bheith oiriúnach le húsáid sa tionscal bia agus i gcomhréir le reachtaíochta reatha an AE. I roghnú táirgí glantacháin ní mhór:

- An cineál salachar nó taisce a mheas: glantach alcaileach a úsáid ar thaiscí orgánach nó glantach aigéadach ar thaiscí mianraí.

- An cineál dromchla a mheas: Ní cheart go gcreimfeadh na ceimiceáin an dromchla ar a n-úsáidtear iad Tá an friotú is airde ag trealamh déanta as cruach dhosmálta agus ag plaisteach ata bia-sábháilte do tháirgí glantacháin agus díghalráin, cé nach bhfuil ceimiceáin alcaileacha chomh feiliúnach sin d'uirlisí cócaireacht déanta as alúmanaim, nó cóimhiotal alúmanaim (almasilium). Ba cheart trealamh scáinte, scríobtha, logánach a sheachaint mar go bhfuil sé deacair a ghlanadh. Ní mhór gan glantacháin foclóirithe (tuar) a úsáid ar dhromchlaí alúmanaim, ba chóir iad a úsáid le uisce fuar i gcónaí chun dhí ghníomhú an dífhabhtán a sheachaint. Moltar gan cruach dhosmálta a thumadh i fochlórít.

- **Cruas Uisce**: braitheann éifeacht na glantaigh ar chruas an uisce a úsáidtear le níocháin. Laghdóidh uisce an-chrua éifeacht an ghlantaigh mar sin ní mhór oibreán crágtha a chur leis. Caithfear minicíocht glantacháin aigéadach cruas an uisce, staid an dhromchla agus an próiseas in a n-úsáidtear an trealamh, a thógáil san áireamh. Ní mhór breis aigéad a úsáid ar shean threalaimh mar tá sé níos deacra é a ghlanadh, agus tá sé níos éasca do chloch bainne foirmiú ar threalaimh a théann suas le linn úsáide, ná trealaimh a úsáidtear fuar.
- Modh Glantacháin (uathoibríocha nó láimhe) – a bheith cúramach sciúradh ceart a thabhairt do dhromchlaí an trealaimh

**Glan le "GATT" Gníomh, Am, Tiúchan, Teocht.**
Nuair a úsáidtear glantach, ní mhór na paraiméadar thíos luaite a leanacht;

| | |
|---|---|
| **Gníomh** | Ní mhór don suaitheadh meicniúil, an scríobadh agus an sciúradh, a bheith sách bríomhar chun na taiscí a scaoileadh ón dromchla, |
| **Am** | Ní mhór an ceimiceán a bheith I dteagmháil leis an dromchla ar feadh tréimhse cuí |
| **Tiúchan** | Ní mhór an dáileog ceart cheimiceán a úsáid chun a héifeacht a chinntiú |
| **Teocht** | Ní mhór an tuaslagán glantacháin a úsáid ag an teocht ceart i gcomhréir le threoirlínte an mhonaróra |

Lean na treoirlínte ar lipéid na táirgí ghlantacháin. Ní mhór aird a thabhairt ar na treoirlínte teochta i gcomhréir leis an gcóras agus trealamh a úsáidtear.
Tá sé molta, go mór mhór nuair atá nós imeachta á bhunú, díon-seiceáil a dhéanamh ar na peiriméadar a úsáidtear I nglantacháin; teocht, dáileog, méid ama agus uisce rinseáil.

**Trealamh Glantacháin:**

- Chun damáiste don trealamh agus forbairt frídíní neamh-inmhianaithe a sheachaint, ní mhór gan ábhair sciúrtha a scríobfadh an dromchla a úsáid. Toisc go spreagann ceirteacha agus spúinsí atá fágtha fliuch nó tais forbairt frídíní, tá sé níos deise scuaba bheaga sciúrtha nó scríobairí, le cos plaisteach agus na himill nó guairí déanta as níolón, a úsáid I limistéir táirgeadh cáise no ar an taobh amuigh de threalamh crúite.
- Chun an spré ó uisce salach ar tháirgí nó ar threalamh a sheachaint, ní mhór gan spréanna faoi ard-bhrú a úsáid i limistéir táirgí déiríochta, agus ní mhór iad a rinseáil in uisce fuar chun chomhdhlúthú a sheachaint.

**Cáilíocht Uisce:**
Féach na moltaí tagartha i gcaibidil DCS Cáilíocht Uisce

**Prótacal le Glanadh**
Céimeanna i nglantacháin;




- - i gcásanna go gcaithfear na microflora a chaomhnú sa timpeallacht agus go bhfuil ná táirgí á tháirgeadh i gcomhréir le reachtaíocht an AE. Ní mhór a dhóthain uisce te a bheith ar fáil agus dóthain ama a thabhairt don suaitheadh meicniúil agus don ama teagmhála.

Uaireanta, le linn an réamh-níocháin, nuair atá go leor salachar i gceist, ní mhór an trealamh a chur ar maos nó gníomhartha meicniúil a úsáid chun é a bhaint dó. Tá sé fíor thábhachtach an trealamh a rinseáil go maith, ag úsáid dóthain uisce te ionas nach mbeidh aon fuílleach glantaigh fágtha air.
Níor cheart go mbeidh aon uisce bodhar i limistéir an draenáil ná an triomú, a thabharfadh deis forbartha do bhaictéir neamh-inmhianaithe. Ní mhór an trealamh a shocrú ar bhealach go bhféadfadh an trealamh draenáil go héasca ( crochta, ar seilf, bord nó bord-draenála) Caithfear locháin uisce ar an urlár a sheachaint.

**Moltaí i dtaobh ábhair thraidisiúnta a ghlanadh**

Ní mhór ábhair traidisiúnta a ghlanadh ag úsáid modhanna traidisiúnta – a bhfuil a héifeacht aitheanta go himpiriúil.

**Glantacháin trealamh táirgeacht atá déanta as adhmad**

Ní mhór an adhmad a ghlanadh trí scuabadh le uisce le cáilíochtaí uisce óil, (tá innealra ann a úsáideann uisce ag teocht comhthimpeallachta do bhoird aibeachan), nó is féidir é a chur ar maos nó criostail sóide a úsáid. Tá triomú éifeachtach fíor thábhachtach sa phróiseas glantacháin. **Glantacháin dabhcha copair:**

Ní mhór méid beag uisce nó meadhg (0.5 -1L) a fhágáil sa dabhach agus púdar sciúrtha caoilín a úsáid ar an dromchla. Ní mhór é a scuabadh agus rinseáil go maith agus é a dhraenáil go hiomlán roimh é a théamh chun aon fliuchán atá fágtha a thriomú. Is féidir aigéad caol a úsáid in áit an púdar ach ní mhór aigéad tiubhaithe a sheachaint mar d'fhéadfadh said an copar a ocsaídiú

**Minicíochtaí molta do ghlantacháin dromchlaí agus trealamh**

| **Dromchlaí agus Trealamh** | **Minicíocht Molta** |
|---|---|
| **Trealamh Crúite** | |
| Inneall Crúite | Glan i ndiaidh chuile sheisiún, ní mhór glantach aigéadach a úsáid uair sa t-seachtain, ar a laghad |
| Umar Bainne | Glan i ndiaidh draenáil |
| Cuimleoirí Aonair | Glan i ndiaidh chuile cruiteachán |
| **Áitreabh agus trealamh déantús cáise** | |
| Trealamh (múnlaí, tráidirí, boird, cláirseacha cáise, tobáin, liacha...) | Glan I ndiaidh chuile úsáid |
| Urlár an áitreabh táirgthe | Glan ar a laghad uair amháin chuile lá de tháirgeadh<br>Bain amach agus glan go rialta na draenacha drámh-uisce agus/ nó na searraí (gaistí) |
| Ballaí an áitreabh agus an seomra aibeachan (*) | Glan nuair is gá<br>Ní mhór gan aon cháis a bheith sa seomra aibeachan le linn a ghlantacháin |
| Urlár an seomra aibeachan | Glan nuair is gá |
| Uirlisí bheaga aibeachan | Glan nuair is gá<br>Glan ceirteacha, cuimleoirí, buicéid, scuab agus miotóga chuile lá i ndiaidh iad a úsáid. |
| Adhmad sa seomra aibeachan | Glan na boird aibeachan I ndiaidh chuile timthriall<br>glan an fráma seilfeanna nuair is gá |
| **Trealamh aer-chóiriú, aerú agus gaistí feithide** | Ní mhór deannaigh rialta a dhéanamh ar an gríl agus na scagairí agus iad a ghlanadh uair sa bhliain ar a laghad<br>Ní mhór a chinntiú go rialta go bhfuil uisce chomhdhlúite ó ghalaitheoirí folmhaithe agus nach bhfuil sé ag sileadh ar na táirgí déiríochta |
| **Trealamh Stóráil (cuasáin cuisniúcháin, seilfeanna)** | Glan go rialta |
| **Ábhair pacáistiú ath-inúsáide** | Glan i ndiaidh chuile úsáid |
| **Ábhair Iompair (boscaí iompair, coimeádáin, fuaraitheoirí)** | Glan i ndiaidh chuile úsáid |
| **Inneall folús phacáistithe** | Glan de réir moltaí an mhonaróra agus nuair is gá |

(*)Ni tharlaíonn aibeachan cáise gan na coinníollacha atmaisféarach cuí (teocht, taise agus iomdúlaithe múscáin aer-iompartha a bheith láithreach), cuireann glantacháin agus díghalrú ró- mhinic isteach ar an gcothromaíocht seo agus d'fhéadfadh lochtanna aibeachan tarlú.

## Pleananna Glantacháin

Ní mhór do tháirgeoirí nósanna imeachta a bhunú chun a dtrealaimh agus áitreabh a ghlanadh (fearas crúite san áireamh). Ní gá na nósanna imeachta seo a dhoiciméadú nó a thaispeáint ach caithfear a bheith in ann sainmhíniú a thabhairt.
Má tá doiciméid scríofa ullmhaithe, d'fhéadfadh sé an suíomh iomlán (fearas crúite san áireamh) a chlúdaí. Caithfear;

- An áitreabh, trealamh agus ábhair le glanadh a ainmniú
- Sainmhíniú a thabhairt ar na prótacail glantacháin a oileann an áitreabh, trealamh agus ábhair le glanadh ag glacadh le na moltaí thíos luaite
- Cinntiú go bhfuil traenáil faighte ag an bhfoireann atá freagrach as an glantacháin, cé gur féidir oiliúint inmheánach a chur ar fáil

**Samplaí**

### Plean ghlantacháin an áitreabh:

| Seomraí an láithreán oibre (Ag sonrú, ballaí, urláir no síleálacha) | Ábhair ghlantacháin (scríobaire, scuab, gunna cúr…) | Ainm agus cineál an táirge glantacháin | Dáileog, teocht (uisce fuar, teolaí nó te) agus am teagmhála | Minicíocht na n-oibríochtaí | An t-é atá freagrach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

### Plean ghlantacháin an trealamh

| Trealamh (sonraigh an cineál trealaimh) | Ábhair ghlantacháin (scuab, meaisín le potaí a níocháin…) | Táirgí a úsáidtear nuair is gá (sonraigh an cineál) | Dáileog, teocht (uisce fuar, teolaí nó te) agus am teagmhála | Minicíocht an glantacháin | Minicíocht an dhíghalrú (nuair is gá) | An t-é atá freagrach |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |

Is féidir na pleananna reachtaíochta do na táirgí glantacháin a chur leis an bplean seo nuair is gá
Is féidir oibríochtaí ghlantacháin neamhrialta (i ndiaidh neamh-chomhréireacht mar shampla) a thaifeadadh bunaithe ar an sampla seo;

| Dáta | Cineál gníomhaíocht | Ainm an Táirge | An trealamh nó áitreabh I gceist ( ní mhór a bheith cruinn) | Ainm an duine a rinne an obair |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**Prionsabail agus minicíocht díghalrú**

S'éard atá i gceist le díghalrú ná miocrorgánaigh a dhíothú nó a laghdú go dtí leibhéal inghlactha. I dtairgeadh cáise agus i cáiseanna bainne amh ach go háirithe, is deise glanadh maith ná díghalrú rialta chun na flora nádúrtha a chaomhnú agus na éiceachórais miocróib a chothromú. Caithfidh an táirgeoir cáise gairmiúil cinneadh a dhéanamh i dtaobh díghalrú. D'fhéadfadh díghalrú a bheith riachtanach sa ghearrthéarma chun timpistí san áitreabh táirgthe nó fadhbanna sláintíocht a ghlanadh suas. I gcásanna den sort sin, ní mhór gan an trealamh agus áitreabh ar fad a dhíghalrú ag an am céanna, ach nós imeachta forásach díghalrú thar tréimhse roinnt laethanta a chur i bhfeidhm.
Do tháirgí déiríochta eile seachas cáiseanna, agus go mór mhór táirgí neamh-coipthe, moltar díghalrú rialta a dhéanamh.

**Rogha Díghalráin**

Maraíonn an díghalráin na miocrorgánaigh atá fágtha ar dhromchlaí ndiaidh na taiscí a bheith bainte dó. Na táirgí is minice a úsáidtear ná tuaslagán fochlórít sóidiam (tuar), táirgí alcaileacha chlóirínithe (an glantach agus díghalráin le cheile), uisce ocsaiginithe nó sárocsaíd hidrigine (is féidir iad a chomhcheangal le haigéad chun aigéad peracetic a dhéanamh). Ní mhór don díghalráin a bheith oiriúnach le húsáid sa tionscal bia agus a bheith I gcomhréir le na rialacháin reatha Eorpach. Is féidir trealamh a dhíghalrú le teas.
Fógra shábháilteacht: Ná measc ceimiceáin chlóirínithe le táirgí aigéad mar d'fhéadfaí gás clóirín-tocsaineach a scaoileadh.

**Protocol Díghalrú**

Leanann díghalrú na céimeanna seo:




Nuair atá gá leis, déantar an díghalrú i ndiaidh an glanadh i gcónaí mar nach n-oibríonn sé ach ar dromchlaí glan amháin ach is féidir táirgí chomhcheangailte ar nós táirgí chlóirínithe alcaileach a úsáid in aon chéim amháin.
Le tuilleadh eolas a fháil i dtaobh cáilíochtaí an uisce a úsáidtear ar dhromchlaí atá i dteagmháil le bia, féach na moltaí sa chaibidil ar Dea-Chleachtais Shláinteachais DCS, Cáilíochtaí Uisce

**Pleananna Díghalrú**

Leanann na Pleananna Díghalrú na prionsabal chéanna le Pleananna Glantacháin (Féach DCS Glantacháin)

**Seiceálacha do Phleananna Díghalrú**

Tá sé inmholta, go háirithe nuair atá nósanna imeachta á bhunú, a chinntiú go bhfuil na paraiméadair ainmnithe don ghlantacháin comhlíonta;

- Teocht na tuaslagáin glantacháin,
- Dáileog an díghalrán agus teagmháil ama ,
- Méid uisce le rinseáil

Is féidir monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na díghalraithe trí anailís a dhéanamh ar tháirgí in áit mapaireacht ar na dromchlaí. Nuair atá na microflora dearfach á chaomhnú agus nuair nach bhfuil aon díghalrú i gceist, ní gá monatóireacht ar éifeachtacht na díghalraithe a dhéanamh, mar ar ndóigh, bheadh líon mór miocrorgánaigh i láthair.

# Alt II Dea Chleachtais Shláinteachais
## Plean Bhainistiú Lotnaidí

Ba cheart do tháirgeoirí lotnaidí a choinneáil glan ó na háitreabh agus na táirgí. Ní aithnítear frídíní cáise mar lotnaidí sa chomhthéacs seo. Ní mhór áfach, smachtú frídíní cáise a thógáil san áireamh sna nósanna imeachta glantacháin.
D'fhéadfadh creimirí, feithidí agus éin, laistigh den áitribh, a bheith mar fhoinsí miocrorgánaigh pataigineach cúiseach i dtruailliú amh ábhair nó táirgí ( críochnaithe nó páirt-dhéanta), nó, i ngalar tógálach a scaipeadh i measc na n-oibreoirí.

**Is féidir guaiseacha a bhaineann le lotnaidí lasmuigh den áitribh a sheachaint trí:**

- Na timpeallachta a choinneáil glan agus tirim. Cruachan agus draenáil dromchla an talamh a fheabhsú nuair is gá.
- Gaistí francach a chur timpeall an áitreabh tháirgthe.
- Cosc ar éin fhiáine neadú i spás sa dín agus timpeall na feirme
- Cigireacht súl ar ghaistí agus spás sa dín agus fáil ré le lotnaidí marbh má fhaightear ann iad.
- Naisc an áitribh a bheith séalaithe go cúramach chun feithidí a choinneáil amach.
- Sa chás go bhfuil gaistí ann chéanna féin, ba cheart tuilleadh a chur ann, nó, conraitheoir ghairmiúla rialaithe i smachtú lotnaidí a úsáid.
- Feithidicíde a spraeáil taobh amuigh den áitribh nuair atá go leor feithidí i láthair.
- Feithidicíde cuí agus rialaithe a úsáid laistigh dá sheilfré.

**Is féidir guaiseacha a bhaineann le lotnaidí laistigh den áitribh a sheachaint trí:**

- Cigireacht súl ar an áitreabh
- Meaisín UV chun feithidí a mharú nó páipéir-chuileoga a úsáid sa limistéir tháirgthe, thrádstórais agus aiseanna breise. Ní mhór don meaisín UV chun feithidí a mharú agus an pháipéir-chuileoga a bheith lónaithe ionas nach bhféadfadh cuileog marbh titim isteach i dabhcha, táirgí nó pacáistiú.
- Na lampaí UV a ghlanadh go tréimhsiúil agus bolgáin a athrú de réir moltaí an mhonaróra
- Na páipéir-chuileoga a athrú nuair atá siad lán.
- Dlúth mhogall fríth-feithidí a chur ar fhuinneoga agus doirse oscailte agus ar aon oscailt in-chur/as-chur (poll éalaithe do shúire gaothrán, mar shampla) agus na mogaill a athrú nuair atá damáiste déanta dóibh.
- Fuinneoga agus doirse neamh-chosanta a choinneáil dúnta le linn táirgeadh.
- Leordhóthain scáileáin agus geataí ar dhraenacha chun creimirí agus lotnaidí a choinneáil amach.
- Ábhair pacáistiú a choinneáil in áit tirim atá doshroichte ag creimirí, cuileoga agus lotnaidí eile.
- Gan táirgí neamh-phacáistithe a fhágáil amuigh níos faide ná is gá.
- Creimiricídí nochtadh a úsáid i gcúinní dhorcha agus áiteanna tréigthe ar nós pluaiseanna nó áiléir
- Creimiricídí cuí agus rialaithe amháin a úsáid laistigh dá sheilfré.

**Nuair ata ghníomhachtaí lotnaidí aitheanta san áitreabh, I dtáirgí nó pacáistiú, ní mhór:**

- Faigh ré le lotnaidí marbh agus aon nimh atá scaipthe thart leath-ite.
- Faigh ré le táirgí a bhfuil gníomhaíocht lotnaidí le feiceáil orthu ón áitreabh chomh maith le aon ábhair pacáistiú atá millte acu.
- Déan glanadh agus díghalrú maith ar an áitreabh, seomraí aibeachan agus stóir, (seilfeanna agus crochadáin san áireamh)
- Athbhreithniú ar na nósanna imeachta.

Chun cosc a chur ar lotnaidí, nó, nuair atá a ghníomhaíocht aitheanta, is féidir conraitheoir gairmiúil rialaithe i smachtú lotnaidí a úsáid.

# Alt 11 Dea Chleachtas Shláinteachais
# Cáilíochtaí Uisce

Is féidir leis an uisce a úsáidtear i dTeach feirme agus déirithe ceirde a bheith mar fhoinse éilliú. Braitheann na gníomhartha a chinntíonn go gcomhlíonann an uisce critéir Rialacháin 98/83/AE ar foinse an tsoláthair uisce. Is féidir uisce glan a úsáid i táirgeadh phríomhúil má tá a cháilíochtaí aitheanta agus ceadaithe ag an údarás cuí.
Fiú ma tá an t-uisce ag teacht ó ghréasáin phoiblí, is féidir leis an deirí:

- Uisce a stóráil in umair seachtracha nó uisce a iompair i gcoimeádáin ón ghréasáin phoiblí go dtí an deirí.
- Cóireáil simplí a dhéanamh ar an uisce ar nós an pH a neodrú nó, cruais an uisce a laghdú

**Samplú**
Nuair a thagann an t-uisce ó sholáthair ghréasáin poiblí d'fhéadfadh sé go meastar go bhfuil na guaiseacha rialaithe cheana féin agus nach bhfuil aon gá samplú nó anailís a dhéanamh. Ní iarrann roinnt Ballstáit ar oibreoirí gnóthaí bia anailís a dhéanamh ar uisce nuair a thagann sé ó ghréasán uisce phoiblí agus tá na tástálacha oifigiúil ar fáil ón soláthraí uisce.
Féach: "DG (SANCO)/2010-6150 – MR FINAL", pointe 5.1.3; "*Solúbthacht maidir le cur chun feidhme na nósanna imeachta atá AGPRC-bunaithe a bhí le feiceáil i gceithre Ballstáit ar a tugadh cuairt*".
**Iompair, stóráil, cóireálacha simplí agus cothabháil an fhearais**

- Ba cheart don trealamh a úsáidtear in iompair, stóráil agus cóireáil an uisce a bheith glan, gan a bheith in ann an uisce a thruailliú le miocrorgánaigh pataigineach agus gan a bheith déanta as leibhéal cheimiceáin níos airde ná atá ceadaithe nó ábhair toirmeascaithe.
- Ní mhór do choimeádáin iompair nó stóráil a bheith clúdaithe chun truailliú a sheachaint agus a bheith coinnigh i ndea-ord, saor ó scoilteanna nó scailp ina a bhféadadh éilleáin mhicrobitheolaíochta a fhorbairt.
- Ní mhór fearais an uisce inmheánach (píopaí agus sconnaí) a bheith coinnithe in ndea-ord chun truailliú a sheachaint
- D'fhéadfadh roinnt Ballstáit anailís uisce a iarradh chun a chruthú nach n-athríonn an iompair, stóráil nó coiréil simplí, tréithe an uisce inólta. I gcás mar seo, déanfar anailís bliantúil.

**<u>Soláthair Inmheánach</u>**
Úsáidtear foinsí eile uisce i dtáirgeadh déiríochta trasna an Aontas Eorpaigh, toibreacha, poill tóraíochta, uisce dhromchla agus uisce baistí nó sneachta mar shampla agus ní gá go dteastódh stóráil, iompair nó coiréal i gcónaí. Ní mhór na cáilíochtaí cheimiceacha agus mhicrobitheolaíochta a chinntiú trí fhoinse an uisce a chaomhnú, agus an chóras dáileacháin chomh maith, más féidir. Ar aon chuma, inseoidh an samplú agus anailíse a scéal féin ag deireadh an lae.
**Samplú**

- Ní mhór anailís a dhéanamh ar aon uisce a thagann ó fhoinsí ar bith seachas soláthair poiblí chun cáilíochtaí cheimiceacha agus mhicrobitheolaíochta an uisce a chinntiú.

Déanfar anailís bhliantúil ar na peiriméadair cheimiceacha agus mhicrobitheolaíochta leagtha síos ag gach Ballstáit. Ach, d'fhéadfadh an táirgeoir, bunaithe ar thorthaí anailíse stairiúla an déirí, nó ar thuairiscí ó chórais uisce náisiúnta agus ceadaithe ag an údarás náisiúnta cuí;

- gan aon mhonatóireacht a dhéanamh nuair nach bhfuiltear ag súil go sárófar na tiúcháin laistigh de na paraiméadair ceadaithe.

- Minicíocht na hanailíse a laghdú (gach dara bhliain in áit bliantúil)

Ceadaíonn roinnt Ballstáit laghdú ar mhinicíocht nó riachtanais tástála na paraiméadair cheimiceach i gceantair geografacha nuair nach bhfuil aon truailliú timpeallachta aitheanta.
I déirithe cáise a tháirgeann cáiseanna crua, teann/leath-theann, ní cheaptar go bhfuil uisce neamh comhréireach de bharr barrachais níotráit ábhartha mar go bhfuil úsáid níotráit ceadaithe de réir Rialú AE Uimh 1333/2008, in uasmhéid 150 mg/L bainne atá le próiseáil, nó i ndáileog comhionann, nuair a chuirtear isteach é i ndiaidh don ghruth a bheith bainte amach agus an t-uisce curtha isteach.

**Rialú Guaiseacha Mhicróbacha**
Is féidir cáilíochtaí mhicrobitheolaíochta a chinntiú trí:

- Díghalrú. (Éigeantach i roinnt Ballstáit). Nuair atá díghalrú cheimiceach i gceist, ní mhór a héifeachtacht a chinntiú agus méid na dtaiscí díghalrán a sheiceáil go thréimhsiúla chun aon teorannacha náisiúnta a chomhlíonadh. Ní mhór do tiúchan na fotháirgí díghalrú a bheith chomh híseal agus is féidir.
- Scagadh UV, cóireáil teasa (uisce a fhiuchadh san áireamh) nó ar bheallaí eile.

Tá an t-uisce a úsáidtear i rothlú gruth mozzarella cóireáilte ag 80-90$^{o}$C ar mhaite teicneolaíochta. Is leor an teas seo chun na guaiseacha mhicróbacha san uisce a bhfuil imní fúthu a dhí-ghníomhú.
.

**Gníomhartha Ceartaitheacha**

Ní mhór gan a bheith imníoch faoi uisce neamh comhréireach a thástáladh do “tháscairí” pharaiméadair (comhaireamh coilíneachta 22$^{o}$ nó sulfáití) atá leagtha síos i reachtaíochta náisiúnta mar nach gcruthaínn siad ann féin aon imní shláinteachais do na táirgí déiríochta, ach ba chóir cúis chuile chás a imscrúdú ann féin agus réiteach a fháil air.
I gcás nach féidir cloí le peiriméadair nach bhfuil úsáidte mar “tháscaire” ach a d’fhéadfadh a bheith ina riosca do shláinteachais bia na táirgí déiríochta, ní mhór gan an uisce a úsáid go dtí go bhfuil réiteach faighte. Idir an dá línn ní mhór uisce ó fhoinse eile a úsáid, uisce i mbuidéil mar shampla, nó é a iompair isteach.

# ALT III - DEA CHLEACHTAS MHONARAÍOCHT CULTÚIR

Níl úsáid cultúir aigéadú éigeantach ach nuair a úsáidtear iad ar mhaithe theicneolaíochta nó shláinteachais, tá na dea chleachtais thíos luaite molta:
Mar nár mhór do na cultúir a bheith éifeachtach i mbainistíocht an aigéadú, luaitear roinnt moltaí theicniúla anseo ata riachtanach chun pleananna AGPRC bhunaithe a thabhairt chun chríche.

Is féidir le cultúir a chumasaíonn aigéadach i dtáirge a bheith: dúchasach - ar nós na cultúir a thagann ó mheadhg, comhdhéanta as microflora bhainne; cultúir ionaclú a théann díreach chuig na dabhcha (DVI) ar fáil lena cheannach (reo-thriomaithe, leachtach nó reoite); leath-dhíreach (cineálacha faoi leith a úsáidtí mar réamh-ionaclú chun méid áirithe bulc-tosaitheoir a sholáthair), nó an bulc-tosaitheoir leachtach féin. Cé gur fearr cultúir reoite a stóráil ag -45$^{o}$C, ní minic a tharlaínn sé i gcomhthéacs déirithe bheaga. Cuidíonn cultúir dúchasacha, meadhg mar shampla, le “cinneáileachas” an táirge trí flóra éagsúla agus shonracha a thabhairt, a laghdaíonn guaiseacha baictéarafágach níos fearr ná cultúir eile. Nuair a úsáidtear cultúir breise (cultúir neamh-aigéadeach) ba cheart na moltaí a bhaineann lena shláinteachais agus a ndea chleachtais shláinteachais a leanúint freisin

## Bunús agus Soláthair na gCultúr

Ni mhór don chultúir a bheith oiriúnach don theicneolaíoch a úsáidtear chun aigéadú ceart a chinntiú.
Má tá aon amhras faoi na cultúir, mura bhfuil siad coinnithe ceart nó má ta siad as dáta, ná bain úsáid astú. Ná bíodh cultúir thráchtála sa bpósta/ar iompair thar deireadh seachtaine. Seiceáil an cultúir nuair a thagann sé ; gó mór mhór má tá níos mo ná trí lá i gceist sa taisteal. Déan cinnte go bhfuil cultúir reoite fós reoite nuair a thagann siad.
I dteicneolaíocht lachtach, ní mhór do meadhg a úsáidtear mar chultúir theacht ó ghruth ard-chaighdeánach a mheastar trí: an chaoi a bhreathnaíonn sé, an boladh, dath, blas, pH nó aigéadacht an sár-chultúir-saolú mheidhg agus a theocht stórála. Nuair a úsáidtear gruth mar chultúir ní mhór dó na critéir ceanna a chomhlíonadh. Is féidir cultúir dúchasacha a chruthú o bhainne ainmhithe lámh-crúite freisin. Is féidir an modh seo úsáid i dtimpeallacht ina bhfuil pataiginí agus flóra millteanach a rialú – ach nach bhfuil steiriúil. Caithfear an bhainne a thógáil ó ainmhithe gan comharthaí maistítis agus ní mhór é seo a dhéanamh ag úsáid trealaimh glan agus i ndiaidh lámha a níocháin.

Tógann an tréimhse goir suas le 48 uair an chloig, b’ fhearr go dtarlóidh sé sa seomra táirgthe (20$^{o}$C) agus caithfear glóthach a chruthú laistigh den tréimhse sin.
Ba cheart dó a bheith teann go maith agus na saintréithe boladh, cuma agus aonchineálacht gruth atá déanta go maith agus le dóthain aigéadach a léiriú (>75$^{o}$ D, 32-34$^{o}$SH, no pH<4.5)
Nuair atá táirgeoirí ag ullmhú cultúir thermophilic dúchasach, ní mhór na teochta ceart a leanúint chun go bhforbrófar dóthain aigéadacht. D’fhéadfadh sé seo tarlú trí é a théamh suas, "thermisation", go dtí 60° C ar feadh 2-3 nóiméid, é a fhuarú síos go dtí 45 °C agus é a ghoradh ag an teocht sin go dtí go sroicheann an aigéadacht 54-63 °D, 24 - 28 ° SH or pH 4.7-4.5, ag brath ar an trealamh a úsáidtear..

**Stóráil an cultúir** Ní mhór cultúir tráchtála a stóráil de réir treoracha an mhonaróra. Ní mhór dóibh a bheith stóráilte ag teocht fuar, saor ó thais agus solas agus laistigh dá sheilfré. I gcás cultúir DVI, ní mhór súil a choinneáil ar cnapáinú. Ní mhór boladh agus cuma chultúir leachtach a sheiceáil, chomh maith le cuma an gruth atá faighte nó an cuar aigéadú den bhainne ionaclaithe. Is féidir caighdeán na tosaithe leachtach a mheas trína aigéadacht no pH roimh úsáid. Dún go maith saicíní a bhfuil cultúir fágtha iontu, nó cur i gcoimeádáin iad agus stóráil in áit fhuar ghlan iad, ag baint úsáid astu chomh luath agus is féidir i ndiaidh iad a oscailt.

Ní mhór meadhg a úsáidtear mar chultúir (back-slopping) a stóráil in áit ghlan agus i gcoimeádáin ghlan. Chun laghdú an aigéadú a sheachaint, caithfear é a stóráil ar feadh níos mó ná 3 lá. Cé gur féidir é a reo, fós caithfear é a úsáid le linn 10 seachtain i ndiaidh stóráil ag -18$^{o}$C. Moltar bainne púdraithe nó bainne fiuchta a chur leis roimh a reofar é. Níor cheart do meadhg a bheith athreoite i ndiaidh dó a bheith díreoite.

# ALT III - DEA CHLEACHTAS MHONARAÍOCHT CULTÚIR

## Réamhchúraimí a bhaineann le tomhais an chultúir

Moltar na lámha a níocháin roimh chultúir a thomhas agus é seo a dhéanamh in áit ghlan ag úsáid uirlisí ghlan.

Le cultúir leachtach tráchtála ná húsáid an pípéad díreach ón gcultúir; aistrigh méid beag den chultúir isteach i ngabhdán glan roimh pipéadú, faigh ré leis an méid ata fágtha. Cur ar ais an chlaibín i ndiaidh an chultúir a bhaint amach. Tá sé mar a chéile má tá saicíní cultúir reo-thriomaithe á n-úsáid níos mó na aon uair amháin, caithfear é a thomhas amach ar bhealach nach dtruaillítear an gabhdán ná an chultúir (glan/díghalrú aon spúnóg á úsáidtear, mar shampla).

## Dáileog

Ní mhór a chinntiú dáileog ionaclaithe cruinn a úsáid, ag ceartú an méid go cúramach de réir méid an bhainne. Go hiondúil ní bhíonn an mhéid pacáistithe feiliúnach do na méideanna bheaga atá ag teastáil ó thairgeoirí bheaga. Nuair nach bhfuil méid an bhainne cothrom le méid an chultúir sa saicín, is féidir an chultúir a chaolú le lítear amháin bainne UHT agus an dáileog cultúir cuí a thomhas comhréireach.

Ná téigh ar aghaidh le aibiú an bhainne roimh an stórála-fuar. Is féidir an t-ullmhúcháin a chaomhnú roimh é a úsáid ag 4°C ach caithfear é a úsáid laistigh de 2 lá i ndiaidh é a chaolú, agus é a stóráil I ngabhdán séalaithe.

Is féidir cultúir a mheá freisin ag úsáid scallaí beaga. Nuair atá cultúir DVI pacáistithe de réir gníomhaíocht gan pacáistiú caighdeánaithe de réir meáchain, ní mhór an méid a oibriú amach mar chéatadán den mheáchain iomlán pacáistithe de chuile shaicín oscailte.

## Ullmhú na gCultúir

Teastaíonn tréimhse ullmhúcháin ó roinnt cultúir dúchasacha, cultúir tráchtála leath-dhíreach agus bulc tosaitheoirí (goir nó fo-shaothrú). Caithfear trealamh glan a úsáid agus aon bhainne a úsáidtear le linn próiseas an goir nó fo-shaothrú a bheith Ultra Theas Chóireáilte (UHT) nó fiuchta roimhe sin.

Chun coscairí a sheachaint sa bhainne, nuair atá bainne á sholáthar díreach ón bhfeirm, ní mhór cloí leis an tréimhse tarraingthe siar chuí tar éis cóireála antaibheathach. Ní mhór an bainne a thógáil ó ainmhithe nach léiríonn aon chomharthaí maistítis amháin agus gan bainne aon ainmhí atá i ndiaidh breith a úsáid laistigh de 7 lá.

Ní mhór do teocht an goir a bheith feiliúnach don cultúir atá in úsáid. Ba chóir go mbeadh teocht na hullmhúcháin bulc-thosaitheoirí feiliúnach don chultúir; cultúir thermifileach a ghoradh ag teocht thermifileach. Ní mhór tréimhse an ghoir a bhunú ar moltaí an tsoláthraí agus ar chaighdeáin an chultúir a fhaightear. Is féidir caighdeáin na gcultúir i ndiaidh an goir a mheas trí cigireacht súl, boladh, aigéadacht no pH. Nuair is gá, roimh fo-shaothrú ní mhór caighdeáin an chultúir a mheas de réir na critéir luaite faoi “Bunús agus Soláthair Cultúir.

## Ionaclú an bhainne sa dabhach.

Ní mhór do theocht an bhainne a bheith oiriúnach don chultúir ata á úsáid; Ní mhór a bheith ionrach do na dáileog agus coinníollacha cuí.

# ALT III – DEA CHLEACHTAS MHONARAÍOCHT
# TÉACHTA: TAIRGEADH, STÓRÁIL, ÚSÁID

Clúdaíonn an bileog seo gníomhartha coisctheacha in:

(i) Úsáid agus stóráil téachta tráchtála

(ii) Monarú téachta ag an déirí dá n-úsáid féin, iad siúd de bhunús ainimhithe ar nós mionáin nó uaineoil, agus de bhunús plandúil ar nós *Cynara* spp, san áireamh. Éilíonn Rialachán (CE) Uimh 1332/2008 einsímí a chuirtear le bia ar bhun theicneolaíoch a bheith faoi réir measúnú Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) roimh dul ar liosta na n-einsímí formheasta. Ar bhun phraiticiúla, bheadh measúnú iomlán ar na h-aighneachtaí uile ar mhodhanna thraidisiúnta eastóscadh einsímí dodhéanta agus is dóigh, gan gá, mar go bhfuil stair fada sábháilte ag táirgeadh thraidisiúnta i dtionscail déirithe cáise agus teach feirme. I measc na n-iarratais a cuireadh isteach roimh Marta 2015, bhí go leor ag baint le téachta athchuingrithe, roinnt a bhí imníoch faoi proteases *Cynara* agus binid ainmhithe (a thagann ó abomasum athchogantaigh) agus táthar ag súil go mbeidh siad seo le feiceáil ar an liosta aitheanta.

### Smachtú Guaiseacha le linn úsáid Téachta Thráchtála

| Cén fáth a bhfuil orainn a bheith cúramach? | Gníomhartha Coisctheacha | Seiceáil/Monatóireacht | Gníomhartha Ceartaitheacha |
|---|---|---|---|
| M, C: Is féidir le téachta bainne a thruailliú le baictéir pataigineach nó taiscí cheimiceach | Ná húsáid ach téachta a bhfuil deimhnithe comhréireach in úsáid bia. Moltaí an mhonaróra a chomhlíonadh (dáileog, dáta, teocht) Feidhmiú de réir dea chleachtais shláinteachais le gach oibríocht agus claibíní a chur ar ais i ndiaidh téachta a bhaint amach | Cigireacht súl agus orgánolepteach | Faigh ré le téachta mura bhfuil boladh, dath agus Cuma maith orthu<br>Athraigh nós imeachta stóráil agus láimhseáil .<br>Athraigh an soláthraí. |

### Smachtú guaiseach le linn Tairgeadh Binid Ainmhithe

I gcleachtais traidisiúnta, is féidir an abomasum (do laoi-diúil athchogantaigh) a bheith triomaithe, saillte no reoite chun é a chaomhnú roimh eastóscadh na h-einsíme chymosin. Déantar mionghearrtha air nó déantar taos as (ábhair boilg san áireamh) agus é a mhaothú i sáile ( de ghnáth 10 -20% w salann / v agus pH4.5-5.0). Tá éagsúlachta bheaga ag baint le na cleachtais i réigiúin éagsúla ar fud na hEorpa. Tá achoimre ar na príomh-ghuaiseacha thíos.

| An chéim faoi mhonatóireacht | Cén fáth a bhfuil orainn a bheith cúramach? | Gníomhartha Coisctheacha | Checking/Monitoring procedure | Gníomhartha Ceartaitheacha |
|---|---|---|---|---|
| Cothú agus sláinte an laoi-diúil | C:D'fheadfadh bainne na máthair a bheith truaillithe agus/nó cógais tréidliachta a bheith I láthair | Lean na treoracha cuí do thairgeadh bainne (féach "anailís riosca do thairgeadh phríomhúil )risk analysis for primary production") | | |
| | M, P: D'fheadfadh laoi- diúil ábhair eile a ithe a thruailleodh na téachta (cré mar shampla) | Coinnigh tithíocht na n-ainmhithe glan agus tirim. Is féidir laoi-diúil a bheith scoite amach in áit ghlan, nó i gcóras táirgeachta saor-raon fágtha lena máthair chun strus a sheachaint., | Cigireacht súl ar tithíochta agus cuma na n-ainmhithe. | Abomasa éillithe a dhiúltú. |

## ALT III – DEA CHLEACHTAS MHONARAÍOCHT
# TÉACHTA: TAIRGEADH, STÓRÁIL, ÚSÁID

| An chéim faoi mhonatóireacht | Cén fáth a bhfuil orainn a bheith cúramach? | Gníomhartha Coisctheacha | Checking/Monitoring procedure | Gníomhartha Ceartaitheacha |
|---|---|---|---|---|
| | M: Mura bhfuil máithreacha na laoi-diúil sláintiúil, is féidir leo galar tógálach a tharchur.. | Déan cinnte go bhfuil na máithreacha ata ag beathú agus a shliocht sláintiúil, gan bhuinneach ná cuma breoite agus le meáchain maith | Scrúdú réamh- agus iarbháis | Diúltaigh abomasa ainmhithe breoite |
| Baint amach an abomasum | M: éilliú an abomasum le baictéir stéige le linn marú agus gearradh | Bain amach an abomasum ionas nach ndéanfaí damáiste nó éilliú dó, ná do aon ionathar eile | Cigireacht súl (dath éadrom donn, le sáil bán, gan gáis) | Dhiúltaigh. Abomasa éillithe |
| Díhiodráitiú trí triomú nó deatú (roghnach) | M, P: Éilliú an abomasum le feithidí nó a larbhaí le linn triomú | Triomaigh an abomasum i gceantair saor o lotnaidí | Féach DCS “Smachtú Lotnaidí” | Seiceáil na abomasa agus diúltaigh cinn éillithe. Úsáid ceantar níos oiriúnaigh nó croch mogall frith-feithidí |
| Caomhnú abomasum triomaithe | M, C, P: éilliú coinleach nó forbairt frídí | Stóráil i coimeádann tirim agus más féidir, clúdaithe le salainn | Scrúdú orgánolepteach ( cigireacht súl agus boladh) | Diúltaigh abomasum le frídí, múnlaí no droch-bholadh |
| Díhiodráitiú le uisce sáile (roghnach) | M, C, P: Éilliú le linn díhiodráitiú , de bharr droch-chaighdeáin an salainn, gan a dhóthain a úsáid nó láimhseáil neamh-shábháilte | Coimeádáin glan oiriúnach do bhia , dea chleachtais shláinteachais agus dóthain salainn a úsáid. Éilliú an soitheach a sheachaint. Ar bhun teicniúil, ní mhór an abomasum a úsáid laistigh de 1-2 bhliain. | Scrúdú orgánolepteach ( cigireacht súl agus boladh) | Diúltaigh abomasa gan an boladh no dath ceart agus má tá gáis a fhoirmiú. |
| Salannú (1) | M, C, P: Éilliú de bharr droch-chaighdeáin salainn agus/nó gan a dhóthain a úsáid. (1) | Úsáid salann de bhunús aitheanta nó cáilithe le n-úsáid i mbia | Cigireacht súl | Diúltaigh salainn nach mbreathnaíonn go maith nó nach bhfuil oiriúnach do bhia |
| Maothú agus eastóscadh na heinsímí | M: Éilliú micribhitheolaíocht tríd an uisce, láimhseáil neamh-shláintiúil nó an tiúchan salann mícheart | Nigh lámha roimh thús an phróiseas. Úsáid uirlisí glan agus uisce-óil chun téachta a dhéanamh. Lean na treoracha cuí don tréimhse agus tiúchan an salainn | Féach bileog DCS “Cáilíochtaí Uisce” | Ní mhór don táirgeoir aon téacht a bhfuil amhras air i leith a shláinteachais a dhiúltú |
| Stóráil an binid | M: Iomadú na baictéir i láthair sa binid nó; éilliú | Stóráil in áit fhuar, méid salainn comhréireach leis an oideas | Scrúdú orgánolepteach Boladh aigéadach, dath éadrom órga (úsc leachtach) nó éadrom donn (taos binid) | Diúltaigh téachta nuair nach bhfuil an dath nó an boladh go maith |

(1) Is féidir an salannú a dhéanamh le linn nó i ndiaidh an díhiodráitiú.

# ALT III – DEA CHLEACHTAS MHONARAÍOCHT
# TÉACHTA: TAIRGEADH, STÓRÁIL, ÚSÁID

### Smachtú guaiseacha le linn Tairgeadh Téachta Plandúla

Tá thart ar scór speiceas plandaí aitheanta mar téachta bainne. Tá an t-alt seo ag díriú isteach ar an ceann is coitianta (Cynara spp). S'éard atá i gceist leis an bpróiseas ná; bailiú agus triomú an bhláth, an pistil a mhaothú in uisce (idir 4-8 uair an chloig, de réir an oideas) roimh an scagadh, agus ansin é a úsáid láithreach nó é a stóráil suas go tréimhse 7 lá.

| An chéim faoi mhonatóireacht | Cén fáth a bhfuil orainn a bheith cúramach? | Gníomhartha Coisctheacha | Seiceáil/Monatóireacht | Gníomhartha Ceartaitheacha |
|---|---|---|---|---|
| sealgaireachta (ag cruinniú faoin tuath) | M, C: is féidir le plandaí a bheith truaillithe le lotnaidí agus truailleáin cheimiceacha eile. | Cruinnigh plandaí in áiteanna saor ó éilliú aitheanta. Ná cruinnigh plandaí faoi dhraoib, briste no ag fás ar thaobh bóithre gnóthach. | Cigireacht Súl<br>Suíomh agus caighdeáin na plandaí sealgaireachta a mheasúnú go cúramach. | Diúltaigh plandaí briste nó salach nó cinn a thagann ó suímh a bhfuil amhrais i leith a shláinteachais. |
| | M, C: Fás coinleach nó forbairt miceatocsainí mura gcruinnítear iad nuair atá siad tirim. | Cruinnigh ar laethanta tirim amháin | Cigireacht súl agus boladh | Diúltaigh plandaí nach bhfuil tirim |
| Stóráil Plandaí | M, C: forbairt miceatocsainí mura bhfuil siad stóráilte in áit tirim | Stóráil in áit tirim | Scrúdú orgánolepteach<br>( cigireacht súl agus boladh) | Diúltaigh plandaí nach bhfuil tirim nó nuair nach bhfuil cuma no boladh maith orthu |
| | M, P: Éilliú creimirí nó lotnaidí eile | Stóráil amach ó lotnaidí | Cigireacht súl | Diúltaigh plandaí má tá aon amhrais faoi chreimirí |
| Maothú chun na heinsímí a eastóscadh | M: Éilliú mhicróbacha tríd an uisce a úsáidtear, droch-shláinteachais le linn láimhseáil, iomarca maothú. | Nigh lámha roimh thús an phróiseas. Úsáid uirlisí ghlan agus uisce-óil oiriúnach do dhéantús téachta Am molta: 4-8 uair an chloig | Féach bileog DCS "Cáilíochtaí Uisce" | Ní mhór don táirgeoir aon téacht a bhfuil amhras air i leith a shláinteachais a dhiúltú |
| Stóráil | M: I dteannta feidhmiú mar einsímí éagobhsaí, is féidir leis an úscra forbairt baictéir pataigineach a spreagadh | Úsáid an einsím láithreach i ndiaidh ullmhúcháin nó suas le 7 lá má tá sé stóráilte in áit fhuar. | Cigireacht súl:<br>Dath donn<br>Teocht a thomhas. | Diúltaigh tuaslagán níos sinne na 7 lá agus iad siúd nach bhfuil stóráilte in áit fhuar. |

liosta an Chomhphobail ar fáil); aibiú luathaithe; forbairt blastachta, Liopáis mar shampla. Cé gur fhoinse einsímí iad, níl cultúir mhicróbacha a chuirtear le táirgí déiríochta rialaithe faoi rialacháin an AE.

Níor chóir bia a chur ar an margadh má tá sé déanta le;

i) Breisithe bia nach gcomhlíonann Rialacháin uimh 1333/2008 AE, arna leasú;

ii) Einsímí nach gcomhlíonann Rialacháin uimh 1332/2008 AE; nó

iii) Blastachta ) nach gcomhlíonann Rialacháin uimh 1334/2008 AE agus blastachta deataigh nach gcomhlíonann Rialacháin uimh 1321/2013 AE ag cur chun feidhme Rialacháin uimh 2065/2003 AE

Ni mhór don lipéadú ar tháirgí lena bhfuil ábhair feabhsaithe a bheith cruinn, gan tomhaltóirí a chur amú trí mhíthuiscint; leachtacht deataigh ar an lipéid gan soiléiriú nach bhfuil sé deataithe go nádúrtha

| An chéim faoi mhonatóireacht | Cén fáth a bhfuil orainn a bheith cúramach? | Gníomhartha Coisctheacha | Seiceáil/Monatóireacht | Gníomhartha Ceartaitheacha |
|---|---|---|---|---|
| úsáid ábhair breisithe agus feabhsaithe bia | C: úsáid breiseáin einsímí agus cuidithe bia nach bhfuil oiriúnach do phróiseáil bia nó nuair nach gcomhlíonann siad na coinníollacha úsáidte atá leagtha síos | Cinntiú go bhfuil ná hábhair feabhsaithe oiriúnach agus ceadaithe don cineáil táirge déiríochta. Cloí le coinníollacha úsáide agus an dáileog aitheanta, go mór mhór nuair atá teorainneacha dlíthiúla do tháirgí bia i gceist. | Cigireacht súl<br><br>A bheith cúramach le méid/meá an bhreiseáin<br><br>Coinníollacha stóráil agus dátaí éagtha a sheiceáil | Má tá leibhéal an bhreiseáin níos airde ná a cheadaítear, ní mhór aisghlaoch nó tarraingt siar agus athphróiseáil a dhéanamh (arna shainiú).<br>Mura bhfuil an athphróiseáil in ann déileáil leis an guais nó mura bhfuil an breiseán ceadaithe, faigh ré leis mar ”nach bhfuil sé oiriúnach mar bhia don duine” |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | M, C, P: Truailliú an bainne nó táirgí trí comhábhair éillithe (ábhair feabhsaithe bia agus gualaigh a úsáidtear i nó ar roinnt cáiseanna)<br>Is féidir le comhábhair, luibheanna a ceannaíodh isteach mar shampla, theacht ó foinsí éagsúla, táirgthe ar bhealláí difriúla agus dé réir caighdeáin cleachtais shláinteachais agus caighdeáin mhicróbacha éagsúla. Tuairiscíodh *E. coli agus Salmonella* spp. a bheith i luibheanna triomaithe. | **Úsáid comhábhair a fhaighthear ó sholáthraí no foinse aitheanta amháin. Ni mhór iad a sheiceáil nuair a sheachadtar iad agus roimh úsáide. Teas coiréil na meascáin luibheanna agus torthaí mura bhfuil an fhoinse agus cleachtais buaint aitheanta.**<br>Clúdaigh agus stóráil de réir treoracha an mhonaróra. Ná húsáid comhábhair atá; imithe ó mhaith; dátaí éagtha sáraithe; faoi chaonach liath; nó a thugann le fios go bhféadfadh siad a bheith inmhíolaithe le lotnaidí (1)[1] | Sonraíocht táirge an mhonaróra agus Deimhniú Comhréireachta. Ba cheart le gníomhaithe feabhsaithe bia a bheith i gcomhréir le sonraíochtaí atá liostaithe i Rialachán Uimh 231/2012 CE<br><br>Cigireacht súl<br><br>Is féidir tástáil táirgí a úsáid in áit tástáil comhábhair mar cuid de phleananna an fhéin-mhonatóireachta | Diúltaigh an comhábhair nó an táirge déiríochta má tá amhras ann i dtaobh truailliú.<br><br>Diúltaigh comhábhair nó breiseáin má tá amhras ann i dtaobh truailliú fisicúla cuir tuairisc faoi bhráid an soláthraí<br>Smaoineamh ar an soláthraí a athrú.<br>. |
| | C. D'fhéadfadh comhábhair a bhféadfadh ailléirginí a bheith iontu, (torthaí triomaithe le sulfair dé-ocsaíd no lísisím díorthaithe ó gealacán uibhe) tomhaltóirí leochaileach a chur i mbaol | Ba cheart comhábhair ailléirgeach liostaithe i Rialacháin uimh 1169/2011 AE Aguisín II, a ainmniú don tomhaltóir sa liosta comhábhair nó; an focail ”ann” a úsáid agus ainm an comhábhair ailléirgeach, nuair nach bhfuil liosta comhábhair éiginnteacht | Sonraíocht táirge an mhonaróra, nó úsáid comhábhair a thagann ó foinsí aitheanta (luibheanna a fhásann agus a bhaineann an táirgeoir féin) | Ní mór do tháirgí ina bhfuil ailléirginí neamh-dhearbhaithe a tharraingt siar ón margadh agus ath-lipéadú a dhéanamh. |

(1) Féach DCS Lotnaidí

# ALT III – DEA CHLEACHTAS MHONARAÍOCHT
# SALANÚ

**Cé gur táirge an-sábháilte é salainn, ní mhór na rioscaí seo a sheachaint :**

- Éilliú ceimiceach le truailleáin ar nós copar, luaidhe, mearcair nó caidmiam.
- Éilliú fisiciúil ag eisíontais infheicthe.
- Éilliú micribhitheolaíochta nuair a úsáidtear sáile chun cáis a shalannú
- Maidir le éilliú micribhitheolaíochta, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil sáile steiriúla agus níor chóir bheith ag súil go mbeidh; Is féidir le microflora casta a bheith inmhianaithe ar bhun teicneolaíochta agus d'fhéadfadh sé cur le sábháilteacht an sáile.

**Cén chaoi ar féidir éilliú a sheachaint?**

Ní mhór an salainn a bheith d'ard chaighdeán i gcónaí, oiriúnach le n-úsáid i mbia. Ní mhór na gníomhartha seo a chomhlíonadh, ag brath ar ghuaiseacha agus teicneolaíochta an deirí.

- Is féidir guaiseacha fisicúla a sheachaint trí ghéarshúil a choinneáil ar an salainn i rith an salannú agus aon cháithníní a bhaint amach. Má tá aon amhras faoi éilliú gloine nó miotal, níor chóir an salainn a úsáid.
- Is féidir guaiseacha mhicróbacha (i sáile) a sheachaint trí;

  - Uisce inólta a úsáid.(1[2])
  - An sáile a stóráil i gcoimeádáin glan. Nuair nach féidir an umar a lonnú laistigh de limistéir táirgeadh nó aibiú, agus go meastar deis éillithe a bheith ann, (taobh amuigh den áitreabh mar shampla), is féidir clúdach a chur ar an umar.
  - An teocht a bheith ceart agus oiriúnach don teicneolaíocht a úsáidtear
  - Salainn a chur leis agus é a chorraí i ndiaidh chuile úsáid
  - Cáithníní crochta san uisce a bhaint amach go rialta. D'fhéadfadh scagairí mín (scagaire *diatomaceous earth* mar shampla) a bheith úsáideach chun athnuachan an saile a laghdú.
  - Athnuachan iomlán nó páirteach an sáile i ndiaidh é a úsáid nó nuair atá éileamh teochta nó tiúchan salann i gceist.

Ní mholtar an sáile a phaisteáil mar go bhféadfadh sé orgánaigh aibeachan tábhachtach a dhéanann iomaíocht dearfach in aghaidh éilliú craicne de bharr baictéir pataigineach, a bhaint amach; coisceann sé freisin éilliú an sáile féin de bharr pataiginí salainn-fhulangach. Ina theannta sin, is féidir leis an sáile na plátaí paistéartha ATGT (Ard Teochta Gearr Tréimhse), a chreimeadh. Chomh maith leis na moltaí thuas luaite, d'fhéadfadh roinnt tomhaltóirí na moltaí thíos luaite a chomhlíonadh freisin, - cé nach bhfuil siad oiriúnach do chuile theicneolaíocht cáise.

  - An tiúchan salann a choinneáil ag ≥19.5° Baumé (chomhionann le 21% w/v) chun teorann a cur le fás na pataiginí is fearr atá salainn-fhulangach (Listéaróis agus stafalacocas)
  - Cé go mbíonn leibhéal pH an sáile, go hiondúil, níos airde ná is gá (in éagmais aon fhachtóirí eile) chun fás pataiginí a rialú, fós, déanann roinnt táirgeoirí monatóireacht ar an sáile chun a chinntiú go gcomhlíonann sé moltaí an teicneolaíocht agus an oideas a úsáidtear.

---

(1) Féach DCS cáilíochtaí uisce

# ALT III – DEA CHLEACHTAIS MONARAÍOCHTA
# STÓRÁIL AGUS IOMPAR TÁIRGÍ

| An chéim faoi mhonatóireacht | Cén fáth a bhfuil orainn a bheith cúramach? | Gníomhartha Coiscteacha | Seiceáil/Monatóireacht | Gníomhartha Ceartaitheacha |
|---|---|---|---|---|
| Stóráil i dtaispeáint cuisnithe , cófraí caibinéid seomraí fuara srl. | M:<br>Éilliú táirgí nach bhfuil pacáistiú le pataiginí mhicróbacha le linn láimhseáil. | Éadaí cosanta glan a chaitheamh, lámha a níocháin go maith | Cigireacht súl | Má tharlaíonn an rud ceanna go minic, ní mhór don fhoireann ath-thraenáil a dhéanamh |
| | M, P: Éilliú táirgí gan pacáistiú (ámh ábhair go háirithe) ag miocrorgánaigh nó comhlachtaí eachtrannacha ó bhallaí agus/nó seilfeanna cófraí nó stóir fuar. | Coinnigh an trealamh agus na seomraí i ndea shláinteachais. Cothaigh an trealaimh ar mhinicíocht cuí. Ná fág doirse coimeádáin nó seomraí stóráil oscailte níos faide ná is gá. | Cigireacht súl | Úsáid trealamh cuí in áit trealamh atá briste nó nach bhfuil ag obair ceart.<br>Déan athnuachan ar seomraí stórála nuair nach féidir iad a choinneáil ceart. |
| | M, P:Tras-éilliú idir tháirgí atá stóráilte le chéile. | Ná bíodh teagmháil idir tháirgí pacáistithe agus neamh-pacáistithe.<br>Faigh ré le táirgí atá imigh ó mhaith nó a bhfuil dochar déanta dóibh agus aon ní eile nach bhfuil riachtanach | Cigireacht súl | Ceartaigh an teocht.<br>Stóráil na táirgí ina ngrúpaí ceart agus mar is cóir. |
| | M: Tá an-íogaireacht ag roinnt táirgí úra do fhorbairt baictéir díobhálach má bhíonn an teocht ró ard. | Díreach i ndiaidh táirgeadh agus aibeachan cur na táirgí isteach i stóráil fuar ag an teocht cuí. | Cigireacht súl<br>Teocht a rialú | Ceartaigh an teocht láithreach.<br>Faigh ré le táirgí loite nó imithe ó mhaith. |
| | M, C: Éilliú uachtair le baictéir pataigineach de bharr an scarthóir, na coimeádáin bailiúcháin nó taiscí táirgí glantacháin. | I ndiaidh úsáide, bain ón a chéile an córas soláthrach bainne, an scarthóir uachtair, na coimeádáin bailiúcháin. Trealamh a rinseáil go críochnúil. | Cigireacht súl | An glanadh a dhéanamh arís. Athbhreithniú ar nósanna imeachta agus ar ath-thraenáil foirne má tharlaíonn se go minic. |
| | M: Mura bhfuil an scarthóir sách mór, d'fhéadfadh sloda uachtair a bheith tarraingthe isteach sa bhainne | Ná scar an iomarca don scarthóir. | Cigireacht súl | Más gá, úsáid scarthóir uachtair le ráta sreafa in-choigeartaithe le méid an bhainne atá le cóireáil, nó úsáid umair maolánacha |
| Ionaclú * | M:Éillú bainne le linn ionaclú de bharr droch chaighdeáin na baictéir tosaithe, nó droch láimhseáil ag an déantóir cáise | Ná úsáid ach tosaithe ó fhoinse aitheanta atá ceadaithe le nithe ag an duine. Dea chleachtas shláinteachais le linn láimhseáil a chinntiú. Diúltaigh tosaithe (iad siúd féin-dhéanta san áireamh) má tá an chuma, boladh nó dath amhrasach. | Cigireacht súl orgánoleptic do na tosaithe díreacha nó bailce. | Diúltaigh tosaithe neamh-ghníomhach nó iad siúd le pacáistiú damáistithe nó amhrasach. Ceartaigh nósanna imeachta ullmhú tosaithe bailce. |

# ALT V- PLEANANNA AGPRC-BHUNAITHE

# IM, UACHTAR

| An chéim faoi mhonatóireacht | Cén fáth a bhfuil orainn a bheith cúramach? | Gníomhartha Coisctheacha | Seiceáil/Monatóireacht | Gníomhartha Ceartaitheacha |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| Aibeachan an uachtair (céim an-tábhachtach i gcás aibeachan coipthe. | Aibeachan coipthe:<br>M: Fás baictéir pataigineach de bharr aigéadú ró-íseal nó ró-mhall | Clúdaigh na coimeádáin. Ceartaigh teocht an uachtar chun fás baictéir lachtach a cheadú | Theirmiméadar. Tréimhse ama. Cigireacht súl don uachtar nó pH/aigéadacht intoirtmheasctha | Ceartaigh an teocht nó tréimhse aibeachan. |
| | M: Fás baictéir le linn aibeachan an uachtair | An uachtar a fhuarú chomh luath agus is féidir. | Theirmiméadar | Ceartaigh an teocht stórála |
| Pacáistiú uachtar.** | M, P, C: Éilliú uachtar de bharr trealamh, pacáistiú nó an láimhseálaí. | Glan agus dífhabhtaigh aon phacáistiú gur féidir a athúsáid. Úsáid uirlisí glan agus i ndea ord. Gan an pacáistiú a stóráil garr do ábhair a bhféadfadh a bheith mar fhoinse éillithe. Sláinteachas pearsanta agus éadaí glan. | Cigireacht súl agus orgánoleptic | An glantacháin a dhéanamh arís. Athbhreithniú ar na nósanna imeachta agus ar ath-thraenáil foirne má tharlaíonn sé go minic. |
| Stóráil uachtar** | M: Fás baictéir le linn stórála. | An uachtar a fhuarú chomh luath agus is féidir. Coimeádáin a chlúdú. | Theirmiméadar | Ceartaigh an teocht stórála |
| | M, C: Éilliú uachtair le baictéir pataigineach de bharr coimeádáin stórála nó taiscí ábhair ghlantacháin. | Na coimeádáin a ghlanadh agus a dhífhabhtú i ndiaidh chuile úsáid | Cigireacht súl agus boladh | An glantacháin a dhéanamh arís. Athbhreithniú ar na nósanna imeachta |
| Maistreadh*** | M, C, P: Éilliú uachtair le baictéir pataigineach de bharr an cuinneog, coimeádáin stórála nó taiscí ábhair ghlantacháin. | Úsáid uirlisí glan agus i ndea ord. I ndiaidh chuile úsáide, glan agus rinseáil an cuinneog go héifeachtúil. | Cigireacht súl and boladh | An glantacháin a dhéanamh arís. Athbhreithniú ar na nósanna imeachta ghlantacháin. Foinsí ábhair éilithe fisiciúil i láithreáin láimhseála bia a laghdú. |
| | M: Láithreacht agus fás baictéir pataigineach in im. | Teocht cuí leanúnach le linn an maistreadh. An mhaistreadh a stopadh ag céim an ghráin chun an t-uasmhéid bhláthach a úscadh. | Cigireacht súl<br>Theirmiméadar | Ceartaigh an teocht agus tréimhse maistreadh. |

# ALT V- PLEANANNA AGPRC-BHUNAITHE

# IM, UACHTAR

| An chéim faoi mhonatóireacht | Cén fáth a bhfuil orainn a bheith cúramach? | Gníomhartha Coisctheacha | Seiceáil/Monatóireacht | Gníomhartha Ceartaitheacha |
|---|---|---|---|---|
| Níochán an t-im*** | M: Fás baictéir pataigineach mura nitear amach an bhláthach go héifeachtúil. | Leordhóthain níochán a dhéanamh agus leordhóthain uisce a úsáid. | Cigireacht súl | Ceartaigh méid an uisce a úsáidtear. |
| | M, C: Éilliú ime de bharr an uisce níocháin. | Uisce óil a úsáid. | Úsáid uisce ó sholáthar poiblí uisce nó ó sholáthair phríobháideacha atá deimhnithe le n-ól. | Athbhreithniú ar an gcóras chóireála uisce. |
| | M: Fás baictéir pataigineach nuair atá an uisce ró-te. | Socraigh teocht an uisce níocháin go dtí teocht na h-ime. | Theirmiméadar | An uisce níocháin a fhuarú |
| Cumasc*** | M: Fás baictéir de bharr droch dáileadh na mbraonta taise | Uasmhéid an uisce níocháin a úscadh. Cumasc le chéile go maith chun dáileadh agus méid ceart na braonta taise a chinntiú. | Cigireacht súl agus/nó Páipéar tástála uisce | Tréimhse cumaisc a shocrú. |
| Salannú ***/* | M, C: Éilliú ime de bhar an t-salainn | Úsáid salainn do chaighdeán an bhia agus laistigh dá sheilfré. | Cigireacht súl | Athraigh an soláthraí |
| Múnlú/Pacáistiú*** | M, P, C: Éilliú ime de bharr uirlisí múnlaithe, pacáistiú nó an láimhseálaí | Úsáid uirlisí glan agus i ndea ord. Pacáistiú a stóráil saor ó ábhair truaillithe. Monatóireacht shláinteachas pearsanta. Stóráil go gasta ag teochtaí fuara. | Cigireacht súl | An glantacháin a dhéanamh arís. Athbhreithniú ar na nósanna imeachta agus ar ath-thraenáil foirne má tharlaíonn sé go minic. |

**Céimeanna a bhaineann le táirgeadh uachtar amháin/ *** Céimeanna bhaineann le táirgeadh ime amháin * Céimeanna roghnach

Each freisin: 1) DCS glantacháin, DCS Dífhabhtú 2) Anailís guaiseacha Tairgeadh Phríomhúil . 3) DCM Cultúir. 4) DCM Téachtadh. 5) DCS Dea chleachtais shláinteachais ginearálta, traenáil agus sláinte foirne. 6) DCS Áitreabh agus Cothabháil an Trealamh.. 7) DCS Cáilíochtaí Uisce. 8) DCM Salannú . 9) DCM ag cur breisithe le bainne agus gruth

(RD) 853/2004 – Ní mhór an bainne a fhuarú láithreach go dtí uasmhéid - 8°C má bhailítear nó má chlaochlaítear ar an lá céanna é - NÓ- go dtí 6°C mura bhailítear nó mura chlaochlaítear ar an lá céanna é.

# ALT V- PLEANANNA AGPRC-BHUNAITHE
# TÁIRGÍ BAINNE COIPITHE

San aicme táirgí bainne coipthe áirítear kefir, iógart, bláthach, ymer, filmjölk, rjaženka agus tuilleadh, is aigéadú le baictéir aigéad lachtach an choitiantacht.

1. **An Modh Socraithe.** Measctar an bhainne le comhábhair (siúcra, torthaí, blaistithe, dathanna srl..) ansin ionaclaíodar le cultúir tosaithe é agus líontar isteach sa chríoch-phacáistíocht é roimh thréimhse goir agus fuarú ag a dheiridh.
2. **An Modh Corraitheach.** Ionaclaíodar an bhainne le cultúir tosaithe agus cuirtear ar gor i gcoimeádáin coipeadh é. Nuair a shroichtear an pH cuí, fuaraítear an aigeádtéachta agus measctar isteach ná comhábhair leis, roimh líonadh agus pacáistiú.

Ní mhór do tháirgeoirí na céimeanna cuí dá gcuid táirgí féin a chinntiú, ag braith ar an teicneolaíocht atá in úsáid acu.

| An chéim faoi mhonatóireacht | Cén fáth a bhfuil orainn a bheith cúramach? | Gníomhartha Coisctheacha | Seiceáil/Monatóireacht | Gníomhartha Ceartaitheacha |
|---|---|---|---|---|
| Líonadh an umair | M, C: Éilliú Mhicróbach agus cheimiceach an bhainne de bharr uirlisí agus fearais (umair, corraitheoirí, buicéid, uirlisí sluaisteála srl…) Is féidir le uirlisí salacha bainne a éilliú le baictéir pataigineach. Is féidir le taiscí ábhair glantacháin bainne a éilliú. | Cinntiú go bhfuil an trealaimh glan i gcónaí. Ná cur uirlisí bheaga síos díreach ar an urlár. (1) | Cigireacht súl | An glanadh agus/no dífhabhtú a dhéanamh arís. Rinseáil go maith le uisce óil. Athraigh nósanna imeachta glantacháin. Ma tharlaíonn sé go minic, athbhreithniú ar thraenáil an déantóir cáise (7) |
| Paistéaradh** (3) | M: Tá an-íogaireacht ag táirgí bainne do fhorbairt baictéir pataigineach. Is féidir le roinnt baictéir theacht slán i ndiaidh paistéaradh uireasach. | Áiseanna cuí paistéaradh a chur ar fáil. | Teocht agus tréimhse a mheas. | Ath-phaistéarachán ar an mbainne má thiteann an teocht síos faoin teorainn. Feabhsaigh nó athraigh an trealamh paistéaracháin. |
| Fuarú go dtí teocht cuí ionaclú | M:.Féidireacht ath-éilliú de bharr an tréimhse fuarú a bheith ró-fhada nó fearais cuisniúcháin neamh-ábhartha. | Cinntiú go bhfuil an tréimhse fuarú sách gasta agus go bhfuil an fearais cuisniúcháin éifeachtach. | Teocht agus tréimhse a mheas. | Athraigh nó feabhsaigh an fearais cuisniúcháin |
| Cur leis na cultúir tosaithe (4) | M: Éilliú bainne le linn ionaclú de bharr baictéir tosaithe nach bhfuil d'ard chaighdeán nó droch-láimhseáil na foirne táirgthe. | Ná úsáid ach tosaithe gníomhach aitheanta nó iad siúd atá deimhnithe oiriúnach mar bhia don duine. Iad a stóráil agus láimhseáil de réir dea chleachtais shláinteachais | Cigireacht súl: cuma agus dáta sheilfré a sheiceáil. | Diúltaigh pacáistí nach bhfuil d'ard chaighdeán, no go bhfuil an Cuma nó boladh amhrasach. Ceartaigh nósanna imeachta stóráil agus láimhseáil, athraigh an soláthraí. |

# ALT V- PLEANANNA AGPRC-BHUNAITHE
# TÁIRGÍ BAINNE COIPITHE

| An chéim faoi mhonatóireacht | Cén fáth a bhfuil orainn a bheith cúramach? | Gníomhartha Coisctheacha | Seiceáil/Monatóireacht | Gníomhartha Ceartaitheacha |
|---|---|---|---|---|
| Nuair a chuirtear isteach na torthaí, dathanna, blastáin srl… (5)* | M, C, P: Possibility of contamination during additions of ingredients. | Ná úsáid ach uirlisí a ghlantar no ata dífhabhtaithe ndiaidh chuile úsáide. Ná úsáid ach comhábhair ó fhoinse nó soláthraí aitheanta agus ní mhór iad a sheiceáil nuair a thagann siad agus roimh úsáide. Ní mhór meascann luibheanna agus torthaí a theas-chóireáil nuair nach bhfuil an foinse nó modh bainte aitheanta. | Cigireacht súl agus orgánoleptic. | Diúltaigh pacáistí nach bhfuil de ard chaighdeáin, no go bhfuil an cuma nó boladh amhrasach.<br>Ceartaigh nósanna imeachta stóráil agus láimhseáil, athraigh an soláthraí. |
| Gor* | M: Má tá an aigéadú níos moille ná ba chóir de réir an oideas, d'fheadfadh miocrorgánaigh millteanach a fhorbairt. | **Cinntiú go bhfuil teicneolaíocht an láithreáin táirgeadh i ndea ord: (soithí nó seomraí goraíochta)** | **Cigireacht súl agus orgánoleptic.**<br>**Monatóireacht aigéadacht nó an pH a thomhais**<br>**Moltaí ginearálta: aigéadacht críochnaithe pH ≤ 4,5** | Diúltaigh táirgí le blas agus/nó cuma amhrasach.<br>Ceartaigh na paraiméadair goraíocht. |
| Fuarú an táirge | M:.Féidireacht forbairt miocrorgánaigh de bharr fuarú fada agus mall. | Fuarú gasta na dtáirgí a chinntiú | Cigireacht súl | Cothabháil agus/nó athraigh an fearais cuisniúcháin |
| Pacáistiú | M, C, P: Éilliú de bharr meaisín pacála, ábhair pacáistiú, an fhoireann táirgthe nó timpeallacht an láithreáin pacála de bharr fungais san aer. | Glan agus/nó dífhabhtú na línte líonadh agus pacáistiú i ndiaidh chuile úsáid. . | Teocht agus tréimhse a mheas. | Diúltaigh pacáistí nach bhfuil d'ard chaighdeán nó atá damáistithe ,<br>Bíodh an fearais pacáistiú i ndea ord.<br>Ma tharlaíonn sé go minic, ath-thraenáil foirne. |

* D'fhéadfadh na céimeanna seo a bheith in oird éagsúla ag brath ar an teicneolaíocht i gceist.
**Cé go moltar go láidir an chéim seo, níl sé éigeantach.
Féach freisin: 1). DCS glantacháin 2). DCS Dífhabhtú 3). Pleananna AGPRC-bhunaithe; Bailiú, Stóráil agus Cóireáil Bainne 4). DCM Cultúir. 5). DCM ag cur breisithe le bainne agus gruth.

# ALT V- PLEANANNA AGPRC-BHUNAITHE
# TÁIRGÍ DEIRIOCHTA NEAMH-COIPITHE

Clúdaíonn an t-alt seo réimse leathan táirgí. Déantar roinnt as bainne amh, agus téann roinnt eile tríd cóireáil teasa le linn táirgeadh atá cothrom le, nó níos airde ná teocht paistéarachán.

| An chéim faoi mhonatóireacht | Cén fáth a bhfuil orainn a bheith cúramach? | Gníomhartha Coisctheacha | Seiceáil/Monatóireacht | Gníomhartha Ceartaitheacha |
|---|---|---|---|---|
| Soláthar comhábhair nó ábhair feabhsúcháin bia | C, M, P: Éilliú bainne no táirgí de bharr comhábhair truaillithe nó de bharr úsáid ailléirginí gan iad a dhearbhú. | Ná h-úsáid ach comhábhair ó sholáthraí aitheanta nó foinse deimhnithe. (1) Comhábhair ailléirgeach a dhearbhú don tomhaltóir de réir rialú 1169/2011(AE) (RD) | Cigireacht súl agus boladh na gcomhábhair. | Diúltaigh na comhábhair má tá aon amhras éilliú.<br><br>Caithfear táirgí le ailléirginí neamh-dearbhaithe a tharraing siar agus a ath-lipéadú. . |
| Cócaireacht/cóireáil teasa comhábhair neamh-déiríochta. | M:Nuair a úsáidtear comhábhair nach bhfuil “Ré le n-Ithe (RLI), (uibheacha agus féidearthachtaí salmonella mar shampla), i ndéantús táirgí déiríochta a bhféadfadh éilliú mhicróbacha a chothú san táirge nó san láithreáin próiseála. | **Nuair atá sé ábhartha, cuimhnigh ar comhábhair nach bhfuil Ré le n-Ithe (RLI) ach atá teas coireálta. Ba cheart do nasc an teocht agus tréimhse na pataiginí imníocha a dhí-ghníomhú.** | Teocht (agus tréimhse, má tá sé cuí)) an cóireáil teasa. | Ní mhór gan táirgí atá ceaptha dul tríd cóireáil teasa, ach nach shroicheann an tréimhse nó an teocht cuí a úsáid mar bhia don duine gan tuilleadh cóireála. |

# TÁIRGÍ DEIRIOCHTA NEAMH-COIPITHE

| An chéim faoi mhonatóireacht | Cén fáth a bhfuil orainn a bheith cúramach? | Gníomhartha Coisctheacha | Seiceáil/Monatóireacht | Gníomhartha Ceartaitheacha |
|---|---|---|---|---|
| Cuisniú (lena n-áirítear 'ag dul in aois' cuisnithe de bhunanna uachtar reoite) nó Reo. | M:Fás baictéir pataigineach plandúil nó spoir-fhoirmithe agus táirgeadh tocsain le linn tréimhse fuarú fadaithe do tháirgí teas coireálta, nó le linn stóráil cuisnithe ag teocht ró-ard. | **Nuair nach bhfuil gá le tréimhse fada fuarú ar bhun theicneolaíochta agus nach bhfuil na pataiginí rialaithe ag gníomhaíochtaí uisce íseal, cuisnigh táirgí faoi 8°C agus coinnigh leis an slabhra cuisniúcháin. Fuarú gasta go dtí teocht stórála cuí (go hiondúil ≤8°C laistigh de 4 uair an chloig).**<br><br>D'fhéadfaí fás na pataiginí a rialú tré sheilfré na dtáirgí a theorannú.<br><br>Ní mhór táirgí déiríochta reoite a fhuarú go gasta go dtí an teocht molta -18°C agus gan é a bheith ath-reoite i ndiaidh leá (ag margadh mar shampla) (2) (3) | Teocht na dtáirgí le linn fuarú agus an láithreán cuisnithe le linn stórála . | Diúltaigh bainne má sháraítear an teocht nó coinníollacha cuí aitheanta nó má bhristear an slabhra cuisniúcháin.<br><br>Ceartaigh nó socraigh an fearas cuisniúcháin.<br><br>Athbhreithniú ar méid na bpacáistí mar go bhfuaraíonn méideanna móra níos moille.<br><br>Athbhreithniú ar nósanna imeachta agus traenáil |

1) DCM Ag cur breisithe leis an Bainne agus Gruth. 2) DCM Stóráil agus Iompair Táirgí. 3) DCM Díolacháin Díreach.

# ALT VI – INRIANAITHEACHT

Tá inrianaitheacht sonraithe de réir Rialúcháin (AE) 178/2002 – alt 8, " ar cumas bia, beatha, bia-ainmhithe, ábhair atá - nó ábhair a bhfuil súil go mbeidh – curtha leis an mbia nó beatha ag aon chéim don táirgeadh, próiseáil nó dáileadh amach.

**Ní mhór don táirgeoir a bheith in ann na gnéithe seo a leanas a aithint agus a rianú láithreach:**

- **Céim amháin siar:** Bunús na gcomhábhair uilig a úsáidtear i bpróiseáil: bainne, téachta, cultúir lachtacht, salainn srl…
- **Céim amháin ar aghaidh:** An duine a cheannaíonn na táirgí (ach amháin sa gcás go ndíoltar díreach léis an tomhaltóir dheiridh iad). S'éard atá i gceist le "Táirgí" ná comhábhair atá le dul tríd tuilleadh próiseála mar bhia don duine – ar nós meadhg agus fo-tháirgí eile a bhfeadfaí a úsáid mar bhia.

Chun an rialúcháin seo a chomhlíonadh, ní mhór don táirgeoir córas agus nósanna imeachta a bhunú a chuirfidh an eolais seo ar fáil do na húdaráis cuí, nuair a theastaíonn sé.

## Cén sort eolas ar chóir a choinneáil agus a chur ar fáil?

Ní mhór an t-eolas seo a leanas maidir le inrianaitheacht a chur ar fáil i leith amh ábhair de bhunús ainmhithe (bainne mar shampla) agus táirgí déiríochta (ach amháin iad siúd le táirgí plandúil agus táirgí próiseáilte de bhunús ainmhithe iontu), a fhaightear isteach nó a shaolaítear do comhlachtaí bia eile (seachas an tomhaltóir deiridh);

- Cur síos ar an táirge (bainne-amh, cáis, srl...)
- An méid táirge atá i gcist
- Ainm agus seoladh an deirí nó gnó as a seoladh é
- Ainm agus seoladh an oibreoir ghnó bia a sheoladh chuige é
- Uimhir/téarma tagartha chun an lota, baisc nó coinsíneacht a aithint
- Dáta seolta

Nuair a fhaightear ábhair isteach nach bhfuil de bhunús ainmhithe (ábhair pacáistiú, páipéir cáise, céir, clúdathóirí srl…) nó nuair a sheoltar amach táirgí déiríochta de bhunús plandúil agus táirgí próiseáilte de bhunús ainmhithe, ní mhór don táirgeoir a bheith in ann an soláthraí, chomh maith leis/nó, an oibreoir ghnó bia go dtí a sheoladh an táirge, a aithint.

## Cén chaoi ar cheart an t-eolas seo a chur ar fáil?

Sonraítear baisc (Rialúcháin. (AE) Uimh. 2073/2005) mar *"grúpa nó sraith tháirgí aitheanta a thagann ó phróiseas éagsúil agus próiseáilte faoi na coinníollacha éagsúla céanna, agus a tháirgítear in áit faoi leith laistigh de thréimhse faoi leith.*
De réir an sainmhíniú seo, is é an táirgeoir a dhéanann an sainiú ar a bhaisc féin, chomh fada agus atá sé comhréireach le "*coinníollacha atá den mhórchuid mar a chéile*", "*áit ar leith*", "tréimhse táirgthe *sainithe*".
Aithníonn roinnt déirithe na baisc de réir: an data táirgthe; an dáta éaga; tréimhse coitianta táirgeadh fada/gearr srl..
Tá freagracht an mhodh a roghnaítear ar an táirgeoir féin; Má sainítear baisc áfach, atá níos mó ná táirgeadh aon lae, glacann an táirgeoir freagracht as an gcontúirt go gcaillfí go leor den táirge má tharlaíonn aon cheo neamh comhréireach nó mí-oiriúnach don mbia.
Ní mhór don deirí a tuairiscí féin a choinneáil maidir le amh ábhair agus na táirgí a fhaightear isteach agus a sheoltar amach:

- Trí chóipeanna de shonraisc agus nótaí seolta a choinneáil, nó,
- Trí "earraí amach" a logáil; cuntas láimh-scríofa ar uimhir an bhaisc, méid, ainm an custaiméara, data seolta, ta sé éasca inrianaitheacht a chinntiú .

## Inrianaitheacht inmheánach

Tá inrianaitheacht inmheánach idir na hamh-ábhair agus na comhábhair a fhaightear isteach agus, na cáiseanna agus táirgí déiríochta a táirgítear, deonach, ach cuidíonn sé leis an ais-tharraingt nó tarraingt siar a theorannú i gcás go bhfuil comhábhair éillithe aitheanta i mbaisc áirithe.

# ALT VII-
# FÉIN MHONATÓIREACHT

Tá ról lárnach ag féin mhonatóireacht i mbainistiú an córas shábháilteachta bia a chuirtear i láthair sa treoirleabhair seo. Tá sé de dhualgas ar an táirgeoir a chinntiú nach gcothaíonn a tháirge contúirt do shláinte an tomhaltóir, mar sin, ní mhór don táirgeoir a chóras féin a bhunú chun **sábháilteacht bia a bhainistiú** chun na guaiseacha a bhaineann le sábháilteacht bia a dhíbirt nó a laghdú chuig leibhéal inghlactha.

Ní mhór don **chóras bainistíochta shábháilteachta bia** bearta áisiúla féin mhonatóireachta a leagann síos do na céimeanna áirithe sa bpróiseas táirgthe. (féach tábla 1):

- **Dea chleachtais shláinteachais DCS:** Tá na **DCS** mar bhunchloch a bhfuil na pleananna rialú sláinte bunaithe, mar sin, cuidíonn siad go mór lé sábháilteacht an táirge. Go minic, clúdaíonn siad gníomhartha ar nós gnáth chothabháil innealra atá éasca go maith agus thar a bheith éifeachtach.
- **Dea chleachtais mhonatóireacht DCM:** Clúdaíonn na **DCM** chuile ghné den mhonaróireácht; amh ábhair, iompair, próiseáil, stóráil, seoladh agus díolacháin an táirge críochnaithe. Cinntíonn na **DCM** go bhfuil an próiseas táirgeadh leanúnach agus teoranta go dtí an chaighdeán cuí atá riachtanach don úsáid agus comhréireach le sonraíochtaí an táirge.
- **Pleananna AGPRC bhunaithe:** léiríonn na pleananna seo na gníomhartha coisctheacha do tháirgí agus gníomhaíochtaí ag na céimeanna éagsúla don phróiseas táirgthe.

Cuireann an cúig modúl seo críoch leis an g**córas bainistíochta shábháilteachta bia**:

- **Traenáil foirne**; riachtanach chun na gníomhartha shábháilteachta bia a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Tarlaíonn botúin de bharr droch-chumarsáid (go mór mhór nuair atá athrú nósanna imeachta i gceist), easpa oiliúna nó easpa tuisceana.
- **Anailís le linn an phróiseas táirgthe**; riachtanach chun eolas úsáideach a soláthar don táirgeoir agus fadhbanna lena dtáirgí a aithint sula shroicheann siad an margadh.
- **Anailís táirgí**: riachtanach chun a chinntiú go bhfuil an córas bainistíochta shábháilteachta bia ag feidhmiú mar is cóir bunaithe ar prionsabail AGPRC agus dea chleachtais shláinteachais.
- **Pleananna bainistíochta neamh-comhréireach:** riachtanach chun eolas a sholáthair ar nósanna imeachta chun dul i ngleic le neamh-comhréireacht nuair atá sé aitheanta.
- **Inrianaitheacht;** riachtanach chun táirgí neamh-comhréireach a aithint agus a scaradh láithreach. Tábla 1: Féin-mhonatóireacht.




**Modh anailíse**

# ALT VII-
# FÉIN MHONATÓIREACHT

Ní féidir le táirgeoirí sábháilteacht bia a chinntiú gan chóras bainistíocht shábháilteachta bia. Níl sé sásúil nó sách éifeachtach a bheith ag brath ar thástáil an táirge críochnaithe amháin. Soláthraíonn tástáil eolas úsáideach, ach tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir samplú chun rud a chinntiú nó samplú chun an phróiseas táirgthe a rialú.

1. **Fíorú agus bailíocht ar an gcóras bainistíochta shábháilteachta bia.**

Teastaíonn nósanna imeachta fíoraithe agus bailíochtaithe chun a héifeachtacht agus a héifeachtúlacht a léiriú. Dá bhrí sin, ní mhór don táirgeoir tástáil-táirge de réir na gcritéir mhicrobitheolaíochta atá leagtha síos in Iarscríbhinn i do rialacháin 2073/2005 a dhéanamh.

Níl minicíocht faoi leith i gceist don táirgeoir. Ní mhór an mhinicíocht a athchóiriú de réir nádúr (mar shampla; cineáil táirge, méid táirgthe), agus méid an ghnó bia chomh fada agus nach gcuirtear sábháilteacht an bhia/ábhair bia i mbaol.
Le h-ais sin, is féidir líon na samplaí leagtha síos sna pleananna samplaí. Iarscríbhinn I. a ghearradh siar más féidir taifead stairiúil do nósanna imeachta éifeachtachta atá AGPRC-bhunaithe a thaispeáint.
Nuair atáthar ag tógáil samplaí, moltar go láidir na nósanna imeachta thíos:

- Ní mhór teicníc aiseipteach a úsáid chun tras-éilliú idir shraitheanna/baisceanna (aitheanta de réir sainmhíniú an táirgeoir) – go hairithe nuair atáthar ag samplú de réir critéir shábháilteachta bia.
- An tréimhse cuí samplála a aithint. Go hiondúil, éiríonn pataiginí neamh ghníomhach i gcáiseanna crua fad-aosta, mar sin, d'fhéadfaí an anailís a dhéanamh le linn aibeachan in áit ag céim na grutha, ach, nuair atá an seilfré gairid nó an taisleach ard i cáiseanna bhoga, d'fhéadfaí an anailís a dhíriú ar an mbainne nó gruth in ionad sin.

Nuair a déantar an tástáil chun éifeachtacht an Córas Bainistíochta Shábháilteachta Bia a chinntiú, ní mhór an sampláil a dhéanamh ag an gcéim atá leagtha amach i Rialúcháin (AE) 2073 (féach leathanaigh 83-85). I dteannta sin, má tá an tástáil dírithe ar inghlacthacht baisc bia nó próiseas ar leith, glactar leis an méid samplaí atá leagtha síos in Iarscríbhinn I, mar mhéid íosta.

**2. Anailís le linn an phróiseas táirgthe chun an próiseas táirgthe a rialú**

Chomh maith le bailíochtú an chórais bainistíochta sábháilteachta bia, d'fhéadfadh cineálacha eile anailíse a bheith iomchuí. D'fhéadfadh anailís micróbach, fhisiciúil nó cheimiceach a bheith ábhartha, - ar nós monatóireacht ar réimsí próiseála, trealamh, bainne, nó gníomhaíocht an uisce agus aigéadacht a sheiceáil, nó taighde ar sheilfré bia atá ré le n-ithe. RLI

Caithfear tástáil bainne a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CE) uimh 853/2004 (féach cuid VIII). Ni mhór do tháirgeoirí ag táirgeadh bianna ré le n-ithe, lena bhféadfadh Listeria monocytogenes shláinte an phobail a chur i mbaoil, na réimsí próiseála agus an trealamh a shampláil do Listeria monocytogenes mar chuid dá scéim samplála. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach 'Treoirlínte maidir le samplála an limistéar próiseála bia agus trealamh do Listeria monocytogenes' an AE. (1)
D'fhéadfadh taighde sheilfré a bheith iomchuí chun a thaispeáint go dtacaíonn, nó nach dtacaíonn, an bhia ré le n-ithe le forbairt baictéir pataigineach. Chun tuilleadh eolas a fháil, féach ar na doiciméid treorach ar taighde sheilfré. (2).
Ní mhór na nósanna imeachta tástála a bheith bunaithe ar measúnú an táirgeora. Tá an táirgeoir freagrach as minicíocht an sampláil a shocrú, ach amháin i gcás roinnt critéir nuair atá an líon tástála rialaithe ( an critéir do bhainne mar ábhair phríomhúil, mar shampla).

Is féidir an tástáil a dhéanamh am ar bith le linn an phróiseas. Braitheann an modh a roghnaítear ar chéard is mian leis an táirgeoir a thástáil, mar shampla:

- Nuair a athraítear córas díghalrú, d'fhéadfadh áireamh baictéir éifeachtach an athrú a chinntiú.
- D'fheadfadh anailís ar an uisce smearadh nó maipín ó sheilfeanna aibeachan le linn níocháin na gcraicne, a bheith níos éifeachtaigh chun éilliú Listeria monocytogenes ag leibhéal íseal nó fánach a léiriú sa ghruth in áit an táirge críochnaithe a thástáil.
- Áisiúlacht an bhia nó comhábhair dá n-úsáid cuí, nó a sheilfré, a léiriú.
- Má tá córas paistéarach....áin in úsáid, is féidir éifeachtacht an paistéarú a chinntiú tré anailís a dhéanamh ar an alcaileach Phosphatase nó Enterobacteriaceae sa bhainne, (féach leathanaigh 50-51 agus 85 chun tuilleadh eolas a fháil).

Is féidir le táirgeoirí modhanna tástála agus nósanna imeachta samplú eile a úsáid ar nós samplaí a chomhthiomsú, chomh fada is go bhfuil an t-údarás cuí sásta go léiríonn siad ar a laghad, ráthaíochtaí coibhéiseacha. D'fhéadfadh na nósanna imeachta seo suímh samplála agus treochtaí anailíse a úsáid.

Tá sé tábhachtach:

- A thaispeáint do fhostaithe nua conas samplaí a thógáil, más cuid dá ndualgas é.
- A chinntiú go bhfuil an saotharlann tástála bia aitheanta agus an taithí cuí i dtástáil bainne mar go mbíonn saineolas, caighdeán agus comhairleachta éagsúla i gceist. Ní mhór don táirgeoir muinín a bheith acu as an saotharlann a roghnaigh siad.
- A chinntiú go bhfaigheann an saotharlann na samplaí i ndea ord agus lipéadaithe go soiléir. Ní dócha go ndéanfadh an teocht le linn iompair go dtí na saotharlainne aon dochair do chaighdeáin na samplaí a sheoltar le haghaidh anailís cheimiceach ( Enterotoxin mar shampla) nó anailís mhicrobitheolaíochta ar cháiseanna crua/leat-chrua nó táirgí coipthe le pH íseal ar nós iógart ach ní mhór an slabhra cuisniúcháin a choinneáil do tháirgí a bhfuil cuisniúcháin riachtanach chun a shábháilteacht a chinntiú, (bainne mar shampla, nó táirgí déiríochta neamh-coipthe). Ba chóir go mbeadh an saotharlann in ann tuairisciú ar riocht agus teocht na samplaí tar éis dóibh theacht isteach agus léirmhíniú a thabhairt ar thorthaí comhréireacha le rialacháin 2073/2005 AE, chomh maith le haon sonraíochtaí eile a chuirfidh an táirgeoir ar fáil.
- Ba cheart go mbeadh méid na samplaí sách mór chun go mbeadh an saotharlann in ann na tástálacha a dhéanamh orthu. Ba cheart do na samplaí a bheith fánach go maith ach fós léiritheach den bhaisc.
- Má chaithfear an anailís a dhéanamh ag pointe áirithe (mar shampla; tástáil nuair a bheifear ag súil go mbeidh an líon téachtáis dearfach staphylococci is airde i láthair, nó áireamh coilíneachtaí i mbainne amh), ní mhór an saotharlann a chur ar an eolas chun moill nó deacrachtaí i léirmhíniú na dtorthaí a sheachaint.

Tá sé tábhachtach nuair atáthar ag sampláil:

- Modh a aithníonn orgánaigh iomchuí don phróiseas nó táirge (áireamh baictéir a sheiceáil chun éifeachtacht an próiseas díghalrú a chinntiú, mar shampla).
- Teicníc aiseipteach a úsáid chun tras-éilliú idir na samplaí a sheachaint.
- A bheith eolach i dtaobh an neamh-gníomhú a bhaineann le taiscí díghalráin nó ábhair sláintíochta. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach nuair atá maipíní dromchlaí i gceist.
- Ni mhór na dromchlaí as a dtógtar maipíní a chaighdeánú chun cruinneas an áireamh baictéir agus torthaí na dtástála a chinntiú.
- Treoracha a thagann le trealamh samplála trádála a leanacht.

***(1)*** *Treoracha ar samplú trealamh agus láithreáin próiseála bia do Listeria monocytogenes Leagan 3 – 20/08/2012*
http://ec.europa.eu/food/safety/docs/biosafety_ food-hygiene_microbiocriteria-guidelines_sampling_en.pdf
***(2)*** *GUIDANCE DOCUMENT on Listeria monocytogenes shelf-life studies for ready-to-eat foods, under Regulation (EC) No 2073/2005 of 15 November 2005 on microbiological criteria for foodstuffs*
http://ec.europa.eu/food/sites/food/files/safety/docs/biosafety fh mc technical guidance document listeria in rte foods.pdf ***(3)*** http://ec.europa.eu/food/safety/biosafety/food fh mc guidance document lysteria.pdf

# ALT VII-
# FÉIN MHONATÓIREACHT

Achoimre ar Rialacháin (AE) 20732005 bainteach le táirgí déiríochta clúdaithe sa treoirleabhar seo

Tábla 1: Critéir Sábháilteacht Bia

Is féidir leis an táirgeoir líon na samplaí (n) a ghearradh siar más féidir taifead stairiúil do nósanna imeachta éifeachtachta atá AGPRC-bhunaithe a thaispeáint. Ní mhór don táirgeoir cinneadh a dhéanamh faoin gcineál samplála agus minicíocht an tástála. Má tá an tástáil dírithe ar inghlacthacht baisc bia nó próiseas ar leith, glactar leis an méid samplaí thíos mar mhéid íosta. Maidir le critéir shábháilteachta bia, tá m beag agus M mór, mar a cheile

| Orgánaigh | Bia | critéir | n | c | m | M | Sainmhíniú |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *Listeria monocytogenes* | **Bianna ré le n-ithe (RLI) atá in ann fás *Listeria* a cheadú** | 1.2 | 5 | 0 | In easnaimh i 25g | | I gcúig shampla, ní féidir le aon cheann "in easnaimh i 25g" a shárú **sula bhfágann an bhia stiúir láithreach an táirgeora,** nuair nach bhfuil an FBO in ann léiriú don údarás cuí nach sáróidh an táirge 100cfu/g le linn a sheilfré. |
| | | 1.2 | 5 | 0 | 100cfu/g | | I gcúig shampla, ní féidir le aon cheann 100cfu/g a shárú **laistigh de seilfré an táirge atá curtha ar an margadh**, nuair atá an FBO in ann léiriú don údarás cuí nach sáróidh an táirge an teorann seo le linn a sheilfré. |
| | **Bianna ré le n-ithe (RLI) nach bhfuil in ann fás *Listeria* a cheadú**<br>Clúdaíonn an rannóg seo táirgí le:<br>• pH ≤4.40 nó;<br>• $a_w$ ≤0.92 nó;<br>• pH ≤5.00 <u>agus</u> $a_w$ ≤0.94 or;<br>• sheilfré <5 lá.<br>• Táirgí eile atá faoi réir imscrúdaithe eolaíochta. | 1.3 | 5 | 0 | 100cfu/g | | I gcúig shampla, ní féidir le aon cheann 100cfu/g a shárú **laistigh de seilfré an táirge atá curtha ar an margadh .** |
| *Salmonella* | **Cáis, im nó uachtar de dhéantús bainne amh no neamh-paistéartha** (mura bhfuil an táirgeoir in ann a chinntiú don údarás cuí nach bhfuil aon chontúirt Salmonella i rith an tréimhse aibeachan agus $a_w$.) | 1.11 | 5 | 0 | In easnaimh i 25g | | I gcúig shampla, caithfidh siad go léir a bheith "in easnaimh i 25g" **laistigh de seilfré an táirge atá curtha ar an margadh** |
| | **Uachtar Reoite**<br>(ach amháin sa chás go mbeadh an próiseas monatóireach nó an comhdhéanamh in ann deireadh a chur leis an gcontúirt). | 1.13 | 5 | 0 | In easnaimh i 25g | | I gcúig shampla, caithfidh siad go léir a bheith "in easnaimh i 25g **laistigh de seilfré an táirge atá curtha ar an margadh** |
| Eintreatocsainí Staphylococclach | **Cáis dá dtagraítear sna Critéir Phróiseas Sláinteachais a bhaineann le téachtáis Dearfach Staphylococci (CPS) (2.2.3, 2.2.4 & 2.2.5)** | 1.21 | 5 | 0 | Neamh-aimsithe i 25g | | I gcúig shampla, caithfidh siad go léir a bheith "Neamh-aimsithe i 25g " **laistigh de sheilfré an táirge atá curtha ar an margadh .** This criterion applies where levels of CPS exceed $10^5$/g at the point specified in the relevant process hygiene criterion. |

Achoimre ar Rialacháin (AE) 20732005 bainteach le táirgí déiríochta clúdaithe sa treoirleabhar seo
Tábla 2: Critéir an Phróiseas shláinteachais

Is féidir leis an táirgeoir líon na samplaí (n) a ghearradh siar más féidir taifead stairiúil do nósanna imeachta éifeachtachta atá AGPRC-bhunaithe a thaispeáint. Ní mhór don táirgeoir cinneadh a dhéanamh faoin gcineál samplála agus minicíocht an tástála. Má tá an tástáil dírithe ar inghlacthacht baisc bia nó próiseas ar leith, go mór mhór má tá sé nua nó athraithe, glactar leis an méid samplaí thíos mar mhéid íosta. Glactar le torthaí faoi m mar shásúil. Ní ghlactar le torthaí ós cionn M, nó torthaí a léiríonn go bhfuil níos mó samplaí c le luachanna idir m agus M, mar shásúil. Má tá na torthaí “sásúil”, (sáraíonn torthaí c (nó níos lú ná sin), torthaí m ach ní sháraínn aon cheann M), ní mhór don tairgeoir athbhreithniú a dhéanamh ar an próiseas táirgthe chun a chinntiú nach i dtreo torthaí míshásúla atá siad dírithe.

| Orgánaigh | Bia | Criteria | n | c | m | M | Sainmhíniú | Gníomharth a I gcás torthaí míshásúil (féach thíos) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *E. coli* | **Cáis de dhéantús bainne nó meadhg atá teas-chóireáilte** | 2.2.2 | 5 | 2 | 100 cfu/g | 1000 cfu/g | I gcúig shampla, is féidir le péire 100 cfu/g a shárú, chomh fada agus nach sáraíonn aon cheann 1000 cfu/g**, le linn an tréimhse mhonaraithe a bheití ag súil leis an comhaireamh is airde. **** | A & B |
| | **Im agus uachtar de dhéantús bainne amh.** (nó bainne atá teas-chóireáilte ag teocht níos ísle ná paistéaracháin.) | 2.2.6 | 5 | 2 | 10 cfu/g | 100 cfu/g | I gcúig shampla, is féidir le péire 10 cfu/g a shárú, chomh fada agus nach sáraíonn aon cheann 100 cfu/g ag deiridh an phróiseas mhonaraithe. | A, B & C |
| Téachta dearfach Staphylococci **Má tá luachanna >$10^5$ cfu/g aitheanta, ní mhór an baisc cáise a thástáil do eintreatocsainí staphylococcal** chun comhréireach le critéir shábháilteachta bia a fhíorú. 1.21. | **Cáis de dhéantús bainne amh** | 2.2.3 | 5 | 2 | 10 000 cfu/g | 100 000 cfu/g | I gcúig shampla, is féidir le péire 000 cfu/ a shárú, chomh fada agus nach sáraíonn aon cheann 100 0000 cfu/g, **le linn an tréimhse mhonaraithe a bheití ag súil leis an gcomhaireamh is airde. **** | A, B & C |
| | **Cáis de dhéantús bainne atá teas-chóireáilte ag teocht níos ísle ná paistéaracháin *** | 2.2.4 | 5 | 2 | 100 cfu/g | 1000 cfu/g | I gcúig shampla, is féidir le péire 100 cfu/g a shárú, chomh fada agus nach sáraíonn aon cheann 1000 cfu/g, **le linn an tréimhse mhonaraithe a bheití ag súil leis an comhaireamh is airde. **** | A, B & C |
| | **Cáis aibithe de dhéantús bainne nó meadhg atá paistéartha nó teas-cóireáilte ag teocht níos airde ná sin*** | | | | | | | A, B & C |
| | **Cáiseanna bhog neamh-aibithe (Úr) de dhéantús bainne no meadhg atá paistéartha nó teas-cóireáilte ag teocht níos airde ná sin.*** | 2.2.5 | 5 | 2 | 10 cfu/g | 100 cfu/g | I gcúig shampla, is féidir le péire 10 cfu/g a shárú, chomh fada agus nach sáraíonn aon cheann 100 cfu/g, ag deiridh an phróiseas mhonaraithe**.** | A & C |
| Enterobacteriaceae | **Bainne paistéartha nó táirgí déiríochta leachtach paistéartha eile** | 2.2.1 | 5 | 0 | 10 cfu/ml | | I gcúig shampla, ní féidir le aon cheann 10 cfu/ml, a shárú ag deiridh an phróiseas mhonaraithe**.** | D |
| | **Uachtar Reoite agus Milseoga Déiríochta Reoite** | 2.2.8 | 5 | 2 | 10 cfu/g | 100 cfu/g | I gcúig shampla, is féidir le péire 10 cfu/g a shárú, chomh fada agus nach sáraíonn aon cheann 100 cfu/g, ag deiridh an phróiseas mhonaraithe**.** | A |

* mura bhfuil an táirgeoir in ann a léiriú chun sástachta an údaráis cuí nach gcruthaíonn an táirge contúirt Staphylococcal enterotoxins
** is iomaitheoir lag é an Téachtáis dearfach Staphylococci agus i gcás go leor de na cáiseanna aibithe, sroichtear an leibhéal is airde thart ar 24 -72 uair an chloig, ag laghdú i ndiaidh sin. Braitheann sé seo ar go leor fhachtóirí theicneolaíochta a bhraitheann ar éagsúlacht na gcáiseanna ar leith, pH, taisleach agus níocháin craicne san áireamh. Bheifí ag súil go n-ardóidh an leibhéal E.coli i go leor cineálacha cáiseanna éagsúla (crua, lachtach, san áireamh), le linn teachtadh agus go laghdóidh sé le linn aibeachan.

**Táscairí a léiríonn éilliú faecach i Táirgí Bainne Amh**
De bharr go mbaineann roinnt pataiginí atá bainteach le galair daonna, le éilliú faecach i mbainne amh, nuair a léiríonn táscairí ar nós E.coli sa phróiseas shláinteachais do tháirgí bainne amh, agus nuair a áirítear torthaí neamh-comhréireach nó treochtaí ag teacht aníos le linn tástála féin-mhonatóireachta, ní mhór don oibreoir ghnó bia sláinteachais an táirgeadh bainne a fhiosrú agus a fheabhsú má tá sé mí-oiriúnach.

**Gníomhartha ceartaitheacha i gcás Torthaí Neamh-Shásúil de réir Rialacháin (AE) 2073/2005**
A: Cleachtais shláinteachais a fheabhsú sa phróiseas táirgthe.
B: Roghnú na h-amh ábhair a fheabhsú..
C: Má tá luachanna >$10^5$ aimsithe, caithfear an baisc cáise a thástáil do Staphylococcal Enterotoxins.
D:Éifeachtacht na cóireála teasa a fhiosrú, ath-éilliú a sheachaint, caighdeán na n-amh ábhair a chinntiú. .

**Nóta ar bhainne amh atá beartaithe le monarú táirgí.**
Critéir bainne amh atá beartaithe le tuilleadh próiseála, de réir riachtanais Rialacháin (AE) 853/2004 iarscríbhinn III alt IX caibidil I (III)

| | Do bainne bó amh | Do bainne amh ó ainmhithe eile | |
|---|---|---|---|
| | | Beartaithe do mhonarú táirgí in a bhfuil teas-chóireála mar cuid den próiseas | Beartaithe do mhonarú táirgí bainne amh |
| Áireamh coilíneachtaí ag 30 °C (in aghaidh ml) | ≤ 100 000* | ≤ 1 500 000* | ≤ 500 000* |
| Áireamh cealla sómacha (in aghaidh ml) | ≤ 400 000** | - | - |

* An Meán Geoiméadrach Rollach thar tréimhse dhá mhí; dhá shampla chuile mhí.
** An Meán Geoiméadrach Rollach thar tréimhse trí mhí; sampla amháin, ar a laghad, chuile mhí, mura bhfuil sé údaraithe ag an údarás cuí.

**A Nóta ar Bainne Amh agus Uachtar Amh ata beartaithe mar bhia-díreach don duine**
Chomh maith le na riachtanais Rialacháin (AE) 853/2004 iarscríbhinn III alt IX caibidil I (III), maidir le bainne amh agus uachtar amh atá beartaithe mar bhia-díreach don duine, d'fhéadfadh sé a bheith coiscthe nó srianta le díol de bharr srianta leagtha síos ag leibhéal na mBallstáit de réir alt 10(8) thuas luaite – agus a bhféadfadh breis chritéir mhicrobitheolaíochta a tógáil san áireamh.

# ALT VIII – BAINISTÍOCHT NEAMH-COMHRÉIREACH -

## Bainistíoch Neamh-comhréireachta: Critéir Shábháilteachta Bia

Taispeánann an sreabhchairt seo sampla do nósanna imeachta gur féidir a leanacht má léiríonn torthaí mhicrobitheolaíochta, do tháirgí a thástáladh **de réir critéir shábháilteachta bia ag an bpointe rialaithe faoi Rialacháin (AE) 2073/2005,** go bhfuil caillteanas smachta i gceist. Déantar tástáil ar tháirgí nuair a chuirtear ar an margadh iad le linn a sheilfré, nó i gcás critéir *Listeria monocytogenes*1.2, *sula bhfágann an bia stiúir an táirgeora ghnó bia a rinne é*.
Tá TÚS/ CRÍOCH na pointí curtha in iúl sa sreabhchairt.

**TÚS**
Léiríonn na torthaí caillteanas smachta (torthaí neamh-shásúil: ar a laghad sampla 1 > m")

An bhfuil Staphylococcal enterotoxin aimsithe?

TÁ → An t- údarás cuí a chur ar an eolas nuair atá an táirge curtha ar an margadh
Táirgí a tharraingt siar ón margadh agus/nó ón tomhaltóir de réir Alt 19 do Rialacháin (AE) 178/2002.
Custaiméirí a aithint de réir tuairisc thaifeadta díolacháin nó stoic.

NÍL → An bhfuil an táirge ar chaighdeáin re le n-díol?

TÁ → (féach thuas)

NÍL → An t-údarás cuí a chur ar an eolas nuair atá an táirge curtha ar an margadh
Táirgí a tharraingt siar ón margadh de réir Alt 19 do Rialacháin (AE) 178/2002. Custaiméirí a aithint de réir tuairisc thaifeadta díolacháin nó stoic.
Mura bhfuil an táirge ar chaighdeáin re le n-díol fós, is féidir breis próiseála a dhéanamh chun pataiginí a dhí-ghníomhú. Níl dí-ghníomhú ceadaithe ag oibreoirí gnóanna bia ag leibhéil miondíola. D'fhéadfadh "breis próiseála" tréimhse níos faide aibeachan chun an $a_w$ a laghdú; teas-cóireála nó cóireálacha eile a fhaigheann réidh leis an guais i gceist. Athraíonn na gníomhartha ceartaitheacha seo an bun úsáid a bhí beartaithe.
Ní cheart go gcuirfeadh aon athrú úsáide sláinte an phobail nó sláinte ainmhithe i mbaol, ba cheart é a bheith aitheanta mar gníomh ceartaitheach laistigh don phlean AGPRC-bhunaithe agus deimhnithe ag an údarás cuí.
Le cead ón údarás cuí, d'fhéadfadh sé gur féidir doiciméid AGPRC a chur faoi bhráid a chlúdaíonn breis próiseála; ní mhór do fíorú aon phróiseas nua na huimhreacha samplála (n) achoimrithe i Tábla 1, a mheas.

Cúiseanna a fhiosrú agus athbhreithniú ar na pleananna AGPRC-bhunaithe maidir leis na táirgí i gceist. Ag brath ar na guaiseach shábháilteachta bia a aithníodh, d'fheadfá na treoracha thíos a thógáil san áireamh;
Investigation might include (depending on the food safety hazard identified):

- Caighdeáin na h-amh ábhair agus sláinteachais an táirgeadh bainne a chinntiú; ionfhabhtú mamach a fhiosrú má tá sé iomchuí, (Féach Tairgeadh Bainne ).
- Cóireáil teasa do bhainne nuair atá éilliú aitheanta ag leibhéil táirgthe agus nach féidir a fháil réidh leis ar aon bhealach eile.
- Éifeachtúlacht an chóireáil teasa a chinntiú, nó deiseanna ath-éilliú
- Dea-chleachtais shláinteachais, mar atá sé leagtha síos sa treoirleabhar seo, a mheas;
  - Athbhreithniú ar sláinteachais foirne, traenáil, sláinte, glanadh srl….

Measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an athbhreithniú ar nósanna imeachta agus aon ghníomhartha ceartaitheacha a tógadh, an chleachtais shláinteachais, chomh maith le critéir sábháilteachta bia san áireamh. An dtaispeánann torthaí na samplaí nua go bhfuil cúrsaí faoi smacht arís?

NÍL → TÚS

TÁ → Níl aon gníomhaíocht breise i gceist.. lean le monatóireacht na treochtaí agus torthaí.
**CRÍOCH**

## Bainistíoch Neamh-comhréireachta: Critéir Shábháilteachta Bia

Taispeánann an sreabhchairt seo sampla do nósanna imeachta gur féidir a leanacht má léiríonn torthaí mhicrobitheolaíochta, do tháirgí a thástáladh **de réir critéir shábháilteachta bia ag an bpointe rialaithe faoi Rialacháin (AE) 2073/2005,** go bhfuil caillteanas smachta i gceist.

Tá na TÚS / CRÍOCH pointí curtha in iúl sa sreabhchairt

**TÚS**
Léiríonn torthaí caillteanas smachta
(toradh 1 ar a laghad >m)

An sáraíonn aon luach M mór?
Nó an bhfuil c=0?

TÁ

Má ta téachtáis dearfach Staphylococci aitheanta ag leibhéil $>10^5$/g, ní mhór an táirge a thástáil do staphylococcal enterotoxin.
Féach an sreabhchairt ar shábháilteachta bia

NÍL

Cé mhéid toradh atá ar fáil don baisc?

Níos lú na 5

An bhfuil an toradh mí-shásúil?
(de réir an critéir nua deartha ag an FBO agus glactha ag an údarás cuí))

TÁ

NÍL

Níos mo ná 5

>2 sampla a sháraíonn m beag ?

NÍL

Níl aon ghníomhaíocht breise i gceist.. lean le monatóireacht treochtaí sna torthaí.
**CRÍOCH**

TÁ

Toradh neamh-shásúil

Athbhreithniú ar nósanna imeachta de réir na gníomhartha leagtha síos sna pleananna AGPRC
bhunaithe. D'fheadfá na treoracha thíos a thógáil san áireamh;

Caighdeáin na h-amh ábhair agus sláinteachais an táirgeadh bainne a chinntiú; ionfhabhtú
mamach a fhiosrú má tá sé iomchuí, (Féach Tairgeadh Bainne ).

Teocht stórála agus iompair a sheiceáil. Éifeachtúlacht an cóireáil teasa a chinntiú, nó deiseanna ath-éilliú i gcás táirgí téachta déiríochta paistéartha (Féach bailiúcháin bainne stóráil agus cóireáil teasa)

- Dea-chleachtais shláinteachas, mar atá sé leagtha síos sa treoirleabhar sea, a mheas;
  - Athbhreithniú ar sláinteachais foirne, traenáil, sláinte, glanadh srl…
  - Nuair ata cáis i gceist, gníomhaíocht na cultúir tosaithe a mheas, (na paraiméadar teicneolaíochta cuí, ionfhabhtú baictéarafágach nó éilliú antaibheathach

Measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an athbhreithniú ar nósanna imeachta agus aon ghníomhartha ceartaitheacha a tógadh. An dtaispeánann torthaí na samplaí nua go bhfuil cúrsaí faoi smacht arís?

Níl

TÁ

Níl aon gníomhaíocht breise i gceist.. lean le monatóireacht na threochtaí agus torthaí.
**CRÍOCH**

# ALT VIII – BAINISTÍOCHT NEAMH COMHRÉIREACH

## Aistarraingt, tarraingt siar

S'éard atá i gceist le 'Aistarraingt' ná próiseas trína a bhaintear táirge amach as an slabhra soláthair cé is moite den táirge atá i seilbh an tomhaltóir
S'éard atá i gceist le 'Aisghairm' ná próiseas trína a bhaintear táirge amach as an slabhra soláthair agus moltar do thomhaltóirí ghníomhachtaí iomchuí a chur i bhfeidhm, ar nós bia a thabhairt ar ais nó a scrios.
Má tá amhras faoi tháirge déiríochta nach bhfuil faoi stiúir an déirí a thuilleadh, ba cheart don chóras inrianaitheacht rianú an táirge a thabhairt don táirgeoir chun an aistarraingt nó aisghairm a chur I bhfeidhm. Ní mhór don táirgeoir:

- An t-eolas seo a leanas maidir leis an mbia atá i gceist, a bhailiú:
  - Ainm agus cur síos ar an mbia
  - Cóid na baisc i gceist
  - An méid bia ata i gceist
  - Sonraí dáileadh
  - An bhfuil an tomhaltóir shroichte ag an mbia fós?
- An t-údarás cuí a chur ar an eolas ionas go mbeadh siad in ann plean gníomhartha an táirgeoir a mhaoirsiú.
- Aistarraingt (nó má tá contúirt suntasach don tomhaltóir i gceist) aisghairm a chur I bhfeidhm.

In case of non-conformity and in addition to the above measures, follow the guidance of the Non Conformity producer must:

- Collect the following information on the affected food:
  - Food name and description
  - Batch codes involved
  - Quantity of food implicated
  - Distribution details
  - Whether the food may have reached consumers.
- Notify the competent authorities in order for them to supervise the action plan decided by the producer.
- Perform a withdrawal or (where the product poses a significant hazard to consumers) a recall.

Lean na treoracha thuas luaite agus na treoracha Bainistíocht Neamh-Comhréireacha i gcás neamh-comhréireacht.

**Crann cinneadh: Conas ar cheart Aistarraingt/Aisghairm a chur i bhfeidhm**

| **Níl an bia sábháilte agus tá an tomhaltóir deiridh shroichte** | **Níl an bia sábháilte ach is féidir a chinntiú nach shroichfidh sé an tomhaltóir deireadh** | **Níl an bia sábháilte ach is féidir a chinntiú nár shroich sé aon tomhaltóir** |
|---|---|---|
| An t- údarás cuí a chur ar an eolas | An t-údarás cuí a chur ar an eolas | |
| Roghnaigh comhordaitheoir (1) | Roghnaigh comhordaitheoir (1) | Comhordaitheoir a roghnú (1) |
| **Aisghairm a chur i bhfeidhm** | **Aistarraingt a chur i bhfeidhm** | **Dáileadh a stopadh** |
| Custaiméirí trádála agus tomhaltóirí a chur ar an eolas | Custaiméirí trádála a chur ar an eolas | |
| Bia a bhaint ón slabhra dáilte agus chun sláinte an phobail a chinntiú nuair is gá, ó na tomhaltóirí freisin | Bia a bhaint ón slabhra dáilte | |
| An t-eolas a chur ar fáil don tomhaltóir (fógra ag an ionad díolta, preas-ráiteas, fógra suíomh idirlíne | Eolas a chur ar fáil don tomhaltóir | |

- Táirgí neamh-comhréireachta a aithint agus a scaradh ó tháirgí comhréireacha
- A chinntiú go n-aithníonn an fhoireann ná táirgí neamh-comhréireacha chun úsáid nó dáileadh trí thimpiste a sheachaint
- Riachtanais láimhseála a bhunú agus traenáil foirne
- Na neamh-comhréireacha a thaifead agus na gníomhartha tógadh
- Foinse an éilliú agus/nó an bhealach a cailleadh smacht a aithint ( fás baictéir, mar shampla)
- Ní mhór a fháil ré le táirgí neamh-comhréireacha de réir Rialacháin (AE) 1069/2009

(1) Chun éifeachtúlacht a chinntiú, moltar duine amháin laistigh den ghnó a ainmniú chun an aistarraingt/aisghairm a chomhordú agus chun teagmháil a dhéanamh le tomhaltóirí agus na meáin.

# AGUISÍN 1
# ANAILÍS GUAISE

## Guaiseacha Cheimiceach

### Breisithe, Einsímí agus Comhábhair eile (1)

Is féidir táirgí déiríochta a éilliú trí na breisithe agus einsímí a chuirtear leo a bheith neamh údaraithe nó trí dáileadh míchuí do breisithe údaraithe a úsáid. Is féidir freisin táirgí a éilliú de bharr comhábhair le truailliú cheimiceach a úsáid.

Gníomhartha coisctheacha; Ná úsáid ach breisithe agus einsímí atá ceadaithe le n-úsáid i dtáirgí déiríochta faoi dhlí an AE. Breisithe, einsímí agus comhábhair a sholáthair ó fhoinse aitheanta agus na doiciméid seachadta a choinneáil mar thaifead ar uimhreacha na baisc faighte isteach.

### Ailléirginí (2)

Is féidir le láithreacht ailléirginí contúirt suntasach a chothú do shláinte an tomhaltóra.

Gníomhartha coisctheacha; ní mhór luibheanna, cnónna agus comhábhair eile a mheasúnú do ailléirginí ar nós; glútan, crústaigh, moilisc, iasc, cnónna, piseanna-talún, pónairí soighe, soilire, mustaird, seasamain, lúipín, dé-ocsaíd sulfair agus uibheacha. Ní mhór láithreacht comhábhair ailléirgeach, bainne san áireamh, i dtáirgí déiríochta a dhearbhú don tomhaltóir I gcomhréir le Rialacháin (AE) 1169/2011. Ní bhíonn láithreacht ailléirginí soiléir i gcónaí, lísisím mar shampla a tháirtear go minic i ngealachán uibhe.

### Antaibheathaigh, cógais tréidliachta eile agus bithicidí.

Is féidir le taiscí ó chógais tréidliachta, antaibheathaigh agus cóireálacha paraisítí ar nós leigheas frith-protozoal nó frith-helminthic san áireamh, a tugtar d'ainmhithe bleáin, contúirt a chothú do shláinte an duine, ma éilíonn siad an soláthair bainne. Is féidir le antaibheathaigh cosc a chur ar fhás cultúr tosaithe chomh maith.

Gníomhartha coisctheacha: Ní mhór dipeanna agus spraeanna sines a bheith údaraithe mar tháirgí tréidliachta. Ní mhór ainmhithe bleáin atá faoi chóireáil a aithint agus a bhleá leo féin, agus an bainne a choinneáil amach as slabhra an bhia. Glan/rinseáil an trealamh crúite i ndiaidh na n-ainmhithe seo a bhleá. Ní mhór leigheasanna tréidliachta a riaradh de réir treorach an lipéid ach amháin sa chás go bhfuil úsáid 'lasmuigh den lipéid' údaraithe ag tréidlia. An tréimhse aistarraing cuí d'ainmhithe crúite cóireáilte a chinntiú, agus tabhair faoi deara gur féidir fad a chur leis trí 'lasmuigh den lipéid' a úsáid.
Nósanna imeachta monatóireachta áisiúil lena n-airítear: 1). tuairiscí feirme ar na cógais atá faoi riaradh a scrúdú, 2). Tástáil do láithreacht antaibheathaigh.
Ta uasteorainneacha taiscí (MRLs) do shubstaintí atá ceadaithe luaite (agus substaintí toirmiscthe liostaithe) i rialacháin (AE) 37/2010, arna leasú. Tá liosta substaintí toirmiscthe níos faide liostaithe I dTreoir 96/22/ CE, arna leasú.

### Lotnaidicídí

Is féidir le taiscí lotnaidicídí a thruaillíonn beatha nó féarach, an soláthar bainne a éilliú.

Gníomhartha coisctheacha: Lotnaidicídí a úsáid i gcomhréir le moltaí an mhonaróra agus aird a thabhairt ar an tréimhse sonraithe idir úsáid, baint an fhéir nó féarach.

# AGUISÍN 1
# ANAILÍS GUAISE

## Taiscí glantaigh agus díghalrán

Ba chóir breathnú ar cheimicí a úsáidtear i nglanadh agus dífhabhtú an trealamh crúite, umar mórchóir, cuinneoga, tancaeir bhóthair, píblínte agus trealamh déantús cáise mar fhoinse féideartha truaillithe don soláthar bainne. Is féidir le taiscí cheimiceacha sláinte an tomhaltóra a chuir I mbaoil nó ag leibhéal níos ísle, d'fhéadfadh siad gníomhaíocht na tosaithe a chosc a bhféadadh sábháilteacht an táirge a chur i mbaoil.

Gníomhartha coisctheacha: Nuair a cheannaítear ceimicí, ní mhór a chinntiú go bhfuil siad deimhnithe oiriúnach don críocha. Lean na nósanna imeachta glantacháin cuí agus na dáileoga cheimiceacha cuí. I ndiaidh an glanadh agus dífhabhtú, rinseáil an trealamh le huisce óil de réir moltaí an mhonaróra.

## Dé-ocsainí agus défheinilí polaclóirínithe (PCBanna) (3)

Is grúpa chomhdhúile orgánacha chlóirínithe iad na dí-ocsainí a d'fhéadfadh a bheith mar ábhair truaillithe sa timpeallacht. Is féidir iad a tháirgeadh trí loscadh neamhrialta agus próisis thionsclaíochta. Cothaíonn dé-ocsainí roinnt fadhbanna sláinte, imdhíoneolaíochta, néareolaíochta, atáirgthe agus ailse san áireamh. Tá siad seasmhach sa timpeallacht agus saill intuaslagtha agus éiríonn siad níos comhdhlúithe le linn an phróiseas déantús cáise.
Gníomhartha coisctheacha: Tá eisiúintí tionsclaíochta níos suntasaí ná ghníomhachtaí feirmeoireachta agus déantar an mhonatóireacht ag leibhéal náisiúnta seachas ar an bhfeirm. Ach, ní mhór d'fheirmeoirí áfach, loscadh ábhair dramhaíola neamh údaraithe a sheachaint I gcomharsanacht an tréad crúite nó ainmhithe feirme eile. Níor cheart talamh truaillithe a úsáid mar féarach nó chun beatha a fhás.

## Miotail troma (3)

Is féidir le luaidhe agus miotail throma eile bailiú sa chorp; is féidir le tocsaineach ainsealach fadhbanna gastraistéigeach agus néareolaíochta a chothú don duine agus d'ainmhithe crúite agus I ngasúir ach go hairithe.
Siad na príomh fhoinsí éilithe ná truailliú timpeallachta nó beatha éillithe. Bíonn ard-leibhéal luaidhe i roinnt ithreacha, mar sin, ní mhór a bheith cúramach gan an iomarca féarach a bhaint.

Gníomhartha coisctheacha: coinnigh ainmhithe crúite glan ó fhéarach ar a bhfuil dramhaíola neamh-údaraithe, cadhnraí carranna, feithiclí dóite-amach, sean innealra, tochailt mianach agus luaithrí tinte chnámha. Ní mhór uisce a théann le sruth ó thalamh truaillithe le ard-leibhéal luaidhe a sheachaint. Téigh i gcomhairle le tréidlia má mheastar nimhiú luaidhe in ainmhithe crúite. D'fheadfadh dromchlaí bia nó córais soláthar uisce a bheith mar fhoinsí éilithe miotail troma.

## Aflatocsain M1:

Tá roinnt genera coincleach, lena n-áirítear speiceas *Aspergillus*, *Penicillium* agus *Fusarium* atá in ann tocsainí ar nós Aflatocsain (B1 ,M1, B2 agus M2), Ócratocsain agus Citrinin a tháirgeadh a bhfuil carcanaigineach (a chuireann ailse chun cinn) agus nephrotocsain ( a dhéanann dochair do na dúain) don duine má itear thar thréimhse fada é. Is féidir Aflatocsain B1 a fháil i mbeatha ainmhithe agus is é an ceann is tábhachtaí de na aflatocsainí. Má itheann ainmhithe crúite é, tagann sé amach sa mbainne mar Aflatocsain M1. Rialaíonn Treoir 2002/32/CE le haghaidh Aflatocsain sa bheatha.
Ta Aflatocsainí teas-cobhasaithe. Rialaíonn Treoir 1881/2006 (CE) an uasleibhéal d'aflatocsain M1 sa bhainne, bainne teas-cóireáilte, agus bainne atá in ann do phróiseáil táirgí déiríochta do 0.050 µg/kg.
Ní mhór na critéir tiúcháin agus caolúcháin a chur i bhfeidhm chun na h-uasleibhéal inghlactha a chinntiú.

# AGUISÍN 1
# ANAILÍS GUAISE

Is féidir ionghabháil ainsealach de miceatocsainí ag ainmhithe crúite fadhbanna ar nós caillteanas atáirgeadh, fadhbanna díleácha, loit chraicinn agus ginmhilleadh a léiriú..

Ta contúirt éillithe beatha ainmhithe sa pháirc agus le linn stórála.
Le linn scaradh an sailleach bhainne, díchuirtear an cuid is mó do na aflatocsainí sa bhainne bearrtha agus díchuirtear na aflatocsainí a bhíonn i gcónaí san uachtar, le linn cruinneacháin an bhláthach agus san uisce níochán. I ndéantús cáise, braitheann an dáileadh ar an teicneolaíochta a úsáidtear a chinneann an méid meadhg a chailltear ón ghruth. I gcás iógairt, fanann an aflatocsain uilig sa táirge. Go hiondúil, ní bhíonn na miceatocsainí is díobhálacha le fáil go suntasach i mbianna carbaihiodráit íseal, ar nós cáise, faoi choinníollacha comhréireach le aibeachan. Má tá aflatocsain sa bhainne cheana féin de bharr beatha éillithe,  d'fhéadfadh sé a bheith comhchruinnithe sa ghruth le linn déantús na cáise, cé go mbraitheann é a choinneáil sa ghruth ar an teicneolaíocht a úsáidtear, agus sé an phríomh choisc atá air, ná beatha éillithe a rialú.

Gníomhartha coisctheacha: tá teorann leis an méid bealaí gur féidir miceatocsainí a sheachaint i bpáirceanna. Cuideoidh dea chleachtais baint an fhéir agus stóráil beatha le na leibhéal miceatocsainí a choinneáil íseal mar nach bhfuil taisleach íseal, anaerobiosis nó pH íseal fabhrach dá bhforbairt. Nuair is gá, bain an taisleach as an mbeatha.
.

**Guaiseacha Ilghnéitheacha:**

Is féidir le ceimicí taisteal ó ábhair teagmhála bia. Is féidir é seo a sheachaint trí úsáid ábhair teagmhála bia údaraithe amháin. I gcás cáis – agus táirgí eile deataithe, ní mhór an céim deatú a thógáil san áireamh san anailís guaise.

---

*1) Ag tráth scríofa an treoirleabhar, tá liosta na n-einsímí údaraithe fós faoi réir.*

*2) Tá sé curtha in iúl hiostamíní  agus aimíní bhithghineach eile, táirgthe ag baictéir aigéadach lachtach le linn aibeachan roinnt cáiseanna fad-aosta nó cáiseanna gorm-fhéitheach,  go gcothaíonn siad airíonna ar nós a chothódh ailléirgí i dtomhaltóirí leochaileach. Ní mheastar    mar ard- riosca i gcáiseanna teach feirme agus ceardaithe é. Níl aon ghníomhartha coisctheacha chun easpa hiostamíní a chinntiú agus ag an tráth seo, níl aon moltaí i rialacháin an AE I dtaobh  leibhéal inghlactha i gcáiseanna.*

*3) Leagtar síos i Rialacháin 1881/2006  (CU) uas-leibhéal  dé-ocsainí agus PCBanna atá ar nós dé-ocsainí i mbainne amh agus táirgí déiríochta, saill ime, luaidhe, agus Aflatocsain M1 i mbainne amh agus teas-cóireáilte, chomh maith leo siúd atá beartaithe don  iarnáil próiseála táirgí déiríochta.*

# Aguisín 1
# ANAILÍS GUAISE

## GUAISEACHA FISICIÚLA

### Gloine, adhmaid, plaisteach agus miotail ón trealamh agus áitreabh

Cothaíonn scealpa trealamh damáistithe riosca do shláinte an tomhaltóra. Cothaíonn scealpa gloine briste agus blúirí miotail ó threalamh damáistithe rioscaí suntasacha do shláinte an tomhaltóra. D'fhéadfadh pacáistiú ó chultúir tosaithe agus comhábhair eile a bheith ina ghuais tachtadh.

Gníomhartha coisctheacha: Ba chóir an áitreabh a choinneáil i ndea-oird. Ba chóir don trealamh a bheith i ndea-oird agus ní mhór a chinntiú go bhfuil na comhpháirteanna slán roimh agus i ndiaidh úsáide. Níor chóir go mbeadh aon ábhair gloine san déirí ach nuair nach féidir a n-úsáid a sheachaint. Ní mhór briseadh gloine a thaifeadadh agus stop a chur leis an táirgeadh le linn é a ghlanadh suas. Is féidir le cáithníní gloine suas le deich méadar a thaisteal ón áit a bhris siad, ní mhór mar sin, baisceanna bainne, gruth no cáiseanna, a d'fhéadfadh a bheith truaillithe a scrios. Ní mhór éadaí cosanta, bróga san áireamh, a athrú i ndiaidh gloine a ghlanadh suas. Faigh réidh le pacáistiú cultúir tosaithe agus ó chomhábhair eile freisin, láithreach i ndiaidh úsáide.

### Ábhair Eachtracha Ilghnéitheacha

Cé gur íseal-riosca fhisicúla iad féar agus salachar síne, tá riosca éillithe mhiocrorgánaigh don bhainne dá bharr. Is féidir le ghníomhaíocht lotnaidí éilliú fhisicúla sa bhainne a chothú a chothaíonn éilliú baictéir pataigineach nó loiteach. Is féidir leis na hábhair i ndromchlaí teagmhála bia riosca éillithe fhisicúla a chothú agus má tá na hábhair neamh-oiriúnach i gceist, riosca éillithe cheimiceach freisin.
Ní mhór déantóirí cáise agus cuairteoirí a mheas mar fhoinsí fhéideartha éillithe fhisicúla suntasacha. . Is féidir le ábhair éillithe guais tachtadh nó éilliú mhicribhitheolaíochta a chothú don tomhaltóir, mar shampla: cnaipí; boinn, seodra, pinn, fón póca, lámhainní, vearnais ingne, ingne bréagach agus gruaig.

Gníomhartha coisctheacha: Na siní a ullmhú go cúramach roimh crúite. An bainne a scagadh roimh stóráil no próiseáil. An láithreán táirgthe agus na humair a chaomhnú ó lotnaidí, feithidí eitilte san áireamh. Cigireacht ar an ábhair pacáistiú agus na comhábhair nuair a fhaightear isteach iad. An Córas Dea Chleachtais Shláinteachais, don fhoireann agus do chuairteoirí, a leanacht, (féach DCS Sláinteachas Foirne agus Traenáil). A chinntiú go bhfuil éadaí chosanta glan agus iomchuí curtha ar fáil ag an déirí.

# Aguisín 1
# ANAILÍS GUAISE

## GUAISEACHA MHICRÓBACHA

### *Brucella* spp (ach amháin B.ovis, nach bhfuil pataigineach don duine)

Sé *Brucella* an gníomhaire freagrach as bhrúsalóis, is galar tógálach é don duine agus do ainmhithe agus tá sé le fáil ar fud an domhain. Na príomh ainmhithe a chothaíonn *Brucella* ná; bólacht (*B.abortus*), gabhar agus caorach (*B. meiitensis*), muca feirme (*B. suis*).

Is zónóis é Brúsalóis agus tarlaíonn ionfhabhtú daonna de bharr:

- Bianna éillithe a ithe (go hairithe bainne amh agus táirgí bainne amh)
- Teagmháil le ainmhithe galrach agus go hairithe ó:
  - Táil giniúna, féatas ghinmhillte agus broghais
  - craiceann (fiú amháin má tá cuma shláintiúla air)
  - díleách, thoinnitéach nó mhúcais nasopharyngeal
  - orgáin ionfhabhtaithe, go hairithe an t-ae, liatháin agus úth
  - aoileach nó olann éillithe.

Leagann Rialacháin (CE) uimh 853/2004 síos rialach sonracha maidir le bianna de bhunús ainmhithe agus léiríonn se na gníomhartha ceartaitheacha maidir le brúsalóis i gcomhthéacs bainne amh. Leagann rialacháin náisiúnta síos na rialacha teicniúla agus bainistíochta maidir le próifiolacsas comhchoiteanna agus fearachais shláintiúla bólacht, caorach agus gabhar. Cuirtear srian ar bhrúsalóis daonna trí na cláir coisctheacha agus dífhabhtaithe an bheostoic. Tá sé mar aidhm ag na cláracha seo líon an ionfhabhtú i tréada a laghdú trí rialaithe sláintíochta agus/nó leighis (vacsaíniú ainmhithe), agus chomh fada agus is féidir srian a chur ar ionfhabhtú ag tosú le feirm i ndiaidh feirme agus ansin ar bhun réigiúnach nó náisiúnta.

Gníomhartha coisctheacha; I gcás tréada bólacht, gabhar agus caorach, brataíonn smachtú éilliú Brucella i táirgeadh bainne ar úsáid bainne amh ó thréada ( i gcás ba) nó feirmeacha (i gcás gabhair agus caora) atá bhrúsalóis–saor nó bhrúsalóis-saor go h-oifigiúil, amháin. Caithfidh rialú na guaise ‘ar an-bhfeirm’ bainistíocht imeachtaí na n-ainmhithe, monatóireacht agus taifeadadh ar fhéatais ghinmhillte agus córas éigeantach próifiolacsais a chur i bhfeidhm. I dtréada nó feirmeacha nach bhfuil bhrúsalóis-saor nó bhrúsalóis-saor go hoifigiúil, níor chóir bainne ó ainmhithe breoite nó ó ainmhithe a thaispeánann léiriú dearfach do thástálacha bhrúsalóis, a úsáid. Ní mhór don bainne ón chuid eile den tréad a chóireáil de réir Rialacháin (CE) uimh 8538/2004 (iarscríbhinn III, alt IX, caibidil 1, cuid 3) chun a shábháilteachta a chinntiú agus le ceadúnas ón údarás inniúla.

### *Mycobacterium bovis* and *M. eitinn*

Aithnítear dhá speicis atá pataigineach don duine: M. eitinn a chothaíonn eitinn daonna agus M. *bovis* (eitinn bhólachta) a chothaíonn eitinn i mbólacht. Le deireanas, tá *Mycobacterium caprae* páirteach in ionfhabhtú daonna freisin. Cothaíonn daoine agus príomhaigh, agus ó am go chéile, ainmhithe eile, M. eitinn *M. eitinn* go nádúrtha. Tarlaíonn tras-chur i ndaoine de bharr tréimhsí fada i gcuideachta daoine breoite. Cothaíonn bólacht, gabhair, muca, agus go h-an-annamh caorach, an duine agus mamaigh éagsúla fiáine, an *M. bovis* go nádúrtha.

Is féidir le h-ainmhithe atá tinn nó a bhfuil ionfhabhtú folaigh orthu, an galar a thras-chur don duine trí:

- Ionanálú aerasól éillithe (a gineadh ó chasacht ainmhithe) nó dusta truaillithe sa timpeallachta.
- Ionfhabhtú gonta le linn láimhseáil ábhair truaillithe nó loit eitinn sa seamlas.
- Ionghabháil bainne amh nó bainne nach bhfuil sách teas-chóireáilte. .

Leagann Rialacháin (CE) uimh 853/2004 síos rialaithe sonracha maidir le sláinteachais ábhair bia de bhunús ainmhithe agus léiríonn sé na gníomhartha ceartaitheacha maidir le eitinn i gcomhthéacs bainne amh. Leagann rialacháin náisiúnta síos na rialacha teicniúla agus bainistíochta maidir le próifiolacsas comhchoiteanna agus fearachais shláintiúla bólacht, caorach agus gabhar.

.

# Aguisín 1
# ANAILÍS GUAISE

Gníomhartha coisctheacha; Cuirtear srian ar bhrúsalóis daonna trí na cláracha coisctheacha agus dífhabhtaithe an bheostoic. Braitheann smachtú na guaise ar bhainistiú imeachtaí na n-ainmhithe, ar rialú sláinteacha d'ainmhithe nua a ghlactar isteach sa dtréad agus ar chóras próifiolacsais éigeantach a chur i bhfeidhm (an tréad a thástáil agus ainmhithe ionfhabhtaithe a bhaint amach). I dtréada nach bhfuil eitinn-saor go hoifigiúil, níor chóir bainne ó ainmhithe breoite, nó ó ainmhithe a thaispeánann léiriú dearfach do thástálacha eitinn, a úsáid. Ní mhór don bhainne ón gcuid eile den tréad a chóireáil de réir Rialacháin (CE) uimh 8538/2004 (iarscríbhinn III, alt IX, caibidil 1, alt 1.3) chun a shábháilteacht a chinntiú agus le ceadúnas ón údarás inniúla.

## Tocsain Shiga ginte Escherichia coli (STEC)

Is grúpa baictéir é Escherichia coli (*E. coli*) atá, de ghnáth, i láthair sa microflora díleácha daoine agus ainmhithe teo-fholach. Tá an cuid is mó de na *E.coli* neamh chontúirteach ach tá cuid eile atá pataigineach de bharr fhachtóirí nimhneach a bheith faighte acu. Go sonrach, siad na *E. coli* tocsain Shiga ginte (STEC, ar a dtugtar VTEC freisin), a fuair an ghéin nimhneach *stx* agus atá de bharr sin, in ann tocsainí Shiga a ghiniúint. In a measc seo, tá roinnt séireaghrúpaí a iompraíonn géinte breise nimhneacha a mheastar mar ard-phataigineach.
Cothaíonn ionfhabhtaithe de bharr STEC fadhbanna móra do shláinte an phobail de bharr déine na airíonna cliniciúla gur féidir leo a ghiniúint, colitis fuilreathach agus siondróm úiréimleach haemalaíoch (HUS) go hairithe. Is ar leanaí óga agus ar dhaoine aosta a bhíonn an tionchar is mó ag HUS. Is é an chúis is mó teip duánacha géar éifeachtach i leanaí faoi trí bliana d'aois. Tá an dáileog tógálach an-íseal agus is féidir le cúpla baictéir a bheith mar ábhair éilithe. Éilíonn Airteagal 14.1 de Rialacháin (CE) uimh 178/2002 nach féidir aon bhianna ata guaiseach a chur ar an margadh. Tá an tocsain Shiga ginte E .coli ar an liosta gníomhairí ag Ballstáit AE (treoir 2003/99 / EC ) chun monatóireacht a dhéanamh air.
Tá STEC teas-athraithe, ar nós chuile bhaictéir *E.coli*. Moltar a bheith aireach le linn próiseála bainne amh. Ní minic a tharlaíonn truailliú sa mhonarcha, sé an príomh-fhoinse na STEC an bhainne féin.

Cé gur féidir leis an duine STEC a iompar, siad na athchogantaigh feirme, go háirithe bhólacht (caorach agus gabhar), na príomh iompróirí. Is iompróirí aisiomptómach iad a chuireann le truailliú na timpeallachta tré an baictéir atá i láthair sa bhfaecas a scaipeadh. Is féidir le ainmhithe fiáine eile, míolra agus éanlaith an baictéir a iompair freisin agus de bharr sin, cuidíonn siad leis an scaipeadh ar feirmeacha. Tá baoll go dtruaillítear beatha, (féar, foráiste) agus uisce óil ar an gcaoi seo. Ta STEC in ann maireachtáil ar feadh roinn seachtainí, nó roinnt míonna fiú, i dtimpeallacht feirme i ndríodar umair óil, I bhfaecas nó aoileach ar an talamh. Ní féidir a bheith cinnte nach bhfuil baint ag STEC le éilliú inmhamach.
Tarlaíonn éilliú bainne le linn crúite de bharr nach bhfuil úthanna nó an láithreáin crúite, glan. Tarlaíonn éilliú in-dhíreach de bharr uisce truaillithe. Is féidir le STEC bheith i láthair sa mheaisín crúite mura bhfuil sé deartha, cothabhailte nó glanta mar is cóir.

Gníomhartha coisctheacha: Mar a luadh i bpointe 14 den bhrollach a théann le Rialachán (CE) 2073/2005, tá an Bhuanchoiste um Bearta Tréidliachta a bhaineann le Sláinte Phoiblí den tuairim "*go gcuidíonn na treoracha mhicrobitheolaíochta atá dírithe ar laghdú an éilliú faecach sa bhiashlabhra, le laghdú an baol do shláinte an phobail, VTEC san áireamh*". Is féidir baol éillithe a laghdú ó ábhair atá truaillithe le STEC tré éilliú faecach le linn tairgeadh bainne a smachtú. Trí dea chleachtais shláinteachais a leanacht ag an bpointe seo, mar atá luaite in alt IV sa treoirleabhar seo, tá an táirgeoir in ann éilliú faecach a sheachaint agus an chontúirt éillithe STEC a laghdú.

## *Listeria monocytogenes*

Tá an genus Listeris cuimsithe as roinnt speiceas, is ceann acu seo é an Listeria monocytogenes atá pataigineach don duine agus d'ainmhithe, cé go bhfuil an speiceas L. ivanovii pataigineach d'ainmhithe, ach go hannamh don duine. Tá L. monocytogenes freagrach as galar daonna agus ainmhithe (a zónóis), ar a dtugtar Listéaróis, agus is féidir leis – i ndaoine so-ghabhálacha do ionfhabhtaithe Listeria, damáiste tromchúiseach buan a chothú a chríochnaíonn le bás i 15-30% de na cásanna daonna. Is trí bhianna éillithe a ithe a tharlaíonn an cuid is mó don ionfhabhtú.

# Aguisín 1
# ANAILÍS GUAISE

Éilíonn Rialachán (CE) uimh 2073/2005 go mbeidh *L. monocytogenes* as-láthair i 25g do tháirgí déiríochta, nó ceadaíonn sé é a bheith ann ag <100 / g mar go léiríonn staidéir nach sáróidh an t-orgánach an leibhéal seo le linn saolré an táirge.
Éilíonn Rialachán (CE) Uimh 2073/2005 chomh maith, ina airteagal 5, go ndéantar monatóireacht ar na dromchlaí teagmhála agus timpeallacht an láithreáin táirgthe mar chuid den scéim samplála atá le bunú ag an táirgeoir (minicíocht tástála a shocraíonn an táirgeoir i gcomhthéacs na nósanna imeachta atá AGPRC-bhunaithe agus ar dea-chleachtas sláinteachais - féach alt 4 pointe 2 de Rialachán (CE) 2073/2005). Scriostar *L. monocytogenes* le linn an paistéarú agus cuireann aigéadú maith srian leis. Is baictéir ithreach-iompartha agus salainn-fhulangach é an Listeria spp, tá sé ar fáil ar fud na timpeallachta lasmuigh, agus in ann fás ag teochta ísle (<4°C).

Ta speicis *Listeria* le fáil i bhforáiste, foráiste coipthe go hairithe (sadhlas, carnáin clúdaithe) agus tá siad in ann fás mura dtugtar aire ceart le linn baint an fhéir, déantús na gcarnáin agus láimhseála le linn dáileadh. Tá sé ar a gcumas bith-chlúdaigh a chothú a chabhraíonn leo maireachtáil i dtimpeallacht próiseála.
Eisítear *Listeria* spp I bhfaecas roinnt ainmhithe agus is féidir timpeallacht na feirme a thruailliú dá bharr, leapachas, uisce agus meaisín crúite san áireamh. Tarlaíonn éilliú bainne le linn crúite nuair nach bhfuil craiceann na siní glan, nó de bharr trealamh crúite truaillithe. Cé nach dtarlaíonn sé go minic, is féidir bainne a bheith éillithe go neamh-chliniciúla (nach féidir é a fheiceáil) tré ionfhabhtú in-mhamach.
Toisc go bhfuil Listeria spp ithreach-iompartha, is féidir an áitreabh déantús cáise a éilliú tré ghluaiseacht daonna, trealamh nó táirgí déiríochta. Siad na hurláir is mó a bhíonn truaillithe gó mór mhór in áiteanna fliuch ar nós áit a sheastar uisce nó sna píopaí draenacha. Is féidir táirgí déiríochta a éilliú trí an bhainne nó tras-éilliú de bharr droch láimhseáil nó trí threalamh ar nós múnlaí nár raibh glanta ceart.

Gníomhartha coisctheacha: chun éilliú a sheachaint, ní mhór caighdeán beatha na n-ainmhithe (ón baint go dtí an dáileadh), an t-uisce, glanadh an trealaimh agus cóireáil mastítis a chinntiú, chomh maith le nósanna imeachta i ndea chleachtais shláinteachais ar fheirmeacha a chur i bhfeidhm go mór mhór ag am crúite i gceantair phróiseála.

***Salmonella* spp.**

Cothaíonn séiritíopaí neamh-tíofóideach Salmonella salmanóis, atá ar cheann de na príomh-ghalair baictéarach gaistreintríteach i dtíortha tionsclaithe. Siad na séiritíopaí (*S. Typhi* agus *S. Paratyphi* A, B agus C) a chothaíonn fiabhras tíofóideach. Tarlaíonn tarchur don duine, an cuid is mó don am, trí bianna éillithe a ithe. Tá critéir sábháilteachta bia do Salmonella i Rialachán (CE) 2073/2005 a léiríonn gur chóir go mbeadh sé as-láthair i gcáis, im agus uachtar atá déanta as bainne amh nó ó bhainne atá teas-cóireáilte ag teocht níos ísle ná teocht paistéaracháin agus mar a chéile le huachtar-reoití ach amháin iad siúd atá táirgthe de réir próiseas nó atá comhdhéanta i gcaoi a fhaightear réidh le contúirt *Salmonella.*
Scriosann paistéaracháin *Salmonella.* Sé an conair ghastraistéigeach mamaigh (muca, bólacht), agus éanlaithe (fiáin agus feirme) creimirí agus reiptílí a chothaíonn go príomhúil é. Siad na h-ainmhithe is mó a chothaíonn an chontúirt go mór mhór do tháirgí bainne amh agus is féidir le *Salmonella* i bhfaecas ainmhithe féarach, ithreach agus uisce a lot, trí mhaireachtáil iontu ar feadh roinnt míonna ag cothú deis éillithe timpeallachta. Daoine amháin a chothaíonn contúirt *S. Typhi*.
Tarlaíonn éilliú bainne go hiondúil le linn bleáin trí shalachar ar chraiceann na siní nó sa láithreáin. Tarlaíonn éilliú bainne de bharr ionfhabhtú útha, ach ní an-mhinic. Is féidir táirgí déiríochta a éilliú tré láimhseálaí aisiomptómach atá á iompar, nó uisce éillithe.
Gníomhartha coisctheacha: Chun éilliú bainne agus táirgí déiríochta le *Salmonella* spp a sheachaint, moltar ainmhithe atá breoite a aonrú go hiomlán, córas bainistiú faeces a chur i bhfeidhm chun srian a chur ar scaipeadh an baictéir, an uisce agus an bheatha a chosaint ó éilliú faecach agus éanlaith agus míolra a eisíonn *salmonella* a smachtú. Chun críche, tá dea chleachtais shláinteachais riachtanach le linn táirgeadh agus próiseáil bainne.
to humans occurs mainly through consumption of contaminated foods. There are food safety criteria for *Salmonella* in Regulation (EC) 2073/2005 which set out that it should be absent from cheese, butter and cream made from raw milk or from milk treated at a lower temperature than that of

# Aguisín 1
# ANAILÍS GUAISE

## Eintreatocsain ginte ag Téachtáis-deimhneach Staphylococci (*Staphylococcus aureus* san áireamh)

Is tinnis bia-iompartha de bharr téachtáis-dearfach staphylococci an nimhiú a thagann tar éis bia a ithe ina bhfuil eintreatocsainí Staphyhlococclach (SE) forbartha go dtí ard-leibhéal pataigineach sa bhia sula a n-itear é. Gintear eintreatocsainí Staphyhlococclach nuair a shroicheann líon na eintreatocsainí staphylococci$10^5$-$10^6$ cfu/g, ar a laghad. Is próitéiní theas-dhíonach iad na eintreatocsainí Staphyhlococclach a fhanann nimhneach tar éis don orgánach bás a fháil agus ní féidir é a dí-ghníomhú trí na gnáth modhanna próiseála bia.

Leagann Rialachán (CE) uimh 2073/2005 critéar don próiseas shláinteachais maidir le líon na téachtáis-deimhneach staphylococci nach mhór a thógáil san áireamh ag an bpointe atáthar ag súil go mbeadh líon an pataigín seo ag an leibhéal is airde. Sainmhíníonn Rialachán (CE) 2073/2005 freisin, critéar shábháilteacht bia ag an bpointe a chuirtear táirgí ar an margadh le linn a sheilfré do láithreacht eintreatocsainí staphyhlococclach.
Ba chóir an bia a sheiceáil le haghaidh láithreacht eintreatocsainí nuair a théann líon na téachtáis-deimhneach staphylococci ós cionn 105 cfu / g.

Is baictéir uileláithreach, salainn-fhulangach é staphylococci a mhaireann ar chraiceann, sa mhúcais agus in uachtarach an scornach taobh thiar den srón –an nasopharynx, d'ainmhithe teas fola (mamaigh agus éanlaith) agus go mór mhór sa duine. Tá na staphylococci a ghineann téachtáis ar cheann de na baictéir atá freagrach as maistíteas chliniciúil agus aisiomptómach i athchogantaigh
Siad na príomh fhoinsí éillithe bainne ná:

- ainmhithe galracha (maistíteas chliniciúil nó aisiomptómach)
- siní nuair atá siad méirscreach, scáinte, gonta nó iontaobhaithe
- lámh an crúiteora, agus ní chomh minic sin
- an trealamh crúite

is féidir ainmhithe a ionfhabhtú le linn bleáin ar na bealaí seo: Lámha an déantóir cáise (go mór mhór má tá an craiceann gearrtha, scáinte nó iontaobhaithe), is féidir le srón nó scornach ionfhabhtaithe feidhmiú mar veicteoir do staphylococci i dtáirgí críochnaithe. D'fhéadfadh an trealamh a úsáidtear le linn bleáin, ma tá se truaillithe, a bheith ina veicteoir freisin. Má tá an aigéadú/teachta agus draenáil, smachtaithe go maith, is féidir forbairt téachtáis staphylococci dearfach i gcáis a theorannú, ag brath ar an teicneolaíocht i gceist.

Gníomhartha coisctheacha: Ní mhór na coisctheacha a chomhtháthú:

- rialú agus monatóireacht ar an tsláinteachais tréidliachta (go háirithe maistítis),
- dea chleachtais láimhseála agus glantacháin an trealamh agus an áitreabh táirgthe bainne agus déantús cáise chomh maith le;
- dian shláinteachais pearsanta.

## Víris

Meastar nach gcothaíonn táirgí bainne – go háirithe iad siúd atá coipthe, ar nós cáiseanna mar shampla, ach riosca íseal i tarchur galar víreasach do dhaoine mar nach bhfuil an víris in ann macasamhlú ach amháin taobh istigh den chill óstach. Meastar go rialaíonn na treoracha ar shláinteachais pearsanta, atá leagtha síos ar leathanaigh 11-12, tarchur Noraivíris chomh maith le víris eile a chothaíonn gaistreintríteas víreasach, go héifeachtach.

## Campylobacter

Is féidir le na baictéir seo breoiteachta bia-iompartha bhuinní a chothú agus glactar leis i roinnt Ballstáit mar guais féideartha I mbainne amh óil. Go hiondúil, ní mhéadaíonn sé i mbianna atá stóráilte mar is cóir agus braitheann smachtú na guaise ar éilliú faecach a sheachaint le linn táirgeadh bainne. Nuair nach maraíonn sé i bhfad i cáiseanna, ní mheastar mar guais é.

# Aguisín 1
# ANAILÍS GUAISE

**Chun-chríche**

**Nóta ar na rioscaí a chothaíonn guaiseacha Cheimiceach, Fisiciúil agus Mhicróbacha.**
Ní féidir anailís leath-chainníochtúil guaise a dhéanamh laistigh de threoracha an treoirleabhair seo mar go mbraitheann minicíochta na guaise ar fhachtóirí eile ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus gnó. Tá léiriú ar na guaiseacha is suntasaí, a mheastar ar a uileláithreacht nó ar dhéine a éifeachtaí, le fáil thíos:

**Guaiseacha Cheimiceach is suntasaí:** láithreacht taiscí bhithicidí, cógais tréidliachta agus comhábhair ailléirgeacha bunaithe ar mhinicíocht úsáide.

**Guaiseacha Fhisicúla is suntasaí**: éilliú gloine agus miotal bunaithe ar déine na díobhála.

**Guaiseacha Mhicróbacha is suntasaí**: *Listeria monocytogenes* agus eintreatocsainí ginte ag *Téachtáis-Dearfach Staphylococci* (CPS) agus *Salmonella* (i dtáirgí bainne amh), bunaithe ar an gcritéir atá leagtha síos i Rialachán (CE) 2073/2005.

I gcás teacht chun cinn guaiseacha mhicróbacha nach n-áirítear i Rialachán (CE) 2073/2005 ach atá aitheanta mar suntasach ag roinnt Ballstáit, ní mhór iad a rialú trí an córas bainistíochta shábháilteachta bia, cé nach bhfuil tástáil rialta na guaise (STEC mar shampla) rialaithe de réir an Rialachán seo.

Chomh maith le na guaiseacha mhicróbacha suntasacha a bhaineann le próiseáil bainne, meastar Eitinn agus Brúsalóis a bheith ar na guaiseacha is suntasaí le linn táirgeadh bainne.

# Aguisín 2
# Gluais

**<u>GLUAIS de na príomh Aicearraí a úsáidtear sa cháipéis seo</u>**

Aicearraí luaite i **Dea Chleachtais Mhonaraíochta** agus sna **Pleananna AGPRC-bhunaithe** (ailt III, IV, agus V):
**RD**: Riachtanas Dlí (riachtanais a luaitear sa Rialachán)
**M**: Guais Mhicróbach
**C**: Guais Cheimiceach
**P**: Guais Fhisiciúil

Aicearraí luaite i **Féin- Mhonatóireachta** agus sna hailt **Bainistíocht Neamh-Chomhréireach** (VII agus VIII):
**m**: an méid is lú (méid teoranta) leagtha síos ag an Rialachán seo maidir le critéir mhicrobitheolaíochta
**M**: uas-mhéid
**n**: líon na samplaí den táirge a chaithfear a thástáil ( i gcás tástála mhicróbacha)
**c**: líon uasta na samplaí atá ceadaithe chun toradh a fháil idir **m** agus **M**
**cfu**: "Coilíneachtaí a Chruthaíonn Aonaid ": aonad trína léirítear líon na mbaictéar i sampla

**<u>GLUAIS téarmaí sonracha a bhaineann leis an doiciméad seo</u>**

**<u>Táirgeoirí</u>**
In san cáipéis seo, úsáidtear an focail "táirgeoirí" chun oibreoirí na hearnála; Teach Feirme, Cáis Ceirde agus Táirgí Déiríochta, a ainmniú. Oibríonn siad thar réimse leathan oibríochta ó tháirgeadh bainne go dtí díolachán táirgí atá réidh-le-nithe (feirmeoir, próiseálaí agus díoltóir).
Is bealach eile é chun an coincheap "**oibreoirí gnó bia**" a chur in iúl, a úsáidtear go minic sna Rialacháin.

**<u>Solúbthacht</u>**
Is féidir glacadh le solúbthacht mar deis chun roinnt athrú a dhéanamh leis an pacáiste shláinteachais I gcásanna áirithe, go mór mhór chomh fada is a bhaineann sé le foirgnimh, leagan amach, trealamh agus cleachtais oibríochta (sonraí le fáil alt I den treoirleabhar).
Léirítear gníomhartha solúbthachta sa treoirleabhar mar seo: <u>Solúbthacht i gceist</u>

**<u>CBSB - Córas Bainistíochta Shábháilteachta Bia</u>**
Is comhcheangal é CBSB de Dea Chleachtais Shláinteachais Bia, Dea Chleachtais Mhonaraíochta, Pleananna AGPRC-bhunaithe, inrianaitheacht, pleananna ar ais-tharraingt agus tarraing siar chomh maith le polasaithe bainistíochta eile a chuirtear i bhfeidhm chun sábháilteacht agus sláinteachas I gnó bia a chinntiú.*

**<u>Pleananna AGPRC-bhunaithe (HACCP)</u>**
Is cuid den CBSB iad na Pleananna AGPRC-bhunaithe. Is nósanna imeachta atá i gceist a aithníonn, a mheasann agus a rialaínn guaiseacha suntasacha maidir le sábháilteacht bia i gcomhréir le prionsabail AGPRC.
**AGPRC = Anailís Guaiseacha agus Pointí Rialúcháin Criticiúla.**

**<u>Dea Chleachtais Shláinteachais (DCS), Dea Chleachtais Mhonaraíochta (DCM)</u>**
Is gníomhartha coisctheach agus coinníollacha iad DCS agus DCM atá riachtanach do sábháilteacht bia. *
**<u>Bailíochtú</u>**
S'éard atá i gceist ná a bheith in ann fianaise a thabhairt roimh thús ( nó athrú) próisis, gníomhartha rialaithe atá éifeachtach nuair a chuirtear i gcríoch mar is cóir iad. D'fheadfadh an comhcheangal idir tréimhse agus teocht a úsáidtear le linn cóireáil teasa, nó anailís mhicróbacha, bunaithe ar thorthaí tástála nó tuartha atá doiciméadaithe, a thógáil san áireamh.
**<u>Fíorú</u>** S'éard ata i gceist ná meastóireacht thréimhsiúil ar éifeachtacht na nósanna imeachta AGPRC-bhunaithe atá curtha i bhfeidhm. (tré anailís mhicróbacha ar tháirgí mar shampla). "[3]

---

- [3] Tag: *"treoir dhoiciméad ar chur i bhfeidhm na gcóras bhainistíochta shábháilteachta bia lena gcumhdaítear cláir réamhriachtanais (PRPs) agus nósanna imeachta AGPRC-bhunaithe chomh maith lena éascú/solúbthachta atá ceadaithe i gnólachtaí airithe" – AS SANTE -2016*